



# tuarascáil bhliantúil 15/16


Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

[www.cit.ie](http://www.cit.ie)





***Campas Bhaile an Easpaig CIT***




***Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)***



***Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)***



***Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ)***



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

# tuarascáil bhliantúil 15/16

[www.cit.ie](http://www.cit.ie)

# Stair

---

Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua fairsingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh dioplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteacht Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid, a bhí plódaithe, go dtí Scoil na Foirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar Scoil na Foirgníochta agus Innealtóireachta Leictrí a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúr a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallaíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballraíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallaíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpaig go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuairoteoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na nInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Coláiste a athainmniú mar “Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí”.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar CIT agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Diplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarmligeán údarás d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidígh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligeán don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQAI) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligeán dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligeán d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligeán le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá incomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d’ardchaighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraíthe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí

agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Príobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreach na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide [www.cit.ie](http://www.cit.ie) a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal breise a raibh mar chuspóir leo seirbhísí thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne ([gateway.cit.ie](http://gateway.cit.ie)) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn ([www.mycit.com](http://www.mycit.com)) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronnóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printíseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpaig. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'Institiúidí tríú Leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad foirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistíú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtír, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le blianta beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chlár acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

## Misean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

### Ár Misean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

**Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.**

### Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh...

- Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT
- Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh
- Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas
- Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta

### Ár bhFís

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uailmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, mar atá:

**Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírthe a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticíúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.**

### Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

### An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

*Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.*

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí  
Cork Institute of Technology





# Clár na n-Ábhar

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Leathanach

<b>1</b>	<b>Réamhrá</b>	
1.1	Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2	Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3	Ráiteas Maidir le Comhionannas	19
1.4	Gaeilge & Cultúr	20
1.5	Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	21
1.6	Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	24
1.7	Forbairt Saoráidí Spóirt	29
<b>2</b>	<b>Rialachas</b>	
2.1	Ráiteas Bliantúil Maidir le Rialachas 2015/2016	34
2.2	Ballraíocht an Bhord Rialaithe	40
2.3	Cruinnithe an Bhord Rialaithe	41
2.4	Costais an Bhord Rialaithe	42
2.5	Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	43
2.6	Foireann Shinsearach na hInstitiúide	44
<b>3</b>	<b>Gnóthaí Acadúla &amp; Mic Léinn</b>	
3.1	Ballraíocht na Comhairle Acadúla	50
3.2	Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	55
3.3	Coistí na Comhairle Acadúla	56
3.4	Forbairt Acadúil	57
3.5	Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	58
3.6	Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Cúrsaí Ceardaíochta	67
3.7	Cúrsaí Faofa - Páirtaimseartha	68
3.8	Údaráis Bhailíochtaithe	77
3.9	Scrúdaitheoirí Seachtracha	78
3.10	Staitisticí Mic Léinn	92
3.11	Éachtaí agus Duaiseanna Mic Léinn agus Céimí	96
3.12	Ombudsman na Mac Léinn	109
3.13	Tuarascáil ar Rochtain	110
<b>4</b>	<b>Taighde, Nuálaíocht agus Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach, Gníomhaíochtaí Alumni agus Idirnáisiúnta agus AE</b>	
4.1	Taighde	116
4.2	Foilseacháin Taighde	119
4.3	Nuálaíocht agus Fiontraíocht	129
4.4	Rannpháirtíocht Sheachtrach	132
4.5	Rannpháirtíocht Alumni	134
4.6	Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	137
<b>5</b>	<b>Acmhainní Daonna</b>	
5.1	Tuarascáil Acmhainní Daonna	140
5.2	Líon na Foirne	141
5.3	Éachtaí na Foirne	143
<b>6</b>	<b>Tuarascáil Airgeadais</b>	
6.1	Tuarascáil Airgeadais	148
6.2	Cuntais Iniúchta	150
<b>7</b>	<b>Faisnéis Eile</b>	
7.1	Nuacht & Imeachtaí	184
7.2	Forbairt Campais	194
7.3	Bainistíú ar Sábháilteacht Saoráidí	201
7.4	Pointí Teagmhála	203



FHOIRGNEAMH CREATE, CAMPAS BHAILE AN EASPAIG CIT

# 1. Réamhrá

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas Maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

## 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is cúis gliondair dom an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2015/2016 a chur i láthair. Leanann CIT ar aghaidh i dtreo a misean an t-oideachas neach léinn-láraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Is í seo an cúigiú bliain dom sa ról seo agus ba mhór an phribhléid agus an onóir dom a bheith gafa leis an institiúid an-tábhachtach seo.

Is ábhar bróid agus ríméid do mo chomhghobharnóirí agus dom féin gur ainmníodh an Institiúid “Sunday Times Institute of Technology of the Year” den tríú huair. Is aitheantas é an gradam seo ar ghairmiúlacht agus tiomantas na foirne agus dearbhaíonn sé cáilíocht na mac léinn agus na gcéimithe. D’áirigh U-Multirank CIT i measc an 10% is airde d’institiúidí ardoideachais na hEorpa, na haicmí ardoideachais atá urraithe ag Coimisiún na hEorpa.

Bhí seoladh Straitéis Taighde & Nuálaíochta 2015-2016 ar cheann de bhuaicphointí na bliana agus deimhníonn sé seasamh CIT mar thiomántán d’fhorbairt oideachais agus eacnamaíochta sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Léiríonn éachtaí na mac léinn i gcomórtais sheachtracha ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta a dtiomantas agus a ndíocas mar aon leis na baill foirne a thacaíonn leo. Tá mo chomhghobharnóirí agus mé féin an-bhródúil as ár mic léinn a bhfuil cáil i bhfad is i ngar orthu as a a gcuid oibre nuálaíche.

Imríonn cúrsaí ealaíne agus cultúir ról ríthábhachtach san Institiúid agus is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Oifig Ealaíon a dtuilleann a gcuid iarrachtaí ar mhaithe le forbairt na healaíne mar dhlúthchuid de shaol na mac léinn moladh. B’iontach go deimhin an bhliain í don spórt den uile chineál agus ní mór éacht iontach Gary O’Donovan agus a dheartháir Paul sna Cluichí Oilimpeacha 2016 i Rio a lua go speisialta. Tréaslaím leo go léir agus guím gach rath orthu sa bhliain seo romhainn. Caithfidh mé comhghairdeas a dhéanamh freisin le hAontas na Mac Léinn as an tsuim shuntasach airgid a bhailigh siad le linn Seachtain Phléarácaim.

Rinne CIT aighneacht faoi Thimthriall 3 de phróiseas Comhrá Straitéiseach an ÚAO. Chuir an Institiúid tús freisin leis an bpróiseas a bhaineann lena Plean Straitéiseach nua a chur in eagar chun an tréimhse 2017 go 2022 a chuimsiú.

Leantar den turas go dtí Ollscoil Teicneolaíochta. Táimid ag fanacht go rachaidh Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta trí Thithe an Oireachtais le gur féidir le comhpháirtithe OTM leanúint dá slí go dtí cur i bhfeidhm iomlán an tionscadail.

Mar bhuille scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht Shinsearach agus leis an bhFoireann as a dtiomantas agus an obair chrua le linn 2015/2016. Is onóir dom i gcónaí a bheith ag obair in éineacht libh go léir.

**Bob Savage**  
Cathaoirleach

## 1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an dara bliain déag san oifig dom agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán a aibhsíonn cuid d'éachtaí CIT in 2015/16:

### A. Gnóthaí Acadúla

Ainmníodh CIT mar “Sunday Times Institute of Technology of the Year” do 2016. Is é seo an tríú huair a bhfuair CIT an gradam seo. D’áirigh U-Multirank CIT i measc an 10% is airde d’institiúidí ardoideachais na hEorpa, na haicmí ardoideachais atá urraithe ag Coimisiún na hEorpa. Ghnóthaigh ár gcuid mac léinn agus ár gcéimithe ilghradaim, ar a n-áirítear an Duais Eorpach don Nuálaí Mic Léinn faoi dhó.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh na Dámhe Innealtóireachta & Eolaíochta agus Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford ar 30 Deireadh Fómhair agus fuair 1,000 réamhchéimí a gcuid pár.

Bhí Bronntaí Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl don Dámh Ghnó & Daonnachtaí ar 2 Samhain agus fuair 1,433 réamhchéimí a gcuid pár.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile do Cheolscoil Chorcaí agus Lárionad Oideachas Ailtireachta Chorcaí ar 5 Samhain. Fuair 54 réamhchéimí a gcuid pár ó CSC CIT agus 49 réamhchéimí ó LOAC mar chomhbhronnadh dámhachtainí.

Bhí searmanas ar siúl mar ócáid chun aitheantas a thabhairt do chruthú chéad Comhalta Emeriti de chuid na hInstitiúide (tríocha ball foirne sinsearach ar scor) ar 27 Samhain.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh ar siúl i gCNMÉ ar 18 Feabhra. Dhá sheisiún bronnta a bhí ann a raibh san áireamh iontu bronnadh bliantúil Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Fuair 101 réamhchéimí ar fad a gcuid pár agus trí Mháistir taighde agus dhá PhD san áireamh. Ag an mBronnadh freisin bhí an chéad réamhchéimí PhD ón Roinn Turasóireachta & Fáilteachais, an Dr Lisa Marie O’Riordan.

Bhunaigh an tÚAO Grúpa Oibre in 2014 chun sraith prionsabal a fhorbairt d’fhonn cuidiú le hInstitiúidí ardoideachais feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mac léinn. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar 14 Aibreán agus thug sí aitheantas do shaineolas CIT i réimse na rannpháirtíochta mic léinn trí CIT a roghnú mar Institiúid treorach phíolótach don Tionscadal Náisiúnta Rannpháirtíochta Mic Léinn de chuid an ÚAO, QQI agus USI.

D’oscail Seán Sherlock TD SciFest 2016 in Halla Nexus ar 22 Aibreán. Is féile eolaíochta é SciFest a eagraítear go réigiúnach i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus é ar oscailt do gach scoil dara leibhéal. Thug toscaireacht de 18 bpríomhoide scoile as Ollscoil California Theas cuairt ar CIT agus rinne freastal ar SciFest 2016, áit ar bhuail siad le mic léinn taispeántais agus múinteoirí agus rinne siad teagmháil le hurraithe tionsclaíochta. Bhí siad in Éirinn chun taighde a dhéanamh ar SciFest agus conas a théann rannpháirtíocht i SciFest agus Aontaí Eolaíochta i gcoitinne i bhfeidhm ar dhearcadh mhac léinn agus múinteoirí maidir le teagasc agus foghlaim STEM.

Thug toscaireacht ó Instituto Politécnico de Setúbal na Portaingéile (IPS) cuairt ar an Institiúid ar 28 Aibreán. Ba é a bhí mar aidhm ag an gcuairt tús a chur le comhoibriú idir IPS agus CIT i réimsí difriúla comhleasa agus le Comhaontú déthaobhach Erasmus a shíniú.

Ar 13 Bealtaine, chuir CNMÉ fáilte roimh Chónaidhm Chumainn Máistrí Loinge na hEorpa (CESMA) chuig CNMÉ le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht Loinge. Rinne toscairí as 14 tír freastal ar an imeacht. Ar na cainteoirí bhí an Captaen Robert McCabe, Uachtarán Institiúid na Mara (7,000 ball ar fud an doimhain), an Captaen Ulf Sveberg, ball de Riarachán Muirí na Sualainne, agus an Dr Paul Liston, léachtóir a bhfuil cáil dhomhanda air as Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Díodóir Muirí na Bliana.

Ar 16 Bealtaine, chuir Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta fáilte roimh 80 mac léinn ar an gcampas le haghaidh chlár Idirbhliana “Engineering Your Future”. Clár teagmhálach a sheas ar feadh seachtaine é seo a fuair tacaíocht ó chlár STEPS Innealtóirí Éireann le haghaidh mac léinn Idirbhliana, agus é ceaptha le buneolas a thabhairt dóibh ar dhomhan spreagúil agus éagsúil na hInnealtóireachta.

Rinne an Ró-Onórach, Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Chris O’Leary freastal ar shártheaspántas an Chlár Gníomhaíochta um Fhiontraíocht Shinsearach ar 31 Bealtaine agus bhronn teastais comhlíonta ar na rannpháirtithe.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamhraidh ar siúl i gCNMÉ ar 20 Meitheamh agus fuair 88 réamhchéimí a gcuid pár.

Tá roinnt comhoibrithe bunaithe ag an Institiúid le hOllscoileanna Idirnáisiúnta chun deiseanna oideachais, oiliúna agus taighde a chur ar fáil do mhic léinn i raon disciplíní agus sainréimsí ar a n-áirítear clár mhalairte. Sa liosta thíos tá Comhaontuithe/MT a síníodh le linn na bliana acadúla seo:

1. Coláiste Niagara, Ceanadsa
2. Polaiteicnic Déiríochta & Bia (DFP), Ríocht na hAraibe Sáidí
3. Coláiste Fanshawe Ealaíon Feidhmeach agus Teicneolaíochta, London, Ontario, Ceanada
4. Coláiste Fanshawe, Ontario, i réimse na hInnealtóireachta Sibhialta/Struchtúrtha
5. Coláiste Ollscoile Tunku Abdul Rahman (Tar UC), an Mhalaeisia
6. Ollscoil UCSI, an Mhalaeisia
7. Universiti Tenaga Nasional (UNITEN), an Mhalaeisia
8. Ollscoil Shanghai Jian Qiao, an tSín
9. Ollscoil Eacnamaíochta – Ollscoil Danang, Vietnam

## B. Éachtaí agus Gradaim na Mac Léinn

D’fhógair Dámhachtainí Fochéime (UA) a gcuid Buaiteoirí agus Iontrálaithe Ardmholta do 2015. I mbliana chonacthas an chéad Bhuaitheoir Cláir de chuid CIT sa chomórtas, mar aon le triúr mac léinn a moladh go hard ina gcatagóirí. Agus é luaite mar an sársheimpín d’fhochéimithe d’ardchumas, agus mar “Dhuais Nobel Shóisearach” go minic, is iad na Dámhachtainí Fochéime an clár dámhachtainí acadúla is mó ar domhan, a aithníonn bunobair taighde den scoth sna heolaíochtaí, daonnachtaí, i ngnó agus sna healaíona cruthaitheacha.

Tháinig Aisling Quill, mac léinn 4ú Bliain sa Bhaitisiléar Gnó i dTurasóireacht ar ais go buach ar 14 Deireadh Fómhair tar éis di a bheith sa triúr is airde ina catagóir comórtais ag na comórtais AEHT bliantúil (Cumann Scoileanna Óstáin agus Turasóireachta na hEorpa) a tionóladh in Cervia na hIodáil.

Bhí Gradaim Bliantúla Ceoiliscoil Chorcaí ar siúl ar 22 Deireadh Fómhair agus 5 Samhain. Bronnadh ocht ngradaim is tríocha.

Reáchtáladh Gradaim Bliantúla na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí 2015 ar 29 Deireadh Fómhair agus bronnadh 55 gradam ar na céimithe is fearr ó na Scoileanna Gnó agus Daonnachtaí.

Bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O’Sullivan TD, agus an Dr Pádraig Walsh, Príomhfheidhmeannach QQI, teastas cuimhneacháin ar an réamhchéimí Ruth O’Donnell mar aitheantas ar a PhD a bronnadh uirthi le déanaí. Bronnadh teastais chuimhneacháin ar roinnt foghlaimoirí go náisiúnta a sheas do na deich leibhéal (Leibhéal 1 – 10) ag a mbronnann QQI dámhachtainí. Ba í Ruth ionadaí leibhéal 10 agus an t-aon fhaighteoir a bhí ag CIT.

Reáchtáladh Bronnadh Bliantúil Duaiseanna na hInstitiúide (in onóir d’ár gcéimithe den scoth in 2015) ar 23 Samhain. Bronnadh gradaim ar seacht gcéimí déag.

Ar 17 Samhain, ghnóthaigh triúr mac léinn Ailtireachta Intí CIT na gradaim is airde i gComórtas Náisiúnta Dearaidh a reáchtáil Orangebox Furniture. Dearann agus déanann Orangebox suíochánra comhaimseartha oifige don chomhshaol tráchtála.

Bhí Comórtas Náisiúnta Scileanna Éireann 2016 ar siúl in CIT ó 7 – 11 Nollaig. Bronnadh trófaithe ar na buaiteoirí sna scileanna éagsúla ag an Searmanas Gradaim ar 11 Nollaig 2015.

Ghnóthaigh Kieran Ward, céimí 2015 den BEng in Innealtóireacht Struchtúrtha Duais an Mhic Léinn de chuid Institiúid Innealtóirí Struchtúrtha na hÉireann (Réigiún Phoblacht na hÉireann) do Thionscadal na Bliana Deiridh i réimse na hInnealtóireachta Struchtúrtha.

Ar 22 Feabhra, fógraíodh Kevin Janssen atá cúig bliana déag d’aois mar chomhbhuaitheoir an Prix Thierry Scherz ag féile na Sommets Musicaux de Gstaad san Eilbhéis. Ba é an rannpháirtí ba óige é agus tá cuid de na rannpháirtithe eile i mbun slite beatha gairmiúla cheana féin mar cheoltóirí.

Bronnadh Scoláireachtaí RÍSAM CIT ar 29 Feabhra agus bronnadh deich scoláireacht PhD ar mhic léinn rathúla. D'fhorbair Scoil an Léann Céimí tionscnamh RÍSAM chun cur le tiomantas CIT d'oideachas PhD agus chun tacú le taighde.

Ba é Vincent Forde, mac léinn sa 3ú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil, buaiteoir Craobhchomórtais Accenture Leaders of Tomorrow 2016 a tionóladh ar 2 Márta.

Thug Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta in CIT aitheantas d'éachtaí gairmiúla Brendan O'Regan, Bunaitheoir agus Cathaoirleach Feidhmeach Zenith Technologies. Fuair sé Gradam Éachta Céimí STEM de chuid na Dáimhe. Bhí Brendan ar dhuine de chéad chéimithe ar an gclár Físic Ionstraimeach de chuid CIT agus chuaigh sé ar aghaidh chun céim a fháil ó Scoil Ghnó Stanford.

Ghnóthaigh Caoimhe Lynch, céimí 2015 den BSc (Onór) in Eolaíocht Bithleighis Duais Uachtarán Acadamh na hEolaíochta Leighis Cliniciúil agus Saotharlainne Bithleighis (ACSLM) don Thionscadal Taighde na Bliana Deiridh ab fhearr i réimse na hEolaíochta Bithleighis ag searmanas san RDS i mBaile Átha Cliath. Bhí sí ar dhuine den seisear mac léinn a roghnaíodh go náisiúnta le bheith san iomaíocht le haghaidh Duais an Uachtaráin.

Ghnóthaigh Damien Dennehy, BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil, an chéad chraobhíomaitheoir de chuid CIT i gCraobhchomórtais Gradaim Universal Design Grand Challenge, a bhí ar siúl ar 26 Bealtaine dhá ghradam dearaidh.

### C. Gnóthaí Straitéiseacha

Lean CIT de bheith ag feidhmiú go maith i dtaca leis an gComhaontú Miseanbhunaithe a aontaíodh leis an ÚAO. Rinne CIT aighneacht faoi Thimthriall 3 den chlár agus tugann an t-aischothú tosaigh le tuiscint go leanann an Institiúid de bheith ag feidhmiú de réir na spriocanna.

Chuir CIT tús leis an bpróiseas i dtreo Plean Straitéiseach nua a eagrú chun an tréimhse 2017 go 2022 a chuimsiú. Lena chois sin, tá athbhreithniú inmheánach cuimsitheach den phróiseas bainistíochta straitéisí ar siúl.

Leanann tionscnaimh straitéiseacha de bheith dúshlánach i gcónaí sa staid eacnamaíochta reatha áit a bhfuil an tArdoideachas i gcoitinne, agus CIT go sonrath, tearcmhaoinithe go sonrath.

### D. Cúrsaí Foirne

Ceapadh Catherine Murphy Uas. ina Ceann ar an Roinn Cuntasáíochta & Córas Faisnéise le héifeacht ó 1 Meán Fómhair.

Ceapadh Caroline O'Reilly Uas. ina Ceann ar an Roinn Bainistíochta & Fiontair le héifeacht ó 1 Meán Fómhair.

Bhí ócáid scoir ar siúl ar 8 Aibreán chun dea-mhéin a chur in iúl do na baill foirne a chuaigh ar scor ó Eanáir 2015 go hEanáir 2016.

### E. Ealaíona agus Cultúr

Bhí Aonach Bliantúil Nollag CIT ar siúl ar 2 agus 3 Nollaig. Ghlac 30 stalla a bhí lán d'fhéiríní, ceardaíochtaí, bia agus siamsaíocht a rinneadh go háitiúil páirt. Tugadh an teacht isteach ón gcrannchur do chúis fhiúntach – Penny Dinners Chorcaí.

Bhí Seachtain Pléaracaim (RAG) bliantúil CIT ar siúl ó 8 – 12 Feabhra agus bailíodh €14,000 le haghaidh carthanais fiúntach.

Rinne na mic léinn Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta a cheiliúradh ar 2 Márta agus lena linn ghlac mic léinn idirnáisiúnta CIT páirt i raon leathan imeachtaí sóisialta agus cultúrtha i suíomhanna éagsúla campais CIT. Tá níos mó ná 1,100 mac léinn idirnáisiúnta in CIT as thart ar 125 tír.

D'óstaigh Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford an Siompóisiam MAKE 2016: Objects and Revolution ar 5 Márta i gCeolscoil Chorcaí CIT. Bhí MAKE 2016 ar an tríú sraith de Shíompóisiam bhliantúla a rinne iniúchadh ar cheisteanna a bhaineann le déanamh agus ábhar. Rinne sé comóradh céad bliain Éirí Amach 1916 in Éirinn a onóru trí ról nithe i dtráma agus athrú pearsanta agus polaitíochta a scrúdú.

Ar 30 Márta, roghnaíodh péintéireacht le céimí CDEC CIT, Gentian Lulanaj, le haghaidh taispeántais mhórchlú atá ag teacht ag Gradaim Portráide BP sa Dánlann Náisiúnta Portráidí ó 23 Meitheamh – 4 Meán Fómhair.

Bhí Gradaim Chumainn & Gníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl ar 5 Aibreán agus bronnadh ocht ngradam cumainn agus sé ghradam aonair.

Bhí an 2ú féile réamhscrúduithe deireadh bliana Eclectic Picnic Bliantúil ar siúl ar 21 Aibreán sa Chúirt Chiorclach, Campas Bhaile an Easpaig, a chuir Oifig Ealaíon CIT agus Aontas Mac Léinn CIT ar fáil le tacaíocht ó mhic léinn agus baill foirne as CIT uile.

Oibríonn Oifig Ealaíon CIT i gcomhar le mic léinn agus baill foirne i bhforbairt agus tacú le tionscadail a bhfuil baint acu leis na healaíona agus chun gníomhaíochtaí ealaíne a chur chun cinn i ngach campas. Aithníonn CIT, le hais fhorbairt acadúil na mac léinn, go mba chóir do na healaíona a bheith ina ndlúthchuid den saol le haghaidh mac léinn agus baill foirne agus tá cistí suntasacha infheistithe acu chun Amharclanna Léirithe gairmiúla agus Spásanna Taispeántais tiomanta a fhorbairt ar a gcuid campas.

Tá Grúpa Oibre á bhunú chun Plean Straitéiseach a thiomsú do na cúig bliana ó 2016 go 2021 le haghaidh na nEalaíon ar Champais CIT. Cuimseoidh paraiméadair ghinearálta an phlean seo Gníomhaíochtaí Ealaíne agus Daoine Aonair ar féidir a chorprú isteach i bPlean Straitéiseach CIT.

## F. Spórt

Bhí roinnt sárachtaí ag an Institiúid don bhliain acadúil seo ar a n-áirítear:

Buanna móra i gcúrsaí Spóirt agus go Domhanda ag deireadh seachtaine an 31 Deireadh Fómhair.

- Ag 30ú “Comórtas Oscailte Chill Chainnigh” in O’Loughlin Gaels, ghnóthaigh Conor Skehan (mac léinn in Innealtóireacht Mheicniúil Bliain 3) Comórtas Dúbailte Oscailte na bhFear agus bhí Stephen Quinn (mac léinn i Staidéar Gnó Bliain 1) sa dara háit sa Chomórtas Singil Oscailte.
- Bhí Laura O’Riordan, mac léinn in Oideachas Luathóige Bliain 4 san iomaíocht san ardú chun leise gróigthe agus san ardú ó bhinse ag Craobhchomórtais Tréantógála Meáchan an Domhain sa tSicil. Bhuaigh sí an 1ú háit fhoriomlán i gcatagóir 55kg agus bhí 305kg aici do na trí ardú.

Bhí Tráthnóna Bronnta Scoláireachtaí Spóirt CIT ar siúl ar 1 Nollaig. Bronnadh scoláireacht ar 97 lúthchleasaí, as 18 spórt dhifriúla, ag an imeacht.

Chun Deireadh Seachtaine Chorn Fitzgibbon an Independent ag Club Iománaíochta Mic Léinn in CIT bhí ar siúl ó 26 go 27 Feabhra a cheiliúradh, d’óstaigh an Institiúid Dinnéar ar 26 Feabhra. Bhí an tArd-Mhéara i láthair mar aon le cuid mhaith daoine mór le rá as saol an spóirt.

Agus iad san iomaíocht, ghnóthaigh Club Seoltóireachta CIT Comórtas Luamhaireachta Mic Léinn IUSA ag Club Luamhaireachta Bhinn Éadair, Baile Átha Cliath, ar 8 Aibreán.

Rinne Foireann Lúthchleasaíochta CIT an-iomaíocht ar 15 agus 16 Aibreán ag Craobhchomórtais Idir-ollscoile raoin is faiche i mBaile Átha Cliath agus thug 6 bhonn abhaile leo go Corcaigh.

Bhí Gradaim Spóirt CIT ar siúl ar 26 Aibreán agus thug an t-imeacht seo deis iontach don Institiúid aitheantas a thabhairt do na mic léinn a bhain barr feabhais amach sa spórt a bhí roghnaithe acu ar feadh na bliana.

Rinne cúigear Lúthchleasaí de chuid CIT ionadaíocht d’Éireann ar 28 Bealtaine sna comórtais Ollscoileanna Idirnáisiúnta SUCA/IUAA in Airéana Lúthchleasaíochta Ayrshire, Albain. Bhí 50 de na lúthchleasaithe ab fhearr in Éirinn, as 22 Ollscoil agus Institiúidí, in iomaíocht leis an 50 ab fhearr as Albain.

Ghnóthaigh Pearse O’Flynn, mac léinn 4ú Bliain i gCórais Faisnéise Gnó “Gradam Ceannaireachta Spóirt Mic Léinn na hÉireann” a bronnadh air ar 8 Meitheamh. Is gradam ardchlú é seo agus is é an t-aon Ghradam Ceannaireachta a bhronnann SSI in aghaidh na bliana.

Sciob CIT an phríomhdhuais agus trí Ghradam Fiúntais Éachta ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Ghradaim Fiontraí Mic Léinn de chuid Fiontar Éireann 2016 a reáchtáladh ar 8 agus 9 Meitheamh.

Comhghairdeas le Gary O’Donovan chomh maith lena dheartháir Paul as an éacht nuair a bhuaigh siad bonn airgid i gcomórtas céaslaire éadrom beirte na bhfear ag Cluichí Oilimpeacha Rio 2016. Níos luaithe sa bhliain bronnadh Gradam Éachta Idirnáisiúnta ar Gary, a bhfuil Céim Onóracha i nGnó curtha i gcrích aige in CIT, ag Searmanas na nGradam Bliantúil Spóirt de chuid CIT. In éineacht lena dheartháir, rinne sé ionadaíocht d’Éirinn ó 2008 agus is curaidh náisiúnta iad.



## G. Nuálaíocht agus Taighde

Sheol an Institiúid a Straitéis Taighde & Nuálaíochta 2015-2016 ar 3 Nollaig. Tháinig méadú faoi dhó ar ghníomhaíochtaí Taighde & Nuálaíochta CIT ó seoladh an straitéis chuimsitheach roimhe sin in 2007. Caitear €20m ar thaighde faoi láthair, tá breis is 200 mac léinn iarchéime taighde againn agus 100 taighdeoir conartha agus tá dhá fhoirgneamh nua taighde againn, agus spreagann siad sin go léir taighde agus nuálaíocht thar agus idir disciplíní. Gach bliain cuirimid conarthaí taighde le breis is 120 cuideachta i gcrích. Cuimsíonn na diminsin idirnáisiúnta atá ag ár dtaighde agus nuálaíocht comhoibreoirí as ollscoileanna den ghrád is airde san Eoraip, na SA agus an Áise. Cé go leanann ár lárionaid bhunaithe barr feabhais i réimsí tosaíochta de bheith faoi bhláth i gcónaí, tá méadú curtha againn le réim ár ngníomhaíochtaí ar fud na hInstitiúide. Is sna réimsí leathnaithe sin i nGnó, Daonnachtaí agus Ealaíona Cruthaitheacha agus Léirithe a fheicimid cheana féin fás suntasach.

Tabharfaidh an straitéis taighde agus nuálaíochta nua an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ar aghaidh go dtí leibhéal nua, chun eolas agus tuiscint a chruthú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe lenár mic léinn, na páirtithe leasmhara agus na pobail a dtéimid i ngleic leo agus a n-imrímid tionchar orthu. Cuirfidh iarrachtaí ár bpobal taighde feabhas ar cháilíocht na beatha trí fhionnachtain, craobhscaoileadh, iniúchadh agus cur i ngníomh taighde agus nuálaíochta agus cuirfidh tuilleadh le cumas iomaíochta tionscail, agus sinn ag cabhrú leo chun bheith rathúil in áit an mhargaidh dhomhanda trí leas a bhaint as ár dtuiscint ar an gcomhshaol gnó ina n-oibríonn siad. Bíodh go bhfuil spriocanna dúshlánacha leagtha síos againn dúinn féin, tá muinín agam go mbainfidh amach iad trí chomhghairmiúlacht, spreagadh agus obair chrua na foirne agus na mac léinn.

Sciob CIT an chéad duais ag Comhdháil RENT 2015 XXIX Research and Entrepreneurship a bhí ar siúl in Zagreb na Cróite ó 18 – 20 Samhain. Chuir Sarah Davis agus an Dr Breda Kenny ó Lárionad Hincks don Bharr Feabhais i bhFiontraíocht, páipéar dar teideal “Development of the ICT Industry in Ireland 1960 – 2010: A Retrospective Roadmap”.

I dtéarmaí Gníomhaíochta Rannpháirtíochta Taighde, tá CIT i dtús cadhnaíochta í bhforbairt polasaí agus cleachtais in idirghníomhaíochtaí rannpháirtíochta. Ní beag an bhaint a bhí ag obair na dtionscadal Oideachais agus Fostaíochta, atá á stiúradh ag CIT, agus REAP le húsáid an téarma “rannpháirtíocht fiontair” atá ag dul i méid i gcáipéisíocht QQI agus an ÚAO. Feictear CIT mar threoraí smaointeoireachta sa spás sin, i ngeall ar raon na n-aschur acadúil ar a n-áirítear na páipéir a cuireadh i láthair ag roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta (Berlin, Barcelona, Gaillimh agus Varsá).

Thug Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, cuairt ar Lárionad Rubicon le linn an tsamhraidh chun bualadh le roinnt cuideachtaí Rubicon agus leis na mic léinn atá páirteach sa chlár Student Inc.

Thug Damien English TD, Aire Stáit do Scileanna, Taighde & Nuálaíocht, cuairt ar Lárionad Rubicon faoi dhó le linn an tsamhraidh chun

- (i) An “Pas i Scileanna Nuálaíochta & Fiontraíochta” a sheoladh, arna fhorbairt ag Lárionad Hincks i gcomhar le Start-Up Ireland. Is réamheolas ar leibhéal iontrála, cumasbhunaithe é an pas d’fhorbairt na bpríomhscileanna beatha fiontraíochta, atá riachtanach don ‘gheilleagar nua’ réimse na nuálaíochta agus na fiontraíochta.
- (ii) Bualadh le mic léinn CIT atá páirteach sa chlár Student Inc agus fuair na mic léinn deis a gcuid smaointe gnó a chur faoi bhráid an Aire.

Reáchtáladh Fóram Thionscal Muirí na hÉireann 2015 ag an gCNMÉ ar 25 Meán Fómhair. Rinne an mórfhóram seo scrúdú ar na deiseanna atá laistigh den earnáil agus dhírigh ar na príomhthiomántáin atá le hathrú a chur ar an earnáil sa todhchaí.

Fuair Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe deontas de €200,000 ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann sa bhabhta le deireanas ina gcuid deontas Discover. Rinne an Aire Stáit do Scileanna, Taighde & Nuálaíocht, Damien English TD an fógra ag cruinniú de na hiarratasóirí i dTeach Farmleigh ar 21 Eanáir.

Ghnóthaigh Oifig Idirnáisiúnta CIT dhá Scoláireacht Rialtais na hÉireann, ceann do Vietnam agus an ceann eile don India. Sa dá chás ní mór don iarratasóir teacht go CIT chun staidéar ag leibhéal Máistir a dhéanamh.

Chuaigh an Dr William Whelan-Curtin le CIT mar bhall nua foirne agus thug sé leis €1.2m de mhaoiniú ar a n-áirítear deontas tosaithe ó Chomhairle Taighde na hEorpa atá mórchlúiteach. Aithnítear Chomhairle Taighde na hEorpa mar an fhoinse mhaoinithe is mó a bhfuil meas air le haghaidh “taighde teorann”. Tá a chuid taighde bunaithe ar ábhair nanastruchtúrtha atá á n-úsáid aige chun naisc nua sonraí optacha atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de a chruthú. Beidh a ghrúpa taighde de sheachtar bunaithe san fhoirgneamh CREATE, áit a ndearfaidh agus a shainithneoidh siad feistí nuálacha. Bhí an Dr Whelan-Curtin ina léachtóir i Nanafhótónaic ag Ollscoil Naomh Aindriú in Albain. Is aitheantas é a chinneadh athlonnú go CIT ar an neart iomaíoch go hidirnáisiúnta i dtaighde fótónaice atá in Éirinn ina hiomláine agus i CIT ach go háirithe.

Bhí an rath ar thaighdeoirí CIT go dtí seo i roinnt iarratas maoinithe Horizon 2020, agus breis is dhá mhiliún euro faighte go dtí seo ag CIT, go mór mór i réimsí a bhaineann le TFC. Tá cúig bliana eile fágtha sa chlár seo. Le go n-éireoidh le hinstitiúid amhail CIT san airéana an-iomaíoch seo, bíonn cáilíocht ár gcuid comhoibrithe ríthábhachtach. Ba iad na comhpháirtíochtaí le hollscoileanna eile agus le haonáin taighde, amhail Teagasc, agus an tionsclaíocht ba chúis leo sin agus le rathanna eile, mar aon le haitheantas méadaithe ní amháin ar ár mór-lárionad taighde amháin ach freisin ar roinnt taighdeoirí aonair le linn na bliana seo caite. Is breá an rud é aonáin taighde a fheiceáil ag teacht chun cinn agus iad ag forbairt ina tairseach chriticiúil agus ráchairt orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

#### **H. An Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas**

Ar 3 Nollaig 2015, d'fhógair Jan O'Sullivan TD, Aire Oideachais agus Scileanna, go raibh foilsíú an Bhille Ollscoileanna Teicneolaíochta 2015 faofa ag an Rialtas. Is cloch mhíle shuntasach é foilsíú an Bhille sa phróiseas i dtreo a bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta (OT). Cuirfidh an Bille an próiseas agus na critéir le bheith ainmnithe mar OT ar bhonn foirmiúil chomh maith le creat reachtach a sholáthar don chumasc.

Níor chríochnaigh an Bille um Ollscoileanna Teicneolaíochta a bhealach trí Thithe an Oireachtais roimh dhíscaoileadh an 31ú Dáil ar 3 Feabhra 2016. Tar éis an Olltoghcháin agus foirmiú Rialtais glacadh le rún an Bhille a athréimniú ag céim an choiste. I ndiaidh an rúin sin, táimid ag fanacht go dtabharfar an Bille isteach arís.

Leithdháileadh €1.2m do thionscadal Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM) in 2016 chun an obair is gá le cumasc agus ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta a bhaint amach. Tá na páirtithe OTM ag leanacht ar aghaidh leis an obair thionscadail de réir mar is féidir ach is céim ríthábhachtach eile é rith an Bille OT chun lígean do lánfheidhmiú an tionscadail.

**An Dr Brendan J. Murphy**  
**Uachtarán**

### 1.3 Ráiteas Maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas an chomhionannais laistigh den Institiúid.

## 1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

## 1.5 Maidir le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre príomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbuachbhailte thiar Chathair Chorcaí

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí

Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

### Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus an Leas-Uachtaráin d'Airgeadas & Riarachán.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

### Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900aidí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearadh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.


### Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSC CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirilísí, Cnaguirilísí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.


### Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ)

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingeas tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (1 de 2)



1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (2 de 2)



## 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

*Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha*

### 1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)

Trí bhíthin RCCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na HInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

### 2. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid is ag, nó i gcomhar le, rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadhbheathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionsclaíochta.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt don tionsclaíocht, don rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta níos fearr. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrúin táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthigh, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go dtí “táirgeacht inbhuanaithe” a bhfuil san áireamh inti gnéithe amháil freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad barr feabhais i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige choisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil chun cinn in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíochta. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarás áitiúla, áisíneachtaí náisiúnta agus Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúrtóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiúin na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

### 3. Lárionad CREATE

Osclaíodh Lárionad CREATE go hoifigiúil ar 6 Meitheamh 2014. Maoinítear é tríd an ÚAO faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú-Leibhéal, Timthriall 5. Tá achar 1,600m<sup>2</sup> i Lárionad CREATE ar dhá urlár agus cuireann sé spás ar fáil le haghaidh breis is 60 taighdeoir agus dá gcomhpháirtithe acadúla agus gnó, ar chostas de bhreis is €4m. Ar na príomh-chomhpháirtithe tá Coláiste Ollscoile Chorcaí, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Teagasc (Moorepark) agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Tá taighde CREATE dírithe go príomha ar an réimse taighde sláinte trasnáisiúnta agus cuimsíonn sé trí réimse chomhlántacha de na heolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomháu d’fhonn taighde a spreagadh in Ard-Innealtóireacht Theiripeach. Éascóidh sé cur chuige níos cumasctha a chuireann foirne idirdhisciplíneacha ar fáil go sonrach a bhfuil speisialtachaí acu san fhísic, ceimic, bitheolaíocht agus in innealtóireacht bithleighis chun fíorfhadhbanna domhanda a réiteach.

Déanfaidh nádúr ildisciplíneach na timpeallachta nua taighde fionnachtain den scoth a spreagadh agus aistriú na fionnachtana sin chuig feidhmeanna nua feabhsaithe agus giniúint paitinní, ceadúnas agus cuideachtaí tosaithe sa réigiún agus go náisiúnta.

### 4. Lárionad NIMBUS don Taighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscothach de 1,800m<sup>2</sup> a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse sin. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionsclaíochta le Lárionad NIMBUS agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad NIMBUS deis ar fáil don tionsclaíocht úsáid a bhaint as saotharlanna tionsclaíochta agus teacht ar chláir tacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80, idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime, lonnaithe ann.



Tá freagracht phríomhúil ar thaighdeoirí NIMBUS as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, arna páirtmhaoiniú i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Oibríonn NIMBUS an tsaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala um Nuálaíocht Córas.

## 5. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m<sup>2</sup>. Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhíú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

## 6. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT *An tOideachas san Fhostaíocht* (Timthriall 1) agus *Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla* (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear *Aistriú Eolais sa Churaclam* atá á threorú ag WIT, an *Tionscadal Foghlama Solúbtha* atá á threorú ag IIT agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

*Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:*

### 1. An Lárionad Taighde BIO-EXPLORE

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhisic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleigheis. Cuirfidh an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil don tionsclaíocht agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtáilaithe gach bliain.

Dhá sprioc ardleibhéal atá ag MEDIC, mar atá, cur le hacmhainn Taighde Bithleigheis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtáilaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischuideachtaí campais).

Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar siúl d'fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Theiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnámhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha.

- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine.
- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíochta.
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt.
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghníomhachtaí – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-

speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

## 2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach don tionsclaíocht agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta don Taighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

## 3. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAÉ)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí. Agus gairm na hailtíochta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstitiúideach. Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

## 4. An Lárionad d'Ardfhótónaic & Anailís Próisis (CAPP)

Déanann CAPP taighde feidhmeach agus bunúsach araon ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmeanna i réimsí atá chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feistí leighis, bia agus déantúsaíocht cógasaíochta. Is éard atá san fhótónaic ná solas a ghiniúint agus a ionramháil agus is príomhtheicneolaíocht chumasaithe í i raon leathan topaicí. Cuimsíonn Lárionad CAPP breis is 20 taighdeoir agus mac léinn iarchéime, agus tá sé lonnaithe i saotharlanna ar champas Bhaile an Easpaig (tá sé le bogadh go dtí foirgneamh nua taighde CREATE), agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall mar chuid den chomhoibriú CIT@Tyndall. Ó 2008, bronnadh maoiniú air de bhreis is €10m, ó fhoinisí státchiste agus neamh-státchiste araon, ar a n-áirítear SFI, Fiontar Éireann, ÚAO, AE FP7 agus tionsclaíocht, agus d'fhoilsigh breis is 60 páipéar piara-léirmheasta. Tá sainchúram, ag Gateway Technology agus CAPP atá maoinithe ag Fiontar Éireann, ar leanúint ón Lárionad Feabhsúcháin Taighde CAPP a bhí ann roimhe sin, díriú ar rannpháirtíocht i dtionscal agus i dtaighde feidhmeach comhoibritheach. Déanann CAPP idirghníomhaíochtaí rathúla le breis is 30 cuideachta náisiúnta agus Eorpacha, sa raon sainchomhairleoireacht ghearrthearma ó FMEA agus Process Excursions go tionscadail chomhoibritheacha ilbhliantula tionsclaíochta agus acadúla.

Is comhpháirtí é CAPP i Lárionad Taighde Chomhtháite Fótónaice na hÉireann (I-PIC) a maoiníodh le déanaí. Ceann de na seacht Lárionad Taighde é sin a mhaoinigh SFI in 2013 sa chistiú stáit/tionscail/taighde is mó riamh in Éirinn, a mbeidh iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon institiúid teicneolaíochta a maoiníodh sa ghla. Laistigh de lárionad I-PIC, a chosain €23m, beidh CAPP ag obair ar thionscadail in éineacht le 5 chuideachta réigiúnacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánacha, chomh maith le croíthaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den lárionad.

*Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Cheann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí*

### 1. Lárionad Hincks don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht

D'fhógair CIT cruthú an Lárionaid don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht, Lárionad Hincks, ar 29 Eanáir 2013. Agus an chéad Lárionad don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht á chruthú aici, tá CIT ag cur lena tiomantas fada láidir chun cuidiú leis an iarracht fiontraíochta ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Tá i gceist ag CIT aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá san acmhainn reatha in Éirinn oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí leasmhara go léir a thugann tacaíocht agus cothú don fhiontraíocht. Rachaidh Lárionad Hincks i ngleic freisin le roinnt bearnaí tábhachtacha sa taighde reatha ar an bhfiontraíocht i gcomhthéacs na hÉireann de agus bainfidh leas as na haschuir seo chun cuidiú le polasaí agus staitéis náisiúnta a fhoirmiú.

Beidh Lárionad Hincks dírithe ar thrí philéar gníomhaíochta: lucht foirne tacaíochta fiontraíochta agus fiontraíche a oiliúint, taighde ar an bhfiontraíocht in Éirinn d'fhonn cuidiú le polasaí náisiúnta a fhoirmiú agus oideachas agus creidiúnú oideachasóirí fiontraíochta. Cuirfidh comhcheangal na snáthí seo den fhócas fiontraíochta ar chumas CIT a cuid gníomhaíochta a leathnú sa todhchaí agus déanfaidh breis luacha fiú a sheachadadh do pháirtithe leasmhara CIT.

Ar na garthosaíochtaí de chuid an Lárionaid tá clár úrnua chun feabhas a chur ar scileanna lucht foirne in institiúidí airgeadais d'fhonn an tacaíocht is fearr a thabhairt d'fhiontraíche i ngnólachtaí tosaithe agus SMEanna araon. Cuirfidh Lárionad Hincks clár úr ar fáil a bheidh tiomanta d'oiliúint foirne i ngorlanna gnó agus in áisíneachtaí tacaíochta fiontair. Aithneofar tosca ratha nó teipe na ngnólachtaí tosaithe, i gcomhthéacs na hÉireann, i bpríomhréimsí amhail straitéis díolacháin agus maoinithe. Cuirfear clár "Oil na hOiliúnóirí" ar fáil do léachtóirí agus múinteoirí fiontraíochta. Le hais na dtionscnamh sin agus

na gníomhaíochtaí atá ar siúl, tá beartaithe ag an Lárionad aghaidh a thabhairt ar na príomhréimsí seo: an Infhiontraíocht agus Inchuideachtaí, an Fhiontraíocht Shóisialta, agus an Fhiontraíocht ag an Dara Léibhéal.

*Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann*

### 1. Seirbhísí Tráchtála Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCIS)

Is é NMCIS rannóg tráchtála CNMÉ. Tá mar sprioc aige seirbhís d'ardchaighdeán a bhaint amach agus a sheachadadh do na bonncustaiméirí atá aige faoi láthair nó a bheidh aige sa todhchaí. Is é feidhm phríomhúil na seirbhísí ná gníomhaíochtaí tráchtála uile an Choláiste a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá sceideal bliantúil tráchtála de chúrsaí gearra gairmiúla muirí ullmhaithe ag NMCIS, ina bhfuil liosta de na cúrsaí gearra uile atá ar sceideal na bliana. Cuireann sí sainchúrsaí grúpa ar fáil freisin do chuideachtaí sa tionscal. Déanfaidh mairnéalaigh ghairmiúla d'ardchaighdeán a cuid cliant go léir a oileadh go dtí na caighdeáin is airde.

#### GAC Training & Services Solutions Limited (GTSS)

- Is cuideachta chomhfhiontair í GAC GTSS a seoladh ar 11 Feabhra 2010 idir GAC agus CNMÉ. Cuireann sí sábháil chostais agus réitigh nuálacha oiliúna ar fáil do na hearnálacha Muirí, Iompar agus Tráchtearraí. Nascann GTSS líonra GAC, teagmhálacha tráchtála, saineolas agus eolas ar chúrsaí loingis dhomhanda, lóistíocht agus tionscal na mara le saoráidí thar barr CNMÉ. Tá an chomhpháirtíocht seo dírithe ar phunann iomlán cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mhairnéalaigh agus do phearsanra loingis talamhbhunaithe agus oibríochtaí tráchtearraí. Feidhmíonn GTSS faoi Roinn Tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus tá sí á comhordú ar an talamh ag Feidhmeannach Margaíochta GTSS faoi stiúir Bhainisteoir Seirbhísí CNMÉ i gcomhpháirtíocht le Leas-Uachtarán Solutions GAC. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ar an mBord ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir. Tá an post Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí Cuideachta ag Bainisteoir NMCIS.

#### SEFtec NMCI Offshore Limited (SNO)


- Is cuideachta chomhfhiontair í SNO idir CNMÉ agus SEFtec Global Training Ireland Limited (SGT). Is é a príomhról ná mar fheithicil chun saineolas ar oiliúint fharraige SGT, atá ar chaighdeán domhanda, ar mhaithe le caighdeáin agus creidiúnú do chúrsaí OPITO don tionscal mara, a bhaint amach. Oibríonn SNO faoi roinn tráchtála an Choláiste, i.e. NMCI Commercial Services (NMCIS), agus déanann Comhordaitheoir Cúrsaí Farraige í a bhainistiú ar an talamh faoi stiúir Bhainisteoir NMCIS. Tá a Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíochán ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir ar an mBord. Is ag Bainisteoir NMCIS atá an post mar Stiúrthóir Bainistíochta SNO. Is é Bainisteoir Airgeadais CIT an Rúnaí Cuideachta.

### 2. Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht

Ar 27 Bealtaine 2013, sheol Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, Lárionad Halpin go hoifigiúil ag CNMÉ. Cuirfidh an fhorbairt nua spreagúil seo le cáil idirnáisiúnta CNMÉ mar lárionad barr feabhais muirí. Cuireann an seoladh i gcrích forbairt inmheánach CNMÉ ag a bhfuil trí philéar gníomhaíochtaí: Oideachas agus Oiliúint Mhuirí, Sainchúrsaí agus Cúrsaí Saincheaptha do thionscal a sheachadann NMCI Services agus, anois, gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta trí Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht.

Beidh an lárionad ina philéar tábhachtach i Rinn a Scidigh ag Cnuasach Acmhainne Muirí agus Fuinnimh na hÉireann (iMERC), atá ag forbairt go mear, agus éascóidh dá réir sin ionchuir taighde CIT agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann don iarracht fhoriomlán taighde i bhfuinneamh muirí inbhuanaithe. D'éirigh go luath leis maoiniú suntasach taighde Eorpach a mhealladh agus tá baint ag an lárionad le deich dtionscadal atá á maoiniú ag an AE. Ina theannta sin tá an lárionad ag comhoibriú le Cuideachtaí Beaga agus Meánacha agus le cuideachtaí ilnáisiúnta chun cabhrú leo táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus tá comhoibreoírí idirnáisiúnta aige i gCeanada agus ar fud an AE. Chabhraigh comhairle agus tacaíocht ó chomhpháirtithe in UCC atá bainteach le fada le Fuinneamh In-athnuaite Muirí le Lárionad Halpin chun dul i ngleic go gasta agus go héifeachtach leis an earnáil sin chun tionscadail a fháil a bhaineann le riachtanais oiliúna sa todhchaí agus le húsáid na teicneolaíochta ionsamhlúcháin san earnáil sin.

## 1.6 Aonaid agus Láirionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



## 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

D'ainneoin fhairsingiú na hInstitiúide i dtéarmaí líon na mac léinn ó osclaíodh í in 1974, ba ghann iad na saoráidí spóirt agus go háirithe saoráidí spóirt lasmuigh nach raibh iontu i lár na 1990dí ach páirc amháin CLG, páirc rugbaí agus cúirteanna tarmac leadóige.

Chun an t-easnamh sin sna saoráidí spóirt a chúiteamh, thug an Institiúid faoi fhorbairt a mhair deich mbliana agus a d'athraigh sócmhainní spóirt na hInstitiúide ó thús lag go dtí an staid ina bhfuil siad sa lá inniu nuair is ábhar éada na saoráidí spóirt lasmuigh de chuid CIT don earnáil oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ba é an chéad chuid den mháistirphlean don fhorbairt spóirt a dhréachtaigh Michael Horgan Uas. de chuid Horganlynch Consulting Engineers ná páirc nua rugbaí a thógáil agus í suite ar an taobh thiar den champas agus gar do pháirc CLG. D'fhág tógáil na páirce sin go raibh an suíomh ar an tseanpháirc rugbaí saor agus osclaíodh páirc uile-aimsire shintéiseach ansin in 2000. Is léir an rath atá ar an bpáirc uile-aimsire, ar féidir léi freastal ar hacaí, sacair agus CLG, ón tsíor-úsáid a bhaineann mic léinn, baill foirne agus cumainn agus grúpaí seachtracha aisti.

Ba é an chéad chéim eile agus an chéim ba uailmhianaí den mháistirphlean ná gur ceannaíodh le haghaidh chúrsaí spóirt thart ar 8.91 heicteár taobh thiar d'Abhainn an Churraichín ar ar tugadh "Rock Farm". I ngeall ar a ghaire don abhainn bhí an talamh íseal i mbaol tuilte. Dá bhrí sin ar feadh tréimhse trí bliana cuireadh clár líonta ar siúl chun an t-achar i gcoitinne a ardú de thart ar 2 mhéadar. Ar chríochnú dó, baineadh as an líonra leitheadach línte BSL a bhí ag trasnú an tsuímh agus bhíodhas in ann ansin 6 pháirc ghaineamh-bhunaithe a thógáil le haghaidh CLG, sacair agus rugbaí. Rinne sé sin líon iomlán de 9 bpáirc imeartha féir nuair a chuirtear an raon lúthchleasaíochta istigh sa pháirc san áireamh.

Chun freastal a dhéanamh ar na páirceanna imeartha sin agus chun ionad úrscothach do na féachadóirí a chur ar fáil, tógadh ardán clúdaithe in 2007 le suíocháin a raibh cóir suí ann de 1,150 chomh maith le 6 sheomra gléasta, seomra réiteora, seomra leighis, giomnásiam agus achar sóisialta.

Chomh maith leis na forbairtí atá liostaithe thuas, tá lán-tuilsoilsiú ag trí pháirc imeartha chun gur féidir cluichí agus oiliúint oíche a bheith ar siúl iontu agus tógadh cúirt leadóige le cairpéad sintéiseach freisin. Tá cóiríocht ann do spórt agus oiliúint laistigh in halla mór spóirt atá trealmhaithe go maith agus giomnásiam lán-trealmhaithe, atá suite go lárnach ar champas.

D'oscail an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe TD an Seastán Nua go hoifigiúil ag Lárionad Spóirt na hInstitiúide, Baile an Easpaig ar 4 Meitheamh 2010.





Sa bhliain acadúil 2010/2011, ghlac an Institiúid páirt shuntasach i roinnt imeachtaí a raibh an rath orthu go minic. Bhí na páirceanna agus na saoráidí dea-ullmhaithe mar óstach d'an-chuid comórtas i rith na bliana, ar a n-áirítear cluichí scoile, Craobh Camógaíochta Chontae Chorcaí na Scoileanna, Spóirt Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhacha Trastíre Scoileanna na Mumhan & na nOllscoileanna, WSCAI Idir-Ollscoile, Cadhcáil Idir-Ollscoile Dornálaíocht Nóibhíseach Idir-Ollscoile, agus Craobhacha Rugbaí Choláistí Uile-Éireann. Chuir CIT áiseanna traenála ar fáil do roinnt foirne idirchontae, ar a n-áirítear Peileadóirí agus Camógaíocht na mBan Chorcaí ó faoin aois go Leibhéal na Sinsear, foireann Chorn Kennedy Chorcaí, Scoileanna Barr Feabhais i gCamógaíocht, Sacar na mBan, agus CLG.

I mBealtaine 2011, shínigh CIT comhaontú 4 bliana le Rugbaí na Mumhan faoinar bunaíodh baill de Scuid Gairmiúil na Mumhan agus an Acadaimh san Halla Gleacaíochta Elite de chuid CIT mar cheanncheathrú ar Champas Bhaile an Easpaig.

Chomh maith le freastal ar an lúthchleasaí iomaíoch, leagann an Institiúid béim mhór ar an rannpháirtíocht agus ar an spraoi agus léirítear é sin sa líon mac léinn atá ag dul i méid a ghlacann páirt.

In Eanáir 2012, shínigh CIT comhaontú le Bord Chontae Chorcaí faoinar lonnáiódh ceanncheathrú phainéal Iománaíochta Sinsearaí Chorcaí ag Campas Bhaile an Easpaig. Úsáideann siad na seirbhísí spóirt agus na seirbhísí coimhdeacha dá gcuid oiliúna agus forbartha.

Is fada agus is rathúil é traidisiún CIT agus í ag iarraidh cabhrú le cuid de na pearsana tréitheacha spóirt is mó in Éirinn a fhorbairt. Is mian léi an traidisiún sin a neartú agus a chur chun cinn trí thacaíocht shuntasach a thabhairt don Lúthchleasaí Tréitheach Mic Léinn agus d'Fhoirne Ardfeidhmíochta.

Ar feadh na bliana acadúla 2015/16, óstaíodh i bhfaichí agus saoráidí spóirt CIT an-chuid comórtas, ar a n-áirítear cluichí scoileanna, Corn Fitzgibbon, lúthchleasa idirnáisiúnta Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhchomórtas Trastíre na Mumhan agus Scoileanna agus Ollscoile Uile-éireann. Chuir CIT saoráidí oiliúna ar fáil do roinnt foirne ar a n-áirítear Iománaithe agus Peileadóirí Sinsearacha Chorcaí, peileadóirí ban Chorcaí, Buíonta Forbartha Chorcaí, Sacar Chathair Chorcaí agus Rugbaí na Mumhan.

D'fhonn a tiomantas do chúrsaí spóirt a aibhsiú, bronnann CIT Scoláireachtaí Spóirt gach bliain do raon leathan spóirt Sinsir agus Sóisir. Bíonn luach na Scoláireachtaí Spóirt sa raon ó €500 go €1,000. Don bhliain acadúil 2015/16, bronnadh na scoláireachtaí seo a leanas:

- 78 Scoláireacht Spóirt CIT (40 lucht na Chéad Bhliana/Forbartha agus 38 do na Sinsir) don Lúthchleasaíocht, Cispheil, Dornálaíocht, Camógaíocht, Peil, Galf, Hacaí, Rásaíocht Capaill, Iománaíocht, Cearáite, Tréantógáil Meáchan, Liathróid, Raicéid, Rámhaíocht, Rugbaí, Seoltóireacht agus Sacar
- 13 Scoláireacht Chomhairle CLG na Mumhan
- 1 Scoláireacht Rugbaí na Mumhan
- 2 CS Cóbh Ramblers
- 1 CS Mná Chorcaí
- 1 CS Cathair Chorcaí
- 1 Jonathan Herlihy

Bhí idir lúthchleasaithe fir agus lúthchleasaithe mná as 18 spórt ar na faighteoirí. Bronntar na scoláireachtaí seo ar mhic léinn a léiríonn leibhéil arda feidhmíochta agus tiomantas dá rogha spórt agus, rud an-tábhachtach, dílseacht don spórt sin laistigh den Institiúid.

Don dara bliain, d'óstaigh an Institiúid Lúthchleasa Bhliantúla Bhunscoileanna Chorcaí ar 1 Meitheamh 2016. Bhí an t-imeacht ar siúl ar an Raon Lúthchleasaíochta agus sa Staidiam Spóirt agus d'éirigh thar cionn léi do gach duine agus í ar cheann de na hócáidí spóirt is mó san Eoraip. Ba í sin an 92ú bliain don imeacht atá uathúil ar fad. In 1924, reáchtáladh na chéad chleasa lútha sa Muirdíog agus 350 páiste ag glacadh páirt iontu. Is lá ar leith é i bhféilire gach bunscoile i gCathair agus Contae Chorcaí.

Bhí thart ar 5,000 páiste bunscoile san iomaíocht agus meastar go raibh slua de 20,000 idir thuismitheoirí, sheantuismitheoirí, shiblíní, chomharsana agus mhúinteoirí i láthair chun tacú leo ar feadh an lae go léir. Bhí CIT sásta an t-imeacht mórscála seo a óstú ar son Lúthchleasa Bhunscoileanna Chorcaí le linn do Pháirc Uí Chaoimh, an gnáthionad, a bheith á athfhorbairt.



CAMPAS BHAILE AN EASPAIG CIT



# 2. Rialachas

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 2.1 Ráiteas Bliantúil Maidir le Rialachas 2015/2016
- 2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe
- 2.3 Cruinnithe an Bhord Rialaithe
- 2.4 Costais an Bhord Rialaithe
- 2.5 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)
- 2.6 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

## 2.1 Ráiteas Bliantúil Maidir le Rialachais 2015/2016

Is ábhar áthais dúinn an Ráiteas Bliantúil Rialachais d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de réir an Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a chur i láthair.

### Rialachas Corparáideach

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm agus a choinneáil. D’fhaomh Bord Rialaithe na hInstitiúide go foirmiúil an Cód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann – arna leasú chun Cód Rialachais na gCuideachtaí Stáit 2009 (Eanáir 2012) a léiriú – ar 2 Feabhra 2012. Cuireadh litir ón Uachtarán chuig an ÚAO ar 3 Feabhra 2012 a dhearbhaigh gur ghlac Bord Rialaithe na hInstitiúide leis an gcód nua. I gcomhréir leis an gCód Rialaithe d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, tá roinnt struchtúr curtha ar bun chun maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chur ar fáil. Orthu siúd áirítear:

#### Ballraíocht an Bhord Rialaithe

De réir alt 6.2 d’Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, cuimsíonn an Bord Rialaithe 19 mball (an Cathaoirleach agus an tUachtarán san áireamh). Cuireadh tús le téarma reatha an Bhord Rialaithe ar 1 Aibreán 2015. Cheap an tAire Oideachais & Eolaíochta Cathaoirleach nua lé héifeacht ó 29 Iúil 2011.

#### An Plean Straitéiseach

Tig le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a dhearbhu gur fhaomh an Bord Rialaithe an Plean Straitéiseach do 2012-2016 ar 2 Feabhra 2012 agus gur cuireadh cóipeanna chuig Oifig an Aire Oideachais (admhaithe 6 Samhain 2012) agus chuig an ÚAO (admhaithe 2 Samhain 2012). Cuireann an bhainistíocht nuashonruithe ar fáil go rialta don Bhord Rialaithe maidir lena bhfuil bainte amach i dtaca leis na príomhspriocanna atá leagtha amach sa phlean tríd an gCoiste Forbartha Straitéisí. Tá tús curtha le dul i ngleic leis an bhfoireann agus leis na príomhpháirtithe leasmhara d’fhonn an chéad Plean Straitéiseach eile a fhorbairt a bheidh ailínithe leis an gComhshocrú Straitéiseach Comhphlé Míseanbhunaithe.

#### Bainistiú Riosca

Tig le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a dhearbhu go bhfuil aghaidh á tabhairt aici ar na freagrachtaí breise a leagadh uirthi maidir le Bainistiú Riosca. Tá tús curtha le hathbhreithniú inmheánach iniúchóireachta ar Ghníomhaíochtaí Bainistithe Riosca agus tá tuarascáil le bheith ar fáil faoi Dheireadh Fómhair 2016. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar na moltaí agus déanfaidh monatóireacht ar an dul chun cinn le linn na bliana acadula 2016-2017.

D’fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí Bainistithe Riosca athbhreithnithe ar 5 Feabhra 2015.

Pléadh an Creat Bainistíochta Straitéiseach, a chuimsíonn an Clár Riosca, ag na cruinnithe seo a leanas den Bhord Feidhmeannach Institiúide sa Bhliain Acadúil 2015/16:

- 22 Meán Fómhair 2015
- 3 Samhain 2015
- 24 Samhain 2015
- 15 Nollaig 2015
- 8 Aibreán 2016

#### Cruinnithe Rialta Bhord Rialaithe

Tagann an Bord Rialaithe le chéile go rialta chun plé a dhéanamh, comhairle a chur agus dúshlán a chur maidir leis na spriocanna agus na gníomhaíochtaí de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Déanann na baill freastal maith agus tugtar deis do na baill go léir a dtuairim a nochtadh. Coinnítear miontuairiscí de na cruinnithe agus déantar iad sin a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag an gcéad chruinniú eile áit a gcuirtear saincheisteanna i bhfeidhm. Déanann an triúr Leas-Uachtarán freastal ar chruinnithe an Bhord Rialaithe.

#### Coistí Iniúchóireachta

Tá Cairt Choiste Iniúchóireachta ag Coiste Iniúchóireachta na hInstitiúide atá faofa ag an mBord Rialaithe. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chairt an Choiste Iniúchóireachta (Téarmaí Tagartha) le linn 2015-2016 agus d’fhaomh an Bord Rialaithe iad ar 30 Meitheamh 2016. Cuireadh Oilíúint Ionduchtaithe Choiste Iniúchóireachta ar an gCoiste ag a gcruinniú ar 22 Deireadh Fómhair 2015. Tagann an Coiste Iniúchóireachta i gceann a chéile 4 huairé sa bhliain i gcomhréir le Cairt an Choiste Iniúchóireachta chun na freagrachtaí atá leagtha amach sa Chairt a chomhlíonadh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta don Bhord Rialaithe faoina gcuid oibre agus aon ábhar inné tar éis gach cruinnithe agus cuireann Tuarascáil Bhliantúil isteach freisin. Buailéann an Coiste Iniúchóireachta le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí uair sa bhliain ar a laghad agus le foireann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Iníúchadh Inmheánach

Tá Feidhm Iníúcháireachta curtha ar bun ag an Institiúid a chomhlíonann caighdeán ghairmiúla Institiúid Iníúcháirí Inmheánacha an RA & na hÉireann. D'fhaomh an Bord Rialaithe an Chairt Iníúcháireachta Inmheánaí. Déantar clár bliantúil don Iníúcháireacht Inmheánach a fhorbairt agus a fhaomhadh ag an gCoiste Iníúcháireachta de chuid an Bhord Rialaithe agus tuairiscíonn an Fheidhm Iníúcháireachta Inmheánaí ar ais chuig an gCoiste Iníúcháireachta maidir lena gcinntí.

Leagamar amach an Ráiteas Bliantúil Rialachais de réir alt 2.10 den Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

**Cóid Iompair (Tag 2.11.4 (i))**

Ghlac baill an Bhord Rialachais le Cód Iompair Ghnó ag a gcruinniú ar 7 Iúil 2011. D'fhaomh an Bord Rialachais Cód Iompair d'Fhostaithe ar 4 Nollaig 2014.

**Forbairtí Suntasacha Airgeadais (Tag 2.11.4 (ii))**

Chuir an Institiúid fáil 46 Grand Parade, Corcaigh i gcrích le linn na bliana agus chomhlíon an Institiúid forálacha reachtúla na nAchtanna d'Institiúidí Teicniúla 1992 go 2006. Cruthaíodh focuideachta nua le linn na tréimhse, CIT Infinite DAC.

**Polasaí an Rialtais maidir le Luach Saothair (Tag 2.11.4 (iii))**

Tá polasaí an Rialtais maidir le luach saothair á chomhlíonadh ag an Institiúid, ar a n-áirítear gnáthaimh agus córais i dtaca le Taisteal agus Cothabháil. Tá roinnt ball foirne atá gafa le Taighde agus Forbairt nach bhfuil ailínithe faoi láthair leis na scálaí atá comhaontaithe go náisiúnta. Ach déanann an Bord Rialaithe gach ceapachán a fhaomhadh agus tá Grúpa Athbhreithnithe Luach Saothair agus Teidlíochta bunaithe ag an Institiúid.

**Na gnáthaimh atá curtha i bhfeidhm do: Tuairiscíú Airgeadais, Iníúcháireacht Inmheánach, Soláthar agus Diúscairt Sócmhainní (Tag 2.11.4 (iv))**Tuairiscíú Airgeadais

Tá próisis bhliantúla chur i gcrích agus tuairiscithe airgeadais i bhfeidhm agus iad faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Iníúchadh Inmheánach

Rinne Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí feidhm na hIníúcháireachta Inmheánaí a fhoinsíú go seachtrach. Oibríonn an fheidhm de réir Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann agus tuairiscíonn go díreach chuig an gCoiste Iníúcháireachta. Braítheann an plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí ar na saincheisteanna agus abhair imní a ardaíonn an bhainistíocht chomh maith le hanailís ar an riosca don Institiúid agus bunaítear pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí ar an anailís sin. Déanann an Coiste Iníúcháireachta an plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí a fhaomhadh. Cuireann na hiniúcháirí inmheánacha tuairisc ar fáil don Choiste Iníúcháireachta ar gach gníomhaíocht de chuid na hiniúcháireachta inmheánaí. Léiríonn an tuairisc tuairim na nIníúcháirí Inmheánacha maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh laistigh de raon na réimsí a iniúchadh.

Soláthar

Tá gnáthaimh soláthair na hInstitiúide ag teacht leis na Treoirlínte Soláthair Phoiblí – Próiseas Iomaíoch a d'éisigh an Roinn Airgeadais in 2004 (an tAonad Soláthair Phoiblí) i dtaca le córas tairisceana iomaíche agus Treoracha Aontais Eorpaigh ábhartha maidir le soláthar, agus na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a fháil i gCaitheachas Poiblí, mar a leag an tAire Airgeadais amach ar 20 Deireadh Fómhair 2005.

D'fhaomh an Bord Rialaithe Plean Soláthair Corparáideach ar 4 Feabhra 2016. Tá gach ball ceannacháin san Institiúid ar an eolas go hiomlán faoi na treoirlínte soláthair poiblí. Tá an Bord Rialaithe sásta go bhfuil an Institiúid ag cloí leis na treoirlínte ábhartha go léir maidir le soláthar.

Diúscairt Sócmhainní

Tá polasaithe agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an Institiúid le sócmhainní a dhiúscairt agus le teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe. D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí Sócmhainne Seasta athleasaithe ar 5 Samhain 2015. Pléitear cinntí maidir le diúscairt sócmhainní agus teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe ag Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide agus faomhann an Bord Rialaithe iad. Níor tharla diúscairt sócmhainní shuntasach ar bith ná níor cheadaíodh teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe le linn na bliana. Dearbhaíonn an Institiúid gur chloígh sí le gnáthaimh diúscairte mar a bhfuil breac-chuntas orthu in Alt 3.5 de na Treoirlínte don Dea-chleachtas i nDiúscairt Sócmhainní agus Teacht ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe.

**Treoirlínte do Mheasúnú agus Bainistiú Tograí Caipitil (Tag 2.11.4 (v))**

Cloíonn an Institiúid leis na Treoirlínte do Mheasúnú agus Bainistiú Tograí Caipitil.

**Luach ar Airgead (Tag 2.11.4.(vi))**

Is eol don Institiúid go maith an gá atá le leanúint de bheith ag iarraidh an éifeachtúlacht a chur chun cinn agus a bhaint amach de réir na dTreoirínte maidir le Luach ar Airgead a fháil i gCaiteachas Poiblí (mar atá leagtha amach in aitheasc an Aire Airgeadais den 20 Deireadh Fómhair 2005), agus cáilíocht na seirbhíse atá á seachadadh aici a fheabhsú freisin. Déantar riachtanais a shainaithint agus tugtar tosaíocht dóibh agus cionroinntear acmhainní dóibh chun cúis a dhéanamh dóibh ar bhealach atá costéifeachtach agus éifeachtach. Cloíonn an Institiúid le ciorclán (06/12) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe a rinne úsáid Chreata Náisiúnta Soláthair éigeantach d'earnáil an Ardoideachais sna réimsí seo a leanas le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2012:

- Stáiseanáireacht agus Soláthairtí Oifige
- Páipéar
- Soláthairtí Airígh
- Tomhaltáin TFC
- Seirbhísí Bainistithe Priontála
- Fógraíocht (Meáin chlóite)
- Feithiclí Mótair
- Fuinneamh (Leictreachas & Gas)

**Comhlíontacht Dílthe Cánach (Tag 2.11.4.vii))**

D'fhostaigh an Institiúid Deloitte chun athbhreithniú Chomhlíontacht Cánach a dhéanamh agus, féadfaidh sí a dhearbhu, chomh fada agus is eol di, gur chloígh sí lena hoibleagaidí faoin dlí canach.

**Polasaí Cosanta Leanaí**

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil Polasaí Cosanta Leanaí i bhfeidhm a d'fhaomh an Bord Rialaithe ar 4 Nollaig 2014.

**Nochtadh faoi Rún Tuairisciú Creidimh – Acht Nochtaí Cosanta 2014**

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil Polasaí Nochtaí i bhfeidhm aici. D'fhaomh an Bord Rialaithe an polasaí seo ar 26 Márta 2015. Tá Polasaí Calaoise i bhfeidhm freisin a d'fhaomh an Bord Rialaithe ar 26 Márta 2015.

**Cruinnithe Bord Rialaithe**

Tháinig an Bord Rialaithe i gceann a chéile 7 n-uaire le linn 2015-2016. Tá sceideal an tinrimh le fail ina dhiaidh seo.

Uimh.	Ball Bord Rialaithe	Tinreamh ag Cruinnithe Bord Rialaithe						
		5 Samh. 2015	3 Nollaig 2015	26 Ean. 2016 (Cruinniú speisialta)	4 Feab. 2016	7 Aib. 2016	2 Meith. 2016	30 Meith. 2016
1	Bob Savage Uas.	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓
2	An Dr Brendan J. Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
3	Bernard Allen Uas.	X	✓	X	X	X	✓	✓
4	Mary Cooney Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
5	Eoin Deane Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
6	Emelie Fitzgibbon Uas.	✓	✓	X	✓	✓	✓	X
7	Maura Fitzgibbon Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
8	An Comh. Mary Hegarty	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
9	An Comh. Michael Hegarty	X	X	X	✓	✓	✓	✓
10	Capt. Dave Hopkins	✓	✓	✓	✓	X	X	✓
11	An Comh. Patrick Gerard Murphy	✓	X	✓	✓	X	X	X
12	Declan O'Leary Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
13	Cilian Ó Súilleabháin Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
14	Ted Owens Uas.	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓
15	Ann Piggott Uas.	✓	X	✓	✓	X	✓	✓
16	Katherine Walshe Uas.	X	✓	X	✓	X	✓	✓
17	Jim Woulfe Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
18	Ruth O'Leary Uas. Ainmnitheach na Mac Léinn – ó 01/10/2015 go 30/09/2016 agus Athcheaptha ó 01/10/2016 go 30/09/2017	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
19	Shane Falvey Uas. Ainmnitheach na Mac Léinn – ó 01/10/2015 go 30/09/2016 agus Athcheaptha ó 01/10/2016 go 30/09/2017	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
<b><i>Téarma bliana amháin oifige a bhíonn ag bail mhic léinn ó 1 Deireadh Fómhair go 30 Meán Fómhair.</i></b>								

**Cruinnithe Coiste Iniúchóireachta**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 5 huairé le linn na bliana 2015-2016 agus tá an sceideal tinrimh anseo thíos.

Dáta	Tinreamh ✓				
	22 D.F. 2015	11 Samh. 2015	14 Ean. 2016	10 Mar. 2016	16 Meith. 2016
Jim Woulfe Uas.	✓	✓	✓	✓	✓
Declan O'Leary Uas.	✓	✓	✓	✓	
Maura Fitzgibbon Uas.	✓	✓	✓	✓	
Bernard Allen Uas.	✓	✓	✓	✓	✓
Cilian Ó Súilleabháin Uas.		✓	✓	✓	✓

**Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhord Rialaithe**

Rinne an Institiúid coimisiúnú ar an IPA chun cabhrú leis an mBord Rialaithe tabhairt faoi athbhreithniú féinmheastóireachta le linn na bliana 2014-2015.

**Tuarastal an Uachtaráin**

Dhearbhaigh an Institiúid gur íocadh tuarastal de €146,034 leis an Uachtarán le linn na bliana airgeadais 2015-2016.

**Costais an Bhord Rialaithe**

Dearbhaíonn an Institiúid go bhfuil na táillí agus na costais a íoctar le baill an Bhord Rialaithe de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

**Sceideal na dtáillí**

Agallamh €300 in aghaidh an lae.  
Costais de réir na Roinne Airgeadais

Íocaíochtaí le Bail an Bhord Rialaithe	Costais	Painéal Agallaimh	Iomlán
An Comh. Mary Hegarty	€1,052	€9,600	€10,652
Bernard Allen Uas.	€27	€6,000	€6,027
An Comh. Michael Hegarty	€398		€398
Ted Owens Uas.	€25		€25
<b>Móriomlán</b>	<b>€1,502</b>	<b>€15,600</b>	<b>€17,102</b>


Ní chuirtear costais an Bhord Rialaithe i láthair faoi láthair mar mhír ar leith sa Tuarascáil Bhliantúil.

**Fochuideachtaí**

Forbraíodh an Cód Rialachais le haghaidh Fochuideachtaí ag leibhéal earnála. D'fhaomh an Bord Rialaithe Cód Rialachais Fochuideachta Institiúidí Teicneolaíochta ag a gcruinniú den 30 Meitheamh 2016 agus cuirfidh siad tús le cur i bhfeidhm an chóid sin ó 2016/17. Cuirfidh gach fochuideachta de chuid na hInstitiúide ráiteas rialaithe inmheánaigh foleibhéil ar fáil ar bhonn bliantúil.

**Ar son an Bhord Rialaithe****Bob Savage Uas.**

Cathaoirleach an Bhord Rialaithe

Dáta: 2 Feabhra 2016**An Dr Brendan J. Murphy**

Uachtarán

Dáta: 2 Feabhra 2016

## 2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe

Is iad na hAchtanna Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, a chinneann comhdhéanamh an Bhord Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill seachas beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceaptar beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse d'aon bhliain amháin suas go dtí 30 Meán Fómhair.

Is í ballraíocht an Bhord Rialaithe ó 1 Meán Fómhair 2015 mar seo a leanas:

Bob Savage Uas., Cathaoirleach  
(Ainmnitheach an Aire Oideachais agus Scileanna)

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT  
(Ex Officio)

### **Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.**

#### **Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)**

Maura Fitzgibbon Uas. (Ainmnitheach BOO Chorcaí)  
An Comh. Mary Hegarty (Ainmnitheach BOO Chorcaí)  
An Comh. Michael Hegarty (Ainmnitheach BOO Chorcaí)  
An Comh. Patrick Gerard Murphy (Ainmnitheach BOO Chorcaí)  
Declan O'Leary Uas. (Ainmnitheach BOO Chorcaí)  
Ted Owens Uas. (Ainmnitheach BOO Chorcaí)

#### **Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1) (c)**

Mary Cooney Uas. (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)  
Cilian Ó Súilleabháin Uas. (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)

#### **Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)**

Eoin Deane Uas. (Ainmnitheach na Foirne Neamh-Acadúla)

#### **Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)**

Michael Linehan Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2015  
Ciara O'Connor Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2015  
Shane Falvey Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2016  
Ruth O'Leary Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2016

#### **Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)**

Ann Piggott Uas. (Ainmnitheach Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

#### **Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)**

Bernard Allen Uas., (Ainmnitheach Chomhairle Spóirt n a hÉireann)  
20. Comhghairdeas le **Tatiana Habruseva** a ghnóthaigh Comhaltas ardghradamach Marie Curie tar éis di teacht ar ais go CIT mar chomhalta iardhochtúireachta. Tabharfaidh an deontas seo de €180k deis di le bheith ag obair in CAPPA ar Léasair Fhótónaice Criostal ar feadh dhá bhliain. Tháinig Tatiana go Corcaigh den chéad uair chun PhD a dhéanamh in CIT agus ansin bronnadh an chéad Chomhaltas Marie Curie uirthi chun obair a dhéanamh ag Ollscoil Aston sular bhronn Comhairle Taighde na hÉireann an comhaltas iardhochtúireachta uirthi. Is breá linn go bhfuil Coimisiúna na hEorpa ag cuidiú léi teacht ar ais go dtí CIT.

21. Bhí Bronntaí Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh ar siúl i gCNMÉ ar 18 Feabhra 2015. Dhá sheisiún bronnta a bhí ann a raibh bronnta bliantúla Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann san áireamh iontu. Fuair 101 réamhchémí ar fad a gcuid pár agus trí Mháistir taighde agus dhá PhD san áireamh. Bhí an chéad réamhchémí PhD as an Roinn Turasóireachta & Fáilteachais, an **Dr Lisa Marie O'Riordan** san áireamh freisin.

22. Ghnóthaigh **Kieran Ward**, céimí 2015 den BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha Duais Mhic Léinn Institiúid na nInnealtóirí Struchtúrtha (réigiún Phoblacht na hÉireann) don tionscadal is fearr den Bhliain Dheiridh i réimse ábhair na hinnealtóireachta Struchtúrtha. Thuill Kieran an chéad áit i líon láidir iontrálacha as DIT, TCD, UCC, UCD agus UL. Fógraíodh a bhua ag dinnéar bliantúil na hInstitiúide sa Mór-Halla i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ar an Aoine 19 Feabhra 2016.

Baineann tábhacht ar leith leis an scéal do CIT agus don Roinn de bhrí gur éirigh le céimithe den chlár BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha sa chomórtas seo i dtír cinn de na cúig bliana seo caite. Léiríonn an fheidhmíocht sheasmhach de chuid na gcéimithe cáilíocht obair na mac léinn agus na léachtóirí sa Roinn agus léiríonn sé bunraith a leanann de bheith ag cur fostaíochta ar fáil do chéimithe an chlár.

23. Fógraíodh **Kevin Jansson** a bhí ina mhac léinn pianó ag Mary Beattie ó bhí sé sé bliana d’aois as Ceolscoil Chorcaí CIT ar 22 Feabhra 2016 a bheith ina chomhbhuaiteoir an Prix Thierry Scherz ag Féile Sommets Musicaux de Gstaad a bhí ar siúl san Eilbhéis níos luaithe sa mí. Bhí Kevin ar dhuine d’ochtair seinnteoirí a fuair cuireadh ón bpianadóir Gearmánach, Joseph Moog, ceadail pianó a thabhairt mar iomaíocht don ghradam seo. Gan ach 15 bliana d’aois aige, ba é Kevin an rannpháirtí ba óige agus tá cuid mhaith de na daoine eile i mbun slíthe beatha gairmiúla mar sheinnteoír. Tugann an duais deis do Kevin a CD pianó aonair tosaigh a thaifeadadh, rud a bheidh á dhéanamh agus á chur chun cinn ag an lipéad taifeadta Eilbhéiseach Claves níos déanaí i mbliana.
24. Bhronn an tUachtarán agus Cathaoirleach an Bhord Rialaithe Scoláireachtaí RÍSAM 2016 ag searmanas ar 29 Feabhra 2016 ar 7.00 pm i Seomra na Comhairle. D’fhorbair Scoil Staidéar Céime tionscnamh RÍSAM d’fhonn tiomantas CIT d’oideachas PhD a leathnú agus tacú le taighde. Is cuid é tionscnamh RÍSAM d’infheistíocht straitéiseach CIT i dtodhchaí na tíre seo de bhrí go bhfuil ár dtodhchaí ag brath ar na céimithe taighde is fearr a bheith againn a mheallfaidh agus a chothóidh ardteicneolaíocht nua agus reatha, chomh maith le cuideachtaí ealaíona agus cruthaitheacha, anseo in Éirinn. Is ionann na scoláireachtaí agus infheistíocht de leath mhilliún euro thar thrí bliana agus beidh na tionscadail rathúla taighde ar siúl in CIT agus i gcomhar le comhoibrithe seachtracha ar a n-áirítear Teagasc, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Ollscoil Teicneolaíochta Darmstadt (an Ghearmáin) agus an Lárionad Náisiúnta Bith-Theicneolaíochta i Madrid (an Spáin).

Bronnadh Scoláireachtaí PhD orthu seo a leanas:

Lán-Scoláireacht		
Lion	Faighteoir	Roinn
1	<b>Katherine Hayes</b>	Eolaíochtaí Bitheacha
2	<b>Ken Graham</b>	Eolaíochtaí Bitheacha
3	<b>David Lynch</b>	Eolaíochtaí Bitheacha
4	<b>Lisa Bolger</b>	Eolaíochtaí Bitheacha
5	<b>Ciara-Ruth Kenny</b>	Eolaíochtaí Bitheacha
6	<b>Shauna Keane</b>	Eolaíochtaí Bitheacha
7	<b>Colin Levis</b>	Innealtóireacht Leictreach & Leictreonach
8	<b>Dylan Smyth</b>	Innealtóireacht Leictreach & Leictreonach
9	<b>Sharon Butler</b>	Eolaíochtaí Fisiceacha
10	<b>Marta Carracedo</b>	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair

25. Ar 2 Márta 2016, fógraíodh gurbh é **Vincent Forde** buaiteoir Craobhchomórtais 2016 Accenture Leaders of Tomorrow. Cuireadh Vincent, mac léinn 3ú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil agus rannpháirtí i Student Inc Samhraidh 2015 CIT, ar ghearrliosta mar dhuine de 6 iomaitheoir craoibhe, tar éis dó a bheith ar ghearrliosta de 18 leaschraoibhe as 143 iontráil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chuir Vincent a thionscadal ar shábháilteacht othair a fheabhsú sa chomhshaol cliniceach i láthair sa chomórtas ardghradamach seo, atá ar oscailt do mhic léinn fochéime agus iarchéime agus céimithe úrnua.

26. Tar éis dianphróiseas agallaimh, ghnóthaigh mic léinn sa bhliain dheiridh an BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha (**Alan Hayes, Anna Pietrzak** agus **Brian Byrd**) an comórtas Sábháilteachta agus Sláinte ag an Obair de chuid an Údaráis um Shábháilteacht agus Sláinte ar 8 Marta 2016. Bhí an chraobh ar siúl ag Ardoifig an HSA i mBaile Átha Cliath.
27. Fuarthas scéala iontach ar 30 Marta 2016 go raibh péintéireacht le céimí CEDC CIT, **Gentian Lulanaj**, roghnaithe le haghaidh taispeántais ardghradamaigh Ghradam Portráidí BP i nDánlann Náisiúnta na bPortráidí ó 23 Meitheamh – 4 Meán Fómhair 2016. Rachaidh an taispeántas ar thuras ansin go dtí Dánlann Usher in Lincoln (12 Meán Fómhair – 13 Samhain 2016), go dtí Dánlann Náisiúnta na bPortráidí, Dún Éideann (deireadh Samhna – deireadh Márta 2017) agus go dtí New Walk Museum & Art Gallery, Leicester (8/9 Aibreán – 11 Meitheamh 2017).
- Is é Gradam Portráide BP an comórtas péintéireachta is airde gradam ar domhan agus léiríonn sé scoth na péintéireachta portráide comhaimseartha. De 2,557 iontráil ar fad as 80 tír a chuir isteach ar an gcomórtas, chuaigh 439 ar aghaidh le haghaidh measúnaithe ag Trinity Buoy Wharf. Anseo roghnaigh na breithiúna an 53 deiridh don taispeántas. Leanann BP de bheith ag déanamh urraíochta ar an Duais Taistil a chuirfidh ar chumas an ealaíontóra oibriú ar feadh tréimhse ama chomhaontaithe sa Bhreatain nó níos faide i gcéin.
28. Thug Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta in CIT aitheantas le déanaí d'éachtaí gairmiúla **Brendan O'Regan**, Bunaitheoir agus Cathaoirleach Feidhmeannach Zenith Technologies. Fuair sé Gradam d'Éachtaí Céimí STEM de chuid na Dámhe. Bronntar na gradaim seo ar chéimithe ar thug a gcuid oibre san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht nó sa matamaitic (STEM) cion suntasach i gcomhthéacs gairmiúil agus/nó sochaíoch. Thug Brendan cion ollmhór d'fhorbairt STEM i réigiún Chorcaí, agus é ag treorú forbairtí a thugann deiseanna d'ardcháilíocht agus deiseanna idirnáisiúnta do chéimithe STEM.
- Bhí Brendan ar dhuine de chéad chéimithe chlár na Fisice Ionstraimintí de chuid CIT agus chuaigh ar aghaidh chun céim a fháil ó Scoil Ghnó Stanford.
29. Ba í **Clíodhna Sargent**, mac léinn PhD in Eolaíochtaí Bitheacha an tríú bean Éireannach agus an chéad bhean as Cúige Mumhan a ghnóthaigh a 200ú caipín hacaí agus í ag imirt in aghaidh na Coiré sa Nua-Shéalainn. Is éacht iontach é sin.
30. Bhí **Club Seoltóireachta CIT** san iomaíocht agus bhuaigh Craobhchomórtais Náisiúnta Luamhaireachta Mic Léinn IUSA ag Club Luamhaireachta Bhinn Éadair, Baile Átha Cliath. Ba é sin an chéad uair a fuair CIT an bua san imeacht seo le cúig bliana. Ghnóthaigh siad an teideal "Seaimpíní Náisiúnta Luamhaireachta IUSA" agus cháiligh siad chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn i gCraobhchomórtais Luamhaireachta Mhic Léinn an Domhain in La Rochelle na Fraince i nDeireadh Fómhair 2016.
31. Ag Gradaim BICS na gCumann Náisiúnta a bhí ar siúl ar 14 Aibreán 2016 in Óstán Radisson Blu i Luimneach, bronnadh an gradam "An Duine Aonair is Fearr" i gcoláiste beag ar **Martin Crowley**, mac léinn 3ú Bliain Ríomhaireachta. Thug Martin an-chuid ama go deonach agus é ag eagrú a lán gníomhaíochtaí ar mhaithe le mic léinn eile. Tá an t-aitheantas náisiúnta a fuair sé tuille aige agus spreagann sé mic léinn eile le bheith páirteach agus an méid is mó a bhaint as eispéaras foghlama an mhic léinn.
- Is é cuspóir Gradaim Náisiúnta BICS ná aitheantas a thabhairt don iarracht ollmhór a dhéanann cuid mhaith daoine aonair a reáchtáilann cumainn ar fud na hÉireann. Is bealach iad na gradaim chun aitheantas a thabhairt don tiomantas seo agus is deis iad chun an tábhacht agus an fiúntas a thugann cumainn do shaol coláistí a cheiliúradh.
32. Comhghairdeas le **Foireann Lúthchleasaíochta CIT** a rinne sáriomaíocht ar 15 agus 16 Aibreán 2016 ag Craobhchomórtais Idir-ollscoile Raoin is Faiche IUAA a bhí ar siúl i Staidiam Morton i mBaile Átha Cliath. Thug an fhoireann 6 bhonn ar ais go Corcaigh:
- |          |  |                                |
|----------|--|--------------------------------|
| Ór       | <b>Andrea Bickerdike</b>   | – 1500 Méadar na mBan          |
| Airgead  | <b>Jessica Neville</b>   | – Cliathrás 400 Méadar na mBan |
| Cré-umha | <b>Denise Byrne</b>  | – Sleá                         |
| Cré-umha | <b>Thomas Houlihan</b>   | – Léim Chuaille                |
| Cré-umha | <b>T J Hogan</b>   | – Rás-Siúl 3 Km                |
| Cré-umha | 4 x 400 Méadar ( <b>Jessica Neville, Jayne Pennefather, Rachel O'Shea, Andrea Bickerdike</b> ) |                                |
- Chríochnaigh an fhoireann de 33 lúthchleasaí sa 7ú háit ar an iomlán as 23 Ollscoil agus Institiúid.
33. Ar 21 Aibreán 2016, reáchtáil Aontas na Mac Léinn Gradaim Bhliantúla Chomhairle an Aontais inar bhronn an Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, agus an Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin

Acadúil & Gnóthaí Mac Léinn Teastais Tuillteamais ar Ionadaithe Ranga mar aitheantas ar a gcion deonach do shaol an champais.

Bhronn Oifigigh Shabóideacha an Aontais gradaim ar sheisear Ionadaí Ranga a bhí ainmnithe ag baill a ranga mar aitheantas ar a “Sár-Chion Deonach” i rith na bliana acadúla. Ba iad na faighteoirí:

- **David Buckley**
- **Matt Donovan**
- **Gemma Harris**
- **Kathryn Stoye**
- **Wilhelmina van der Bent**
- **Fiona Walsh**

34. Ar 26 Aibreán 2016, bhí Gradaim Spóirt CIT ar siúl sa Seomra Caidrimh, Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Reáchtálar na gradaim go bliantúil agus ba iad a bhronn na gradaim ná an Dr Barry O’Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, agus an Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mac Léinn. Cuireann an t-imeacht seo deis iontach ar fáil don Institiúid aitheantas a thabhairt do mhic léinn a bhain barr feabhais amach sa spórt atá roghnaithe acu le linn na bliana acadúla roimhe sin. Tá na gradaim seo bunaithe ar shár-éachtaí ina spórt agus/nó i riarachán clubanna laistigh den Institiúid. Bronnadh na gradaim seo a leanas:

#### Faighteoirí Gradaim Spóirt CIT 2016

##### 12 Bhuaiteoir Gradaim Aonair

Líon	Ainm	Cúrsa	Éachtaí Spóirt
1.	<b>Roy Downey</b> (Cispheil)	Staidéar Gnó Bliain 2	Rinne ionadaíocht do Shinsir na hÉireann ag Craobhchomórtas na Síne an samhradh seo caite  An ball ba óige den Fhoireann Éireannach Hibernia i gCorn na hEorpa i mbliana  Seaimpíní Sraithchomórtas Blue Demons i mbliana
2.	<b>Steven Quinn</b> (Liathróid Raicéid)	Staidéar Gnó Bliain 1	Buachtáil sa roinn oscailte Idir-ollscoile na hÉireann i mbliana  Captaen scuad na hÉireann a bhí san iomaíocht i gCraobhchomórtas Shóisearacha an Domhain i mbliana  An t-imreoir sinsearach aicmithe uimhir 3 in Éirinn agus ar phainéal sinsearach na hÉireann sna Craobhchomórtas Dhomhanda ata ag teacht
3.	<b>Timmy Ryan</b> (Ailleadóireacht)	Fuinneamh In-athnuaite Bliain 4	Ball coiste d’Ailleadóireacht CIT le linn a cheithre bliana  1ú háit i gcomórtas bollánóireachta in Airéana na Muirdíge i mbliana  Ball rithábhachtach den choiste eagrúcháin a d’óstaigh an ailleadóireacht idir-ollscoile 2015
4.	<b>Ken Sheehan</b> (Karate)	Innealtóireacht Cheimiceach & Bhithchógaistíochta Bliain 4	Ghnóthaigh bonn óir ag foireann Kumite agus óir in kata ag idir-ollscoile 2015  Ghnóthaigh bonn óir ag foireann kata ag idir-ollscoile 2016  Rúnaí Club CIT 2014/15 agus 2015/16
5.	<b>Amy Waters</b> (Cispheil)	Oideachas Luathóige (Bliain 2)	Barr-scorálaí do CIT, agus 18 bpointe ar an meán in aghaidh an chluiche  Sárimreoir Coláiste ag Idir-Ollscoile 2015 agus í roghnaithe do Roghfhoireann Choláistí na hÉireann 2016  Roghnaith le déanaí le haghaidh Phainéal Sinsearach na hÉireann

6.	<b>Pearse O'Flynn</b> (Seoltóireacht)	Córais Faisnéise Gnó Bliain 4	Cathairleach Club Seoltóireachta CIT do na trí bliana seo caite agus threoraigh óstú cuid mhaith imeachtaí  Ball bunriachtanach d'fhoireann CIT a ghnóthaigh 2ú háit i gcomórtais an Oirthir agus sna hIdir-Ollscoileanna 2016  1ú háit sna Craobhchomórtais Naisiúnta Cluichi Rasaíochta 2015
7.	<b>Vladimir Belujsky</b> (Dornálaíocht)	Bainistíocht Ghnó Bliain 2	Rinne ionadaíocht do CIT sa Phortaingéil ag Troid ar Cuireadh i mbliana  Seaimpín contae sé huairé, Seaimpín na Mumhan & buaiteoir bonn airgid Uile-Éireann  Ionadaí idirnáisiúnta na hÉireann in aghaidh Sasana & Nua Eabhrac
8.	<b>Thomas Houlihan</b> (Lúthchleasaíocht)	Céim Máistir in Innealtóireacht Struchtúrtha	Seaimpín chúig huairé idir-ollscoile sa léim chuaille  Seaimpín laistigh & lasmuigh faoi láthair  Ghnóthaigh ocht gcraobhchomórtas laistigh in 2015
9.	<b>Gemma O'Mahony</b> (Cispheil)	Innealtóireacht Bhithleighis Bliain 3	Craobhiomaitheoir Sraithchomórtas Uile-Éireann 2016  Craobhiomaitheoir Idir-ollscoile A 2015  Foireann Coláistí na hÉireann 2014
10.	<b>Liam Treacy</b> (Tréantógáil Meáchan)	Innealtóireacht Mheicniúil Bliain 1	1ú háit sa 82.5 kg idir-ollscoile  1ú sna hArduithe Aonair Náisiúnta IDPPA  Roghnaíthe chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag Arduithe Aonair an Domhain i Meitheamh
11.	<b>Julian Dale</b> (Hacaí)	Áineas & Fóillíocht (Bliain 1)	Roghnaíthe ar Fhoireann Hacaí Ollscoile na hÉireann  Buaiteoir Pláta Idir-ollscoile, barr scórálaí le 12 chúl as 5 chluiche  Comh-chaptaen Faoi-18 na hÉireann
12.	<b>Andrea Bickerdike</b> (Lúthchleasaíocht)	Máistir Taighde Eolaíochta (Bliain 1)	Seaimpín 1500 Méadar Idir-ollscoile Uile- Éireann (Craobhchomórtais Lasmuigh)  2ú háit 800 Méadar Idir-ollscoile (Craobhchomórtais Laistigh)  3ú háit Idir-ollscoile foireann sealáíochta 4 x 400 méadar (Craobhchomórtais Lasmuigh)

#### Gradam "Mac Léinn Céad Bhliana"

1.	<b>Conor Prunty</b>	Innealtóireacht Chomónta Bliain 1	Ball d'fhoirne iománaíochta & peile Phort Láirge Faoi 21 agus d'fhoireann shinsearach peile Phort Láirge  Seaimpín Mhic Léinn Céad Bhliana Uile- Éireann Roinn 1  Buaiteoir bonn peile sinsearaí craobhchomórtais lena chlub i mbliana
----	---------------------	---	--



**“Rísam Uile” Gradaim x 2**

1.	<b>Club Seoltóireachta</b>	Seaimpíní Náisiúnta Mic Léinn Luamhaireachta  Cáilithe le hionadaíocht a dhéanamh do CIT & Éirinn ag Craobhchomórtais an Domhain sa Fhrainc i Samhain  “Club na Bliana” IUSA  2ú háit ag comórtais an Oirthir agus Idir-ollscoile  4ú háit ag Comórtais Nisiúnta Rásaíochta Cluiche  D’óstaigh roinnt imeachtaí i rith na bliana
2.	<b>Club Liathróid Raicéid</b>	Seaimpíní Idir-ollscoile Uile- Éireann  Seaimpíní Idir-ollscoile na Mumhan 2016  Ceithre Chomórtas Náisiúnta go dtí seo, ghnóthaigh 4 theideal oscailte dúbailte, 1 ór, 2 airgead agus 3 chré-umha i gcomórtais shingil  Beirt bhall roghnaithe do Phainéal Sinsearach na hÉireann do Chraobhchomórtais an Domhain ata ag teacht

**Gradam “Club na Bliana”**

1.	<b>Club Camógaíochta</b>	Seaimpíní Corn Purcell  Buaiteoirí Uile- Éireann Roinn 2  Braistint mhór comradaíochta agus meanman foirne
----	--------------------------	--

**“Gradam Éachta” x 10 do Roghnú Coláistí na hÉireann**

1.	<b>Danny O’Connell</b>	Sacar
2.	<b>Eoin McGreevy</b>	Sacar
3.	<b>Vladimir Belujsky</b>	Dornálaíocht
4.	<b>Cathal Keane</b>	Dornálaíocht
5.	<b>Roy Downey</b>	Cispheil
6.	<b>Aoife Dineen</b>	Cispheil
7.	<b>Lauren Falvey</b>	Cispheil
8.	<b>Julian Dale</b>	Hacaí
9.	<b>Linda Bolger</b>	Camógaíocht
10.	<b>Amy Lee</b>	Camógaíocht

**“Gradam d’Éacht Idirnáisiúnta” Roghnú d’Oilimpeacha Rio**

1.	<b>Gary O’Donovan</b>	Margaíocht (Bliain 4)
----	-----------------------	-----------------------

35. Ar 27 Aibreán 2016, ghnóthaigh **Caoimhe Lynch**, céimí 2015 den BSc (Onór) in Eolaíocht Bhithleighis, gradam Duais Acadamh Eolaíochta Cliniciúla agus Leigheas Saotharlainne (ACSLM) an Uachtaráin do Thionscadal Taighde na Bliana Deiridh i réimse na hEolaíochta Bithleighis ag searmanas san RDS i mBaile Átha Cliath. Bhí sí ar dhuine de sheisear mac léinn a roghnaíodh go náisiúnta chun dul san iomaíocht le haghaidh Duais an Uachtaráin. Chuir Caoimhe i láthair fionnachtana Thionscadal na Bliana Deiridh dar teideal “Epidemiological Analysis of Vancomycin Resistant Enterocci in an Acute Irish Hospital” os comhair lucht éisteachta an-mhór. Nuair a ghnóthaigh Caoimhe an gradam seo cuireadh

í sa chéad áit i dtaighde fochéime i measc na 100 mac léinn eolaíochta bithleighis ina bliain idir DIT, GMIT agus CIT/UCC, agus beidh sí san iomaíocht ar son na hÉireann ag Comhdháil Idirnáisiúnta Chumann Eorpach le haghaidh Gairmeacha in Eolaíocht Bhithleighis san Aithin i nDeireadh Fómhair 2016.

36. D’oscail an tUachtarán an 30ú Taispeántas Bliantúil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Bithleighis, arna eagrú ag an Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Bithleighis de chuid CIT ar 28 Aibreán 2016 in Halla Nexus, i Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Is é atá sa taispeántas ná cur i láthair príomhúil innealtóireachta iildisciplíní fochéime agus iarchéime agus tionscadail iildisciplíneacha mac léinn, tionscadail taighde thionsclaíocha agus saoráidí oiliúna tionsclaíocha laistigh den Scoil agus den Institiúid. Agus méadú tar éis teacht air ó circa 11 sheastán in 1987 go dtí breis is 200 seastán in 2016, tá stádas bainte amach ag taispeántas bliantúil Chorcaí mar an taispeántas innealtóireachta oideachasúla is mó agus is cuimsithí in Éirinn agus san Eoraip. Ba é teideal thaispeántas na bliana seo ná “30 Bliain ag Fás”.

Sular seoladh an Taispeántas bronnadh na gradaim sáréachta seo a leanas sa Dánlann, Lárionad na Mac Léinn:

#### Bronnadh Gradaim CIT ag an Uachtarán

Uimh.	Teideal an Ghradaim	Faighteoir	
1.	Bronnadh Gradam Cuimhneacháin Tim Sexton 2016	<b>Damien Dennehy</b> BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil  Céimí Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil CIT  Institiúid Chairte Bainistíochta Uisce agus Comhshaoil  Buaiteoir Gradam Náisiúnta Comhshaoil Mhic Léinn Sligeach 2015  Craobhiomaitheoir Innealtóra Nuálaigh Mhic Léinn na Bliana Innealtóirí Éireann	“Design and Development of an Automatic Flood Barrier”, Tionscadal agus Táirge Féin-Cheaptha
2.		<b>Michael Harrington</b> BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil  Céimí Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil CIT  MEETA – Cumann na mBainisteoirí Cothábhála agus Sócmhainní Gradam Náisiúnta Teastas Mic Léinn don Bharr Feabhais 2015	“Design and Development of a Fast Scan System” i gcomhar le EMC
3.	Bronnadh Gradam Cuimhneacháin Richard Hale 2016	<b>Kevin Condon</b> BEng (Onór) in Innealtóireacht Bhithleighis  Céimí Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Bhithleighis CIT MEETA – Cumann na mBainisteoirí Cothábhála agus Sócmhainní  Gradam Náisiúnta Teastas Mic Léinn don Bharr Feabhais 2015	“Preventive Maintenance Optimisation of Split Mold Stent Security Machine” i gcomhar le Abbott Ireland

**Bronnadh Bonn Éireann MSD don Tionscadal Taighde Ceimicigh agus Bithchógaisíochta ag Dermot O'Brien Uas., Stiúrthóir Forbartha Próisis & Tráchtálaithe, MSD Ireland**

1.	<b>Sarang Joshi</b>	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Cheimiceach & Bithchógaisíochta CIT 2015
----	---------------------	--

**Bronnadh Bonn Tionscnaimh PM Group don Tionscadal Dearaidh Ceimicigh agus Bithchógaisíochta is Fearr ag Paul O'Leary Uas., Bainisteoir Innealtóireachta, PM Group**

1.	<b>Roisín Kelleher</b>	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Cheimiceach & Bithchógaisíochta CIT 2015
----	------------------------	--

**Bronnadh Bonn Tionscnaimh Em3 don Tionscadal Innealtóireacht Inbhuanaithe na Bliana Deiridh is Fearr ag David Cotterell Uas., Bainisteoir Tionscadail, Energy Metrics Monitoring & Management Ltd.**

1.	<b>Shane Merritt</b>	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Inbhuanaithe CIT 2015
----	----------------------	---

37. Tá clár Intéirneachta Extreme Blue IBM ar oscailt do chéimithe Eolaíochta Ríomhaire in Éirinn agus feidhmíonn sé gach bliain i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Anuraidh, ghnóthaigh mic léinn Ríomhaireachta CIT trí cinn de na cúig áit a bhí ar fail i gCorcaigh, I mblíana ghnóthaigh siad gach ceann de na cúig cinn. Is móréacht é sin agus is aitheantas é ar cháilíocht na mac léinn atá againn san Institiúid. Ba iad na mic léinn rathúla:

- **Dylan Smith**, mac léinn PhD, Roinn Ríomhaireachta
- **Richard Costello**, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí & Líonrú Ríomhaire
- **Michael Healy**, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí & Líonrú Ríomhaire
- **Martin O'Driscoll**, BSc (Onór) i bhForbairt Bogearraí
- **Sabina Czernecka**, Ardteastas i bhForbairt Néalbhogearraí & Móibíle

Agus iad á dtreorú ag saineolaithe teicniúla IBM, rachaidh na hintéirneigh trí phróiseas dian nuálaíochta agus cruthaitheachta chun a gcuid smaointe a fhorbairt isteach ina réiteach deiridh. Ar chríochnú na hintéirneachta dóibh, glacfaidh siad páirt in Expo réigiúnach áit a mbeidh deis acu a gcuid réiteach a chur i láthair agus a thaispeáint do cheannairí IBM, do chliant agus d'intéirneigh eile Extreme Blue.

38. Bronnadh Gradam Éachta Céimí STEM ar **Chaitríona Dowling** (BSc in Eolaíocht Mhuirí de chuid CIT) ag Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta CIT ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann in Aibreán 2016. Tá mar aidhm ag na gradaim seo aitheantas a thabhairt dóibh siúd a thug cion suntasach do na réimsí atá bunaithe ar an eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht nó matamaitic (STEM).

Is í Caitríona Máistir Cuain an Phointe, an dara calafort is mó i dTuaisceart Éireann. I gcomhar leis an taithí mara, an taithí shinsearach bainistíochta agus an MSc in Oibríocht Loingseoireachta atá aici, tá sraith scileanna an-suntasacha forbartha aici laistigh den tionscal muirí.

39. Ghnóthaigh **Damien Dennehy**, BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil, an chéad craobhiomaitheoir i gCraobhchomórtais Ghradam Universal Design Grand Challenge, dhá mhórghradam dearaidh as a thionscadal dar teideal "Advanced Hydro Systems – the Automated Flood Defence Barrier".

Bhí an Searmanas Gradaim ar siúl sa Dánlann Náisiúnta Eolaíochta, Baile Átha Cliath ar an Déardaoin 26 Bealtaine 2016. Ba iad gradaim Damien:

1. Gradam Tráchtálaithe Dearadh Uilíoch" de chuid Fhiontar Éireann – Maoiniú Deontais d'Indéantacht Chás Tráchtála de suas le €15,000.
2. Gradam Rogha na mBreithiúna "Gradam Mórdhúshláin Dearaidh Uilíoch" de chuid Fhiontar Éireann – Buan-Trófaí Taistil - €1,000 in airgead duaise (Roinnte idir Scoil agus Mac Léinn).

Tar éis taithí phearsanta a fháil ar imeachtaí mórthuilte uirbeacha a fháil, thug Damien faoi bhacainn réamhshuiteáilte féin-implonaithe chosanta tuilte a fhorbairt a bheadh in ann bealach isteach uisce a bhrath agus a chosc trí oscailt chaighdeánach dorais.

40. Rinne an tUachtarán freastal ar Bhronnadh Gradam Ceannaireachta Mhic Léinn de chuid Spórt Éireann ar **Pearse O'Flynn**, mac léinn 4ú bliain i gCórais Faisnéise Gnó, a ghnóthaigh "Gradam Ceannaireachta Spórt Éireann na Mac

Léinn, a bhronn Ciarán Ó hIarnáin, Bainisteoir Forbartha Spórt Éireann na Mac Léinn, air Dé Céadaoin, 8 Meitheamh 2016.

Is é Student Support Ireland Bord Rialaithe Spórt Tríú Leibhéal in Éirinn a bhfuil mar mhisean acu spórt tríú leibhéal a chur chun cinn agus a fhorbairt. Is ardghradam é seo agus an t-aon Ghradam Ceannaireachta a bhronntar go bliantúil ag SSI. Tá bród ar CIT gur roghnaíodh mac léinn dár gcuid mar an mac léinn is fearr in Éirinn.

Ba é Pearse ba mhó ba chúis le fás Chlub Seoltóireachta CIT agus chuidigh a cheannaireacht agus a thiomantas go mór sna héachtaí a bhain siad amach ní amháin i mbliana ach le linn na gceithre bliana seo caite. Is inspioráideach iad a eitic oibre agus a ghrá don tseoltóireacht.

41. Tar éis Breithniú Céim 2, ainmníodh ceithre Tionscadal de chuid CIT sa Bharr-Ghearrliosta Náisiúnta (as breis is 470 iontráil) le haghaidh Chraobhchomórtais Náisiúnta d’Fhiontraí Mic Léinn 2016 de chuid Fhiontar Éireann a bhí ar siúl i Luimneach ar 8 agus 9 Meitheamh 2016. Níor cuireadh 4 thionscadal ar an ngearrliosta seo riamh cheana as coláiste amháin agus is éacht ar leith é de réir caighdeán ar bith don Institiúid.

Fuarthas an-dea-scéala ar 9 Meitheamh. Sciob CIT an phríomhdhuais agus trí Ghradam Ard-Tuilleamais. Mar seo a leanas na gradaim a bronnadh:

Uimh.	Tionscadal	Mac Léinn/Foirne Mic Léinn	Gradam
1.	Gasgon Medical	<b>Vincent Forde</b>	Buaiteoir Foriomlán – duais de €10,000 agus teideal “Fiontraí Coláiste na Bliana 2016”
2.	Hydrofloclean (H-Flo)	<b>Arran Coughlan, Kelly Lane, George O’Rourke, Shane O’Driscoll, Jason Shorten, John Harrington and Gerard O’Connell</b>	Gradam do Smaoineamh Gnó as an gCoitiantacht le Cruickshank Intellectual Property Attorneys – Gradam Ard-Tuilleamais - €5,000
3.	Recovery Solutions Leader (RSL)	<b>Tim Walley, Conor O’Brien, Jerry Crowley, Daniella Barrett, Aidan Lawless, David Cullinane, Tahamina Akter and Vincent Lotti</b>	Gradam Grant Thornton do Ghnó Éiritheach - €5,000
4.	Steady Life	<b>John Morrissey, Eoin Kelly, Katie Galvin, Neil Walsh, Piotr Kasztelan, Ryan Sebastian and Michelle Kehoe</b>	Gradam Intel ICT - €5,000

42. Ba é céimí CIT, **Myles Murray**, POF PMD Solutions, an Príomh-Chainteoir Inspreagtha ar cuireadh ó Fhiontar Éireann ag Craobhchomórtais Náisiúnta d’Fhiontraí Mic Léinn 2016, a bhfuil ardmheas orthu, i Luimneach ar 9 Meitheamh. Gan ach ceithre bliana caite ó bhain sé a chéim amach, tá siad seo a leanas bainte amach ag Myles:

- 22 fostaithe
- €4.2m maoinithe faighte

43. Bhí Bronntaí Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamhraidh ar siúl i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 20 Meitheamh 2016. Rinneadh bronnadh ar na mic léinn seo a leanas:

- 82 Réamhchéimí as CNMÉ
- 1 Réamhchéimí Máistir Ealaíon as an Roinn Ealaíon i Sláinte & Cleachtas Pobail
- 1 Réamhchéimí Máistir Eolaíochta as an Roinn Bainistíochta & Fiontair
- 1 Réamhchéimí Máistir Eolaíochta as Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
- 1 Réamhchéimí Dochtúir Fealsúnachta as Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
- 1 Réamhchéimí Dochtúir Fealsúnachta as an Roinn Innealtóireachta Leictirí & Leictreonaí

44. Rinne CIT comhghairdeachas leis na deartháireacha as Corcaigh Thiar, **Gary** agus **Paul O’Donovan** as bonn airgid a ghnóthú i rásaí éadrom-sculála fir ag Cluichí Oilimpeacha Rio 2016. Is onóir agus éacht é bheith rannpháirteach sna Cluichí oilimpeachas ach is éacht ar leith é Bonn Oilimpeach a ghnóthú. Tá Céim Onóracha i nGnó curtha i gcrích in CIT ag Gary. Níos luaithe i mbliana bronnadh Gradam d’Éacht Idirnáisiúnta CIT air ag Searmanas Gradaim Bhliantúla Spóirt CIT. Rinne Gary agus Paul ionadaíocht d’Éirinn ó 2008 agus faoi láthair is buaiteoirí 9 gcrabhbhcomórtas náisiúnta iad.

## 3.12 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí Gearáin na Mac Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

### Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláráitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2013.

### 3.13 Tuarascáil ar Rochtain

Tá Seirbhís Rochtana CIT tiomanta don rannpháirtíocht a leathnú, rochtain a mhéadú agus tacú le haschuir dhearfacha oideachasúla do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon de thacaíochtaí ar fáil do ghrúpaí mac léinn atá faoi ghannionadaíocht ag an tríú leibhéal. Tacaíonn an tSeirbhís le

- mic léinn faoi mhíchumais,
- mic léinn lánfhásta,
- mic léinn faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíoch, agus
- baill de mhionghrúpaí eitneacha.

Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon leathan tacaíochtaí ar fáil ag leibhéal na hiariontrála a chuireann leis an eispéaras acadúil agus le haschuir fhoghlama na mac léinn a bhaineann leas as an tseirbhís. Ar na tacaíochtaí tá: tacaíochtaí pearsanta; acadúla; agus airgeadais.

Agus an ghníomhaíocht bhliantúil á seachadadh aici, bíonn Seirbhís Rochtana CIT ag brath go mór ar thacaíocht agus chomhoibriú na ranna agus oifigí inmheánacha.

#### Ráiteas & Luacha Misin Sheirbhís Rochtana CIT 2014-17

Tá Seirbhís Rochtana CIT tiomanta do rannpháirtíocht a leathnú, rochtain a mhéadú agus tacú le haschuir dhearfacha oideachasúla do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá an tSeirbhís Rochtana tiomanta go tréan do sheirbhís d'ardcháilíocht, ghairmiúil mac léinn-láraithe a chur ar fáil. Baintear amach é sin trí thiomantas tréan do phrionsabail an chuimsithe shóisialta agus trí chomhoibriú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta leis na príomhpháirtithe leasmhara.

#### Plean Náisiúnta Rochtana

I mí na Nollag 2015, sheol an tÚAO an tríú Plean le hahaidh Chomhionannas Rochtana don Ardoideachas. Sainithníodh Cothromas Rochtana don Ardoideachas mar chroíchuspóir náisiúnta don chóras ardoideachais sa Chóras Creat Feidhmíochta don Ardoideachais 2014-16.

Cuireann an plean in iúl gur 'tosaíocht náisiúnta' é cothromas deise don ardoideachas agus **'go mbaineann rochtain leis an uile dhuine'**. Is é an fhís atá sa Phlean Náisiúnta do Chothromas Rochtana don Ardoideachas ná *'a chinntiú go léiríonn na mic léinn atá ag iontráil, atá rannpháirteach san oideachas agus ag cur an ardoideachais i gcrích ag gach leibhéal éagsúlacht agus meascán sóisialta dhaonradh na hÉireann'*. Leagann an plean amach spriocanna, cuspóirí agus targaidí do gach institiúid ardoideachais agus ní mór do na pleananna straitéiseacha institiúide iad sin a léiriú go hiomlán.

#### Corcaigh mar Chathair UNESCO na Foghlama

In 2015, roghnaigh UNESCO Corcaigh mar chathair amháin de 12 chathair ar fud an domhain chun bheith ina cás-staidéar dá Líonra Domhanda Cathracha Foghlama (LDCF). Rachaidh sí in éineacht le Swansea sa Bhreatain Bheag agus Epsoo, an dara cathair san Fhionlainn chun ionadaíocht a dhéanamh don Eoraip ar LDCF. Tharla sé sin de bhrí go mba cheannródaí í Corcaigh agus í ag eagrú féile a bhí tiomanta don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil – an chéad cheann in Éirinn, agus an t-aon cheann dá leithéid san Eoraip. Bhí CIT bainteach leis an bhféile ón a tús trí chabhair airgid agus cúnamh a thabhairt lena heagrú. Déanann an tOifigeach Rochtana ionadaíocht do CIT ar Choiste na Féile. Déanann an tOifigeach Rochtana ionadaíocht freisin do CIT ar an tionscnamh Fás Chathracha Foghlama.

Ar 28 Aibreán 2015, chaith Comhairle Chathair Chorcaí vóta go nglacfaí le Forógra UNESCO Beijing ar Chathracha Foghlama a Thógáil; Foghlaim ar Feadh an tSaoil don Uile Dhuine; Cuimsitheacht, Rathúnas agus Inbhuanaitheacht i gCathracha a Chur Chun Cinn – an chéad chathair agus an t-aon cheann go dtí seo in Éirinn a rinne é sin.

Go déanach in 2015, fuair Corcaigh gradam aitheantais speisialta ó UNESCO. Baineann suntas mór do Chorcaigh leis an nGradam Aitheantais seo a fháil. Is onóir mhór agus príbhleáid do Chorcaigh a bheith ar cheann den 12 chathair ar fud an domhain le bheith ina gcás-staidéar do Líonra Domhanda Cathracha Foghlama (LDCF) nua de chuid UNESCO.

I Meitheamh 2015, shínigh Uachtarán CIT Meamram Tuisceana le hUachtarán UCC, POF BEO Chorcaí agus Ard-Mhéara Chorcaí chun tiomantas a chur in iúl don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil i gCorcaigh agus chun clár UNESCO maidir le Cathair na Foghlama ar Feadh an tSaoil a chur chun cinn. Creideann gach duine go mbaineann buntáistí suntasacha le comhoibriú i bhforbairt Chorcaí mar chathair na foghlama. Leis an Meamram Tuisceana seo táimid tiomanta d'ardaidhmeanna faoin bhfoghlaim don uile dhuine; cuimsitheacht a Chur ar Aghaidh; Rathúnas agus Inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

Thug CIT geallúint go n-oibreodh sí le comhghleacaithe sna hearnálacha pobail, príobháideacha, poiblí agus deonacha chun a chinntiú go mbaineann Corcaigh sprioc UNESCO amach agus stádas mar Chathair don Fhoghlaim.

*“Tar éis Meamram Tuisceana a shíniú i Meitheamh, tá geallta ag na príomhpháirtithe leasmhara, CIT san áireamh, ardaidhmeanna faoin bhFoghlaim do chách; an Chuimsitheacht a Chur Chun Cinn; Rathúnas agus Inbhuanaitheacht a chur chun tosaigh. Inniu tá an clár sin curtha ar aghaidh agus tá aitheantas foirmiúil á fháil ó UNESCO ar ár ndul chun cinn. Is móréacht é sin don Chathair. Táimid in CIT ag súil le bheith ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sna hearnálacha pobail, príobháideacha agus poiblí chun a chinntiú go mbeidh Corcaigh ina Cathair UNESCO don Fhoghlaim.”*  
An Dr Brendan J Murphy, Uachtarán CIT – Nollaig 2015.

### **Rochtain – The Student Voice**

Ar an gCéadaoin, 13 Aibreán 2016, le linn Fhéile Chorcaí um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, sheol CIT foilseachán nua ar a dtugtar ‘Access – the Student Voice’. Aibhsíonn an foilseachán seo scéalta pearsanta 12 mhac léinn agus chéimithe a fuair tacaíocht ó Sheirbhís Rochtana CIT.

### **Gradam na Seachtaine um Fheasacht Choláiste**

#### **Fuair Seirbhís Rochtana**

CIT Gradam ó eagraithe an Fheachtais ar Fud na Tíre don tSeachtain um Fheasacht Choláiste, a reáchtáladh i Samhain 2015. Fuair an tSeirbhís an gradam as ilimeachtaí a eagrú chun grúpaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh le dul chun cinn go dtí an tríú leibhéal.

#### **Clár na Scoileanna Nasctha**

Oibríonn Clár na Scoileanna Nasctha de chuid na Seirbhíse Rochtana i gcomhpháirtíocht le foirne scoileanna, pobail áitiúla, baill foirne CIT agus mic léinn ó bhunscoileanna agus meánscoileanna d’fhonn tacú le breis rannpháirtíochta ó mhic léinn a bhí faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíochta san ardoideachas. Oibríonn Seirbhís Rochtana CIT i gcomhar le 22 scoil dara leibhéal i gCathair agus Contae Chorcaí.

Cuireann Seirbhís Rochtana CIT raon clár ar fáil agus tacaíonn le Scoileanna Nasctha dara leibhéal i gCorcaigh. Tacaíonn an tSeirbhís Rochtana le mic léinn a bhíonn faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíochta agus iad ag cur isteach ar an ardoideachas trí chlár cuimsitheach tionscnamh do scoileanna agus pobail faoi Chlár na Scoileanna Nasctha. Tá mar aidhm ag an gclár:

- Rochtain ar ardoideachas a éascú do mhic léinn a bhíonn faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíochta a chorpraíonn mic léinn mhíbhuntáiste trí bhealaí iontrála rochtana ar an ardoideachas.
- Rochtain ar bhealaí iontrála isteach in CIT a éascú.
- Raon de thacaíochtaí iariontrála a chur ar fáil le haghaidh mac léinn chun cuidiú lena n-aistriú isteach in oideachas tríú leibhéal.

#### **Rannpháirtíocht le Tuismitheoirí/Caomhnóirí**

*“Ón taithí atá agam mar Chomhordaitheoir Caidrimh Baile Scoile Pobail, tá ganntanas faisnéise i measc tuismitheoirí i scoileanna DEIS faoi na roghanna do dhaoine óga ag an tríú leibhéal agus ní mheasann cuid mhaith díobh gur rogha réalaióch é an t-oideachas tríú leibhéal dá bpáistí. I gcoitinne, níl an t-eolas ag na tuismitheoirí faoin bpróiseas atá i gceist chun áit a fháil in institiúid tríú leibhéal, ar a n-áirítear córas na bpointí, infhaighteacht deontas agus tacaíochtaí do pháistí as ceantair DEIS le linn dóibh bheith ag freastal ar Choláiste.”*

Dorothy Keane Oifigeach Caidrimh Baile Scoile Pobail

*Mar thuismitheoir, tuigim inní mo pháiste i dtaobh bheith oscailte faoina mhíbhuntáiste; conas a chuireann breithiúnas daoine isteach ar a bhféinmhuinín, agus an inní a bhraitheann siad agus iad ag admháil go raibh mar thoradh ar a bhfadhb*

*ar scoil go mbraitear agus go gceaptar go bhfuil siad faoin gcaighdeán go hacadúil. Mar sin, tar éis éisteacht dom do Jamie, d'fhág mé an t-imeacht agus mé níos dearfaí níos misnithe agus le faoiseamh. Tá an t-ionchas go mbeidh mo mhac ag freastal ar choldáiste agus go n-éireoidh go maith leis mar a bheadh féidearthacht réalaíoch.”*

Tuismitheoir ag freastal ar Chaint do Thuismitheoirí faoi Aistrithe

Aithníonn an tSeirbhís Rochtana an ról tabhachtach a imríonn tuismitheoirí agus iad ag imirt tionchair ar thodhchaí a bpáistí. Dearbhaíonn taighde a rinne an tSeirbhís Rochtana in 2016 é sin. Tá cuid mhaith de thorthaí ár dtaighde mar a chéile leis an taighde náisiúnta, amhail an tábhacht a bhaineann le tacaíocht agus treoir an tuismitheora. Chinntigh McCoy *et al* (2014) gur iarr mic léinn go mór mór treoir agus tacaíocht óna gcomhairleoirí treorach (83%), ina dhiaidh sin óna máithreacha (73%) agus óna n-aithreacha (61%). Luaigh beagnach leath an ghrúpa cairde agus múinteoirí eile mar fhoinsí comhairle. I staidéar CIT, sainaithníodh na ceithre ghrúpa ba mhó a d'imir tionchar agus a thug comhairle, ach ní san ord céanna. Dúirt formhór na mac léinn CIT gurbh iad a máithreacha a bpríomhfhoinsí comhairle agus tacaíochta. Ba iad an chéad dream eile ba airde ná aithreacha, agus ar a sála siúd Comhairleoirí Treorach. Luaigh roinnt mac léinn an tábhacht a bhain le múinteoirí mar chomhairleoirí.

### **Clár Nua do Scoileanna – Seisiún Scileanna Staidéir ‘Teacht i dTír ar d’Intinn’**

Ag tús na bliana acadúla, rinneadh athbhreithniú ar na Ceardlanna Scileanna Staidéir do mhic léinn an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta agus dá dtuismitheoirí. Dhírigh na seisiúin tharraingteacha idirghníomhacha seo ar cén fáth gur gá dúinn staidéar a dhéanamh, conas staidéar a dhéanamh, sláinte agus cothú (Arna sheachadadh ag an Dr Aoife McCarthy, Eolaíochtaí Bitheacha CIT), aireachas agus leidí praiticiúla leagtha amach, Cuireadh fáilte roimh an bhformáid. Tugadh an chéad seisiún ar maidin Dé Sathairn i Samhain do 78 mac léinn Ardteistiméireachta. Tugadh an seisiún ar iarratas i scoileanna do na blianta scrúduithe (99 mac léinn). Rinneadh leasú ar an seisiún agus tugadh é do ghrúpaí tuismitheoirí mic léinn i mbliain a scrúdaithe (55 tuismitheoir).

### **Oideachas Taistealaí**

Lean CIT de bheith ag obair leis an ngrúpa Idirghníomhaireachta Oideachais Taistealaí a thug cúnamh airgid do 5 scoil i gCorcaigh chun meantóirí a chur ar fáil do mhic léinn taistealaí sa scoil.

Le linn na bliana, thairg TJ Hogan, mac léinn dara bliain ar an gClár Forbartha Pobail in CIT agus ball den Phobal Taistil, go dtabharfadh sé cuairt ar ár Nasc-Scoileanna chun nascadh le páistí taistil agus iad a spreagadh chun fanacht ar scoil agus smaoinemh ar an tríú leibhéal. Rinne sé obair le buachaillí óga ina phobal agus fiúntas agus tábhacht an oideachais á chur chun cinn aige. Is eiseamláir iontach é do dhaoine óga ina phobal agus is spreagadh é do chách. I Meitheamh 2016, tugadh aitheantas náisiúnta d’obair TJ Hogan ar an tionscadal seo agus ar thionscnaimh óige eile a bhfuil baint aige leo agus bronnadh ceann de 7 ngradam air ag Gradaim Bhród na dTaistealaithe i mBaile Átha Cliath.

Rinne Leanna McDonagh Uas., céimí de chuid CEDC CIT, ealaíontóir, múinteoir agus ball den phobal taistil, obair leis an tSeirbhís Rochtana freisin agus í ag dul i ngleic le mic léinn óga taistil as Nasc-Scoileanna, agus úsáid a baint aici as meán na healaíne. Tugadh aitheantas foirmiúil d’éachtaí Leanna ag Comhdháil Líonra Rochtana na hEorpa nuair a bronnadh Gradam Rochtana Alumni uirthi.

### **Clár na Mac Léinn Lánfhasta**

Spreagann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí iarratais ó iarrthóirí lánfhasta agus bíonn sí i gcónaí ag forbairt bealaí iontrála níos leithne d’fhonn rannpháirtíocht fhoghlaiméirí lánfhasta a mhéadú.

D’imir athruithe suntasacha ag an leibhéal náisiúnta ar thacaíocht airgeadais le haghaidh foghlaiméirí lánfhasta a dhéanann staidéar go lánaimseartha agus méadú ar an líon atá fostaithe tionchar mór ar an obair a dhéanaimid.

Tá iarrachtaí móra déanta ag Ceanna Roinne le blianta beaga chun líon na mac léinn lánfhasta a mhéadú in CIT. Cuireann an oiread sin tosca seachtracha isteach ar iontráil lánfhasta sa lá inniu. D’ainneoin líon nach beag iarratas ó mhic léinn lánfhasta, féadfaidh an líon a nglactar leo do chúrsaí a bheith íseal i gcomparáid leis sin. Tá fianaise starógach ann a thabharfadh le tuiscint go gcuireann tairiscintí le haghaidh clár ó institiúidí eile isteach ar na leibhéil ghlactha. Lena chois sin, d’imir deiseanna oibre agus easpa tacaíochta airgeadais tionchar diúltach ar CIT a bheith ag baint amach na targaidí náisiúnta atá socraithe le haghaidh foghlaiméirí lánfhasta. Mar shampla, faoi 1 Feabhra 2016, thug 134 iarrthóir lánfhasta freagra ar CR031, BA i gCúram Sóisialta. Cuireadh 58 iarrthóir ar an ngearrliosta agus glaoth chun agallaimh iad agus tháinig 21 chun agallaimh.



Cailítear mic léinn ionchasacha ag gach céim den phróiseas iontrála, ón larratas tríd go hAgallamh, Tairiscintí, Glacadh agus Clárú sa deireadh.

Le linn na céime comhairliúcháin den Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas, chuir aighneacht CIT i láthair nach gcuirfí pionós airgeadais ar Institiúidí as laghdú i gclárúcháin mac léinn lánfhásta. Is treocht náisiúnta an laghdú in iontráil mac léinn a chuireann isteach ar gach institiúid. Ní léiríonn an treocht seo an obair leanúnach agus incriminteach a dhéanann Seirbhísí Rochtana chun rochtain le haghaidh mac léinn lánfhasta a mhéadú. Is fadhb é maoiniú a chionroinnt ar bhonn targaidí neamhréalaíocha atá leagtha síos in éadan cúlra aeráid eacnamaíochta atá ag athrú. Tuilleann an obair dhúthrachtach a dhéanann an Oifig Rochtana in CIT chun rannpháirtíocht a leathnú don chohórt mac léinn seo aitheantas i gcónaí.

#### **Naisc le Breisoideachais agus For-rochtain**

Tá naisc láidre déanta le soláthraithe Breisoideachais i réigiún Chorcaí agus na Mumhan. Tugann Oifigeach na Mac Léinn Lánfhásta, le tacaíocht uaireanta an Oifigigh Rochtana, faoi chuid mhaith tionscnamh for-rochtana seachtrach chun dul i ngleic le mic léinn lánfhasta ionchasacha. Tá Oifigeach na Mac Léinn Lánfhasta i mbun naisc a fhorbairt go leanúnach le soláthraithe breisoideachais agus rinne teagmháil leis an líon is airde soláthraithe in 2015-16 go dtí seo. Bhí mar thoradh ar chuairteanna promóisin ar na coláistí breisoideachais agus eagraíochtaí pobail agus imeachtaí oideachais agus oiliúna gur bualadh le breis is 557 mac léinn ionchasach.

#### **Míchumas**

Leanann an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais de bheith ag tacú le mic léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha i ngach ceann de champais CIT. Agus treocht na mblianta seo caite ag leanúint, tá líon méadaithe tar éis clárú leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (STM) le 643 in 2015/16.

#### **Mic Léinn Reatha STM**

Rinne 125 mac léinn freastal ar na laethanta Tionscnaimh luatha i Lúnasa agus bhí 234 Clárúcháin Seirbhíse Tacaíochta Míchumais 2015/16 ar a n-áirítear printísigh, a raibh 181 díobh go lánaimseartha sa chéad bhliain – 9.15% de na hiontrálacha nua. Dhearbhagh freagróirí ar Shuirbhé ar Chothromas Rochtana an ÚAO 2015-16 gur aithníodh 276 (14%) de 1976 iontráil nua lánaimseartha a bheith faoi mhíchumas.

Ta méadú tar éis teacht ar líon na mac léinn a chláraíonn le Neamhord ar Speictream an Uathachais agus Neamhord Comhordaithe Forbartha i mbliana agus ba chóir go mbeadh sé sin mar bhunús le forbairt na dtacaíochtaí a chuireann an STM ar fáil. Thuairisc institiúidí DAWN eile ardú ar líon na mac léinn le Neamhord ar Speictream an Uathachais agus fadhbanna Sláinte Meabhrach agus iad ag clárú leo agus deimhniú na rátaí rannpháirtíochta do 2014/15 é sin.

#### **Tacaíocht Airgeadais**

Is í an phríomhfhoinsé tacaíochta airgeadais atá ar fáil do mhic léinn lasmuigh de scéim náisiúnta SUSI ná Ciste Cabhrach na Mac Léinn (CSE) . Cuireann Ciste Cabhrach na Mac Léinn cúnadh airgeadais ar fáil do mhic léinn lánaimseartha a bhfuil fadhbanna airgeadais ag cur as dóibh le linn dóibh a bheith ag freastal ar an gcoláiste. Féadfaidh mic léinn cur isteach ar Chabhair Mhic Léinn chun teacht i gcabhair orthu le linn fadhbanna sealadacha nó leanúnacha airgeadais. An ciste a roinneann an tÚAO go bliantúil cionroinntear 50% ar bhonn CLA agus 50% ar bhonn líon na mac léinn san institiúid as na targaidghrúpaí soch-eacnamaíochta, mar a mbailítear trí shonraí Cothroime Rochtana a bhailiú. In 2015-16 ba é ár gcionroinnt SAF ná €281,805. Ba laghdú é sin ó na blianta roimhe sin. Mar a tharla in 2014-15, ní bhfuarthas breisiú le linn na bliana acadúla: bhíothas ag ceapadh gurbh í an chionroinnt seo an buiséad iomlán don bhliain. In Eanáir 2016, tugadh an dara cionroinnt gan choinne de €66,680.



RÉADLANN CHAISLEÁN NA CARRAIGE DUIBHE CIT

## 4. Taighde, Nuálaíocht agus Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach, Gníomhaíochtaí Alumni agus Idirnáisiúnta agus AE

### Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Taighde
- 4.2 Foilseacháin Taighde
- 4.3 Nuálaíocht agus Fiontraíocht
- 4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach
- 4.5 Rannpháirtíocht Alumni
- 4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

## 4.1 Taighde

Lean feidhmíocht taighde CIT de bheith láidir le linn na bliana acadúla 2015/16. Luaigh an Sunday Times cáilíocht taighde CIT go sonrach nuair a rinne siad cinneadh CIT a roghnú mar IT na Bliana do 2016. Rinne siad tagairt go háirithe do líon na luanna (an líon is airde san earnáil) agus an méadú de 12% ar líon na PhDanna, d'ainneoin laghdú náisiúnta, mar aon leis an ioncam in aghaidh an acadóra ó mhaoiniú taighde. Tá liosta iomlán na bhfoilseachán le fáil in áit eile, agus achoimre tháscach curtha ar fáil thíos:

Méadracht	Líon
132. Rojas, D., & Barrett, J. (2016). Experimental analysis of a wireless sensor network in a multi-chamber metal environment. Paper presented at the *European Wireless Conference 2016, EW 2016*, 494-499.
133. Ross, S., O'Callaghan, I., Jermy, R., Blake, L., Corcoran, D., Sleator, R. D., & Lucey, B. (2016). Stool consistency: No hard and fast rules for the diagnosis of VTEC infection. *Journal of Clinical Pathology*, 69(9), 837. 10.1136/jclinpath-2016-203792
134. Rourke, S. O. (2016). A combination theorem for affine tree-free groups. *International Journal of Algebra and Computation*, 26(7), 1283-1321. 10.1142/S0218196716500557
135. Rush, E., Cairncross, C., Williams, M. H., Tseng, M., Coppinger, T., McLennan, S., & Latimer, K. (2016). Project energize: Intervention development and 10 years of progress in preventing childhood obesity public health. *BMC Research Notes*, 9(1)10.1186/s13104-016-1849-1
136. Saladukha, D., Ochalski, T. J., Murphy-Armando, F., Clavel, M. B., & Hudait, M. K. (2016). Pushing the limits of silicon transistors. Paper presented at the *Proceedings of SPIE - the International Society for Optical Engineering*, 974210.117/12.2209606
137. Sargent, C., Lacey, S., Gebruers, C., & O'Mahony, J. (2016). The development and optimisation of a quantitative physical fitness scoring system for use amongst naval service personnel. *International Maritime Health*, 67(3), 171-178.10.5603/IMH. 2016.0032
138. Savant, V., & Smith, N. (2016). Development of an auto mated data acquisition and processing pipeline using multiple telescopes for observing transient phenomena. Paper presented at the *Proceedings of SPIE - the International Society for Optical Engineering*, 991010.1117/12.2232516
139. Scully, T., & Madden, M. G. (2016). Promoting cooperation and fairness in self-interested multi-agent systems. Paper presented at the *ICAART 2016 - Proceedings of the 8th International Conference on Agents and Artificial Intelligence*, 2 172-180
140. Shortall, J., Shalloo, L., Foley, C., Sleator, R. D., & O'Brien, B. (2016). Investment appraisal of automatic milking and conventional milking technologies in a pasture-based dairy system. *Journal of Dairy Science*, 99(9), 7700-7713.10.3168/jds.2016-11256
141. Sleator, R. D. (2016). DIY biology-hacking goes viral! *Science Progress*, 99(3), 278-281. 10.3184/003685016X14684989326984
142. Sleator, R. D. (2016). JCVI-syn3.0 – A synthetic genome stripped bare! *Bioengineered*, 7(2), 53-56. 10.1080/21655979.2016.1175847
143. Sleator, R. D. (2016). Synthetic biology: From mainstream to counterculture. *Archives of Microbiology*, 198(7), 711-713.10.1007/s00203-016-1257-x
144. Slepneva, S., O'Shaughnessy, B., Hegarty, S., Kelleher, B., Rica, S., Vladimirov, A., & Huyet, G. (2016). Convective nozaki-bekki holes in a long cavity laser. Paper presented at the *Proceedings of SPIE - the International Society for Optical Engineering*, 973210.1117/ 12.2209403
145. Smith, L., Rees, P., & Murray, N. (2016). Turning entrepreneurs into intrapreneurs: Thomas Cook, a case-study. *Tourism Management*, 56, 191-204.10.1016/j.t ourman.2016.04.005
146. Smyth, D., Cionca, V., McSweeney, S., & O'Shea, D. (2016). Exploiting pitfalls in software-defined networking implementation. Paper presented at the *2016 International Conference on Cyber Security and Protection of Digital Services, Cyber Security 2016*, 10.1109/ CyberSecPODS.2016.7502354
147. Stafeev, S. S., Nalimov, A. G., Kotlyar, M. V., Gibson, D., Song, S., O'Faolain, L., & Kotlyar, V. V. (2016). Microlens-aided focusing of linearly and azimuthally polarized laser light. *Optics Express*, 24(26), 29800-29813. 10.1364/OE.24.029800
148. Torrens, J. I., Mehta, D., Zavrel, V., Grimes, D., Scherer, T., Birke, R., . . . Pesch, D. (2016). Integrated energy efficient data centre management for green cloud computing the FP7 GENiC project experience. Paper presented at

- the *CLOSER 2016 - Proceedings of the 6th International Conference on Cloud Computing and Services Science*, 2 375-386.
149. Tykalewicz, B., Goulding, D., Hegarty, S. P., Huyet, G., Dubinkin, I., Fedorov, N., . . . Kelleher, B. (2016). Optically induced hysteresis in a two-state quantum dot laser. *Optics Letters*, *41*(5), 1034-1037. 10.1364/OL.41.001034
  150. Tykalewicz, B., Goulding, D., Hegarty, S. P., Huyet, G., Erneux, T., Kelleher, B., & Viktorov, E. A. (2016). Emergence of resonant mode-locking via delayed feedback in quantum dot semiconductor lasers. *Optics Express*, *24*(4), 4239-4246. 10.1364/OE.24.004239
  151. Viktorov, E. A., Dubinkin, I., Fedorov, N., Erneux, T., Tykalewicz, B., Hegarty, S. P., . . . Kelleher, B. (2016). Injection-induced, tunable all-optical gating in a two-state quantum dot laser. *Optics Letters*, *41*(15), 3555-3558. 10.1364/OL.41.003555
  152. Vladimirov, A. G., Huyet, G., & Pimenov, A. (2016). Delay differential models in multimode laser dynamics: Taking chromatic dispersion into account. Paper presented at the *Proceedings of SPIE - the International Society for Optical Engineering*, 989210.1117/ 12.2230649
  153. Ware, A., & Power, N. (2016). Biogas from cattle slaughterhouse waste: Energy recovery towards an energy self-sufficient industry in Ireland. *Renewable Energy*, *97*, 541-549. 10.1016/j.renene.2016.05.068
  154. Ware, A., & Power, N. (2016). What is the effect of mandatory pasteurisation on the biogas transformation of solid slaughterhouse wastes? *Waste Management*, *48*, 503-512.10.1016/j.wasman.2015.10.013
  155. Whelton, E., Lynch, C., O'Reilly, B., Corcoran, G. D., Cryan, B., Keane, S. M., . . . Lucey, B. (2016). Vancomycin-resistant enterococci carriage in an acute Irish hospital. *Journal of Hospital Infection*, *93*(2), 175-180.10.1016/j.jhin.2016.03.005
  156. Wilson, A. (2016). The material and visual culture of the construction of Irish catholic identity: St. Colman's cathedral, Queenstown, county Cork. *Material religion in modern Britain: The spirit of things* (pp. 37-56)10.1057/9781137540638.0007
  157. Withephanich, K., Orihuela, L., Garcia, R. A., & Escano, J. M. (2016). Min-max model predictive control with robust zonotope-based observer. Paper presented at the *2016 UKACC International Conference on Control, UKACC Control 2016*, 10.1109/CONTROL.2016.773 7613
  158. Zannini, E., Waters, D. M., Coffey, A., & Arendt, E. K. (2016). Production, properties, and industrial food application of lactic acid bacteria-derived exopolysaccharides. *Applied Microbiology and Biotechnology*, *100*(3), 1121-1135. 10.1007/s00253-015-7172-2
  159. Zhang, F., & Murphy, M. D. (2016). Comparative efficiency of lactation curve models using Irish experimental dairy farms data. Paper presented at the *2016 American Society of Agricultural and Biological Engineers Annual International Meeting, ASABE 2016*, 10.13031/aim.20162455147
  160. Zhang, F., Murphy, M. D., Shalloo, L., Ruelle, E., & Upton, J. (2016). An automatic model configuration and optimization system for milk production forecasting. *Computers and Electronics in Agriculture*, *128*, 100-111.10.1016/j.compag.2016.08.016



## 4.3 Nuálaíocht agus Fiontraíocht

### Aistriú Teicneolaíochta

Don bhliain fhéilire 2015, d'fhaomh Fiontar Éireann seacht dtionscadal maoinithe tráchtálaithe do CIT. Bhí eilimint shuntasach tráchtálaithe sna tionscadail nuálaíochta seo a raibh baint ag na lárionaid taighde CIT leo: NIMBUS, CAPPA agus MEDIC, agus tacaíocht acu ó shaineolaí tráchtálaithe san Oifig Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht.

Rinne Fiontar Éireann athbhreithniú ar dhá Technology Gateway (TEC & CAPPA) i nDeireadh Fómhair mar chuid d'athbhreithnithe deireadh bliana náisiúnta agus thug tuarascáil an-dearfach orthu araon. Chuir TEC 56 tionscadal i gcríoch leis an tionsclaíocht agus chuir CAPPA 34 tionscadal i gcrích leis an tionsclaíocht, a raibh an dá cheann thaobh thuas dá dtargaidí bliantúla don bhliain seo.

### Tionscnamh um Neartú Aistriú na Teicneolaíochta Céim 3 (TTSI 3)

Cuireadh iarratas ar mhaoiniú faoi TTSI 3 le haghaidh aistriú croitheicneolaíochta in Eanáir. Is ball de chuibhreannas í CIT atá á threorú ag UCC agus a chuimsíonn Teagasc agus IT Thrá Lí. Is comhpháirtí nua í IT Thrá Lí sa chuibhreannas mar go raibh siad mar chuid de chuibhreannas a bhí á threorú ag UL faoi ghlaio ar mhaoiniú roimhe sin, TTSI 2. Tá mar sprioc ag an iarratas tráchtáil taighde agus aistriú eolais don tionsclaíocht a uasmhéadú agus tionchar dearfach a imirt ar an ngeilleagar, go réigiúnach agus go náisiúnta.

Idir Meán Fómhair 2015 agus Iúil 2016, agus mar chuid de TTSI, phróséail agus dhréachtaigh an Oifig um Idircaidreamh leis an Tionsclaíocht iad seo a leanas:

- 75 Comhaontú Neamhnochna
- 5 Comhaontú Taighde Conartha
- 10 Comhaontú Taighde Chomhoibrithe
- 4 Tionscadal Taighdeora
- 8 Sannachán IP ó Aireagóir go CIT
- 2 Comhaontú Cuibhreannais AE

Is cuid iad sin de mhéadrachtaí tuairiscithe CIT faoin gclár Aistriú Eolais Éireann (KTI) TTSI.

### Aireagán na Bliana

Ar 16 Márta, ag searmanas gradaim, tugadh an gradam “Aireagóir na Bliana ICT CIT” do Richard Linger (Nimbus) tar éis athbhreithnithe ag painéal neamhspleách. Rinne Purdey Lucey urraíocht ar an duais. Is córas réamh-mheastach rialaithe optamúcháin fuinnimh atá néalbhunaithe é réiteach bainistithe fuinnimh an Uasail Linger, SESOP (Scalable Energy Systems Optimisation Platform), a thugann rochtain íseal-riosca do custaiméirí ar an margadh mórdhíola leictreachais, a chomhcheanglaíonn sonraí fíor-ama agus ard-algartaim bogearra chun uainiú úsáide fuinnimh a roghnú d’fhonn suas go dtí 25% de chostais ar fhuinneamh a spáráil.

### Cruinniú Gnólachtaí Nuathionscanta

D’imir Lárionad Rubicon agus CIT ról suntasach sa chruinniú Gnólachtaí Nuathionscanta a bhí ar siúl ó 5 – 9 Deireadh Fómhair 2015. Ba eochairghníomhaíocht é an cruinniú faoin bPlean Gníomhaíochta do Jabanna agus is éard a bhí i gceist leis ná 350 imeacht go náisiúnta, ar réachtáladh 70 díobh i gCorcaigh. Ar na himeachtaí a bhain le CIT/Rubicon bhí:

- Ceardlann Paitinne (Rubicon)
- Seoladh oifigiúil na Loinge Entrepreneur (iMerc)
- Lá Tacaíochta na Nuálaíochta (Nimbus)
- Aimsigh Mars (RCCD)
- Clinic Chomhairleach um Chothromas (Rubicon)

### Plean Gníomhaíochta do Jabanna

Ghlac CIT páirt sa Ghrúpa Cur i nGníomh don Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Jabanna ar bhain an príomhfhócas sa réimse seo le tacaíocht níos mó a chumasú d’fhiontraíocht mhic léinn, fiontraíocht mhná a spreagadh, agus tacaíocht le haistriú eolais laistiar d’fhorbairt rathúil cnuasach. Thug CIT cion freisin do raon gníomhaíochtaí eile sa Phlean.

### Mac-chuideachtaí CIT

Fuair Avantamed, mac-chuideachta 2015 CIT ó MEDIC agus bunaithe ag Lárionad Rubicon, €1.2m d'airgeadas tar éis babhta rathúil tiomsaithe airgid.

Sainithníodh trí mhac-chuideachtaí fhéideartha eile agus thug an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht tacaíocht dóibh tríd an Tionscnamh um Neartú Aistrithe Teicneolaíochta (TTSI) i gcomhar leis an gcuibhreannas UCT a dtacaíonn KTI leis, agus faomhadh dhá cheann díobh i Meitheamh, Tip Tap agus Predictive Control Systems (PCS).

### Lárionad Rubicon

- New Frontiers: Rinneadh an t-iarratas rathúil New Frontiers i gcomhar le IT Thrá Lí agus bhí mar thoradh air gur cionroinneadh €1.9 milliún do CIT thar na 5 bliana seo chugainn, rud a thacóidh le 260 fiontraí sa réigiún. Bhí 30 rannpháirtí i gCéim 1 de New Frontiers ó Mheán Fómhair 2015, agus fuarthas 100 ráiteas spéise do na háiteanna sin. Bhí 28 ráiteas spéise do na 14 áit ar Chéim 2 atá le tosú i Meán Fómhair 2016.
- Go luath i Samhain 2015, cuireadh tús leis an gclár EXXCEL d'fhiontraithe mná – don dara huair – le 11 rannpháirtí. Is clár páirtaimseartha é sin inar féidir smaointe gnó a imscrúdú agus a bhailíochtú roimh an seoladh agus roimh cheangaltas lánaimseartha don tionscnamh. I mBealtaine 2016, chuir an cohórt sin an clár i gcrích agus sárthaispeántas na dtionscadal mar chríoch leis ar 10 Bealtaine.
- Bronnadh deontas AE Horizon 2020 de €4.1m ar PMS Solutions, cliant de chuid Rubicon agus gnólacht nuathionscanta de chuid céimí CIT, trí mheán na hionstraiminte SME. Bhí sé sin ar cheann de na deontais ba airde sa tír (tugadh an deontas ba mhó do chliantchuideachta eile de chuid Rubicon, Radisens Diagnostics, níos luaithe in 2015). In Aibreán 2016, fógraíodh gur bhuaigh Radisens Diagnostics gradam Red Herring Top 100, gradam ardchlúiteach a onóraíonn na fiontair phríobháideacha teicneolaíochta a bhfuil gealladh fúthu ó réigiún gnó na hEorpa.
- Faoi dheireadh Samhna 2015, bhí foireann Rubicon tar éis idirghníomhú le 620 mac léinn de chuid CIT as an Institiúid go léir. Bhí tacú le Modúl CIT do lucht na chéad bhliana san áireamh ann agus dul i gcomhpháirtíocht leis an Scoil Ghnó ar chomhfhorbairt an Mhodúil nua d'Fhiontair Theicniúla. Ar an modúl seo amháin thug foireann Rubicon tacaíocht do 80 mac léinn chun torthaí a gcuid foghlama a bhaint amach agus rinneadh na láithreoirachtaí tionscadail deiridh a óstú sa Rubicon go luath i mí na Nollag 2015.
- Bhog Wavebreak Media amach as an Rubicon agus isteach i bhfoirgneamh nua i mBaile an Chollaigh. Is comhlacht ilmheán iad a fuair tacaíocht ó Fhiontar Éireann agus roinnt infheisteoirí agus bhí siad páirteach i dtús báire i gClár Genesis (New Frontiers anois) agus fostaíonn sí 35, a bhfuil ról chéimithe acu go léir. Tá beartaithe acu cur le líon na bhfostaithe tar éis bogadh isteach dóibh. Leanann Wavebreak sála Radisens Diagnostics a bhog amach go Baile an Chollaigh níos luaithe i 2015.
- Bronnadh Maoiniú Iomaíochta Tionscnaimh Fhiontar Éireann ar dhá chliant de chuid Lárionad Rubicon i bhFeabhra/Márta 2016:
  - Mianra Artisan Soaps – New Frontiers Alumni 2014
  - Tip Tap - New Frontiers Alumni 2015 agus Mac-chuideachta CIT
- Bronnadh an duais fhoriomlán ar Vincent Forde, mac léinn sa Tríú Bliain in Innealtóireacht Mheicniúil agus rannpháirtí i Mac Léinn Inc Rubicon/CIT Samhradh 2015 i ngradaim Accenture Leaders of Tomorrow i Marta.
- D'éirigh leis an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht €50,000 a fháil i maoiniú seachtrach agus inmheánach don chlár **Mac Léinn Inc** 2016. Thug sé sin deis do 11 duine smaoinemh gnó mic léinn a bheith gortha le linn shamhradh 2016 i Lárionad Rubicon. Is méadú mór an líon sin tionscadal ó 4 in 2011 i gcéad bhliain Mac Léinn Inc arbh é an chéad chlár luasaire mic léinn in Éirinn é.

### Seachtain na Nuálaíochta CIT

Bhí Seachtain na nuálaíochta ar siúl ó 7 – 11 Márta 2016. Reáchtáladh 24 imeacht le linn na seachtaine agus rinne thart ar 1,800 duine freastal ar na himeachtaí difriúla. Ba iad an dá phríomhthaispeántas le linn na seachtaine ná taispeántas New Frontiers i dtús na seachtaine agus searmanas Ghradaim na Mac Léinn ag an deireadh a raibh san áireamh iontu:

- Duais CIT don Nuálaíocht
- Comórtas APPrentice CIT
- Comórtas na Samhla Canbháis Gnó
- Gradam EMC Enactus don Nuálaíocht Shóisialta

Chuidigh foireann Lárionad Rubicon chun moltóireacht a dhéanamh ar an 52 iontráil plean gnó le haghaidh Dhuais CIT don chomórtas Nuálaíochta, a raibh méadú suntasach air ón 28 iontráil in 2016. Fuarthas poiblíocht ó na meáin ar feadh na seachtaine, agus threochtaigh an dá phríomhthaispeántas ar Twitter in Éirinn.

Ar na torthaí bhí:

1. Gradam don Phlean Gnó is Fearr agus €1,500  
*Safe Release Hook* – Darren Kingston – Innealtóireacht Mheicniúil  
Is meicníocht sábháilteachta chrúca d'earnáil na foirgníochta é Safe Release Hook.
2. Gradam don Chur i Láthair Tairisceana is Fearr agus €1,500

*KazooCare* – Wendy Ayooluwa Oke – MA Taighde in Oideachas Luathóige. Is fóram é KazooCare chun plé a spreagadh ar an Oideachas Luathóige agus Seirbhísí Cúraim.

3. Seastán Taispeántais is Fearr agus €1,000  
*Shelve Tech* – Niall O’Leary, Daniel McCarthy, Diarmuid Cody, Elaine Ferro, Bryan Laffan, Cillian Farrell, Seán O’Callaghan, Tim Casey, Mark O’Flynn – Innealtóireacht Mheicniúil.  
Is táirge é *Shelve Tech* atá ceaptha chun míreanna a stáiceáil agus a dhístaiceáil os cionn airde cinn.
4. Buaiteoir Gradam ENACTUS CIT don Nuálaíocht Shóisialta 2016 - €1,000  
Alex Sheehan, Eoin McCarthy agus Myat Min – Innealtóireacht Bhithleighis  
Is gradam nua é seo i mbliana atá urraithe ag EMC, a thugann onóir do dhaoine aonair agus foirne a bhaineann barr feabhais amach i réimse na fiontraíochta sóisialta agus na nuálaíochta. Ghnóthaigh an fhoireann an gradam as a bhfeiste íonúcháin láimhe uisce atá dírithe ar an easpa uisce ghlan le hól go háitiúil agus i dtíortha sa tríú domhan.
5. An Tionscadal is Nuálaí - €2,000  
*H-Flo 1* – Arran Coughlan, Shane O’Driscoll, Kelly Lane, George O’Rourke, Janek Krauter, Kacey Mealy, Jason Shorten, Gerard J. O’Connell, John Harrington – Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis.  
Is feiste sábháilteachta é *H-Flo 1* a chuireann ar chumas oibrí scaoileadh ó cliathbhosca nó ardán má théann an fheiste *H-Flo 1* faoi uisce. Tháinig smaoineamh na foirne as timpiste thragóideach i Luimneach ina bhfuair beirt oibrí droichid bás nuair a thit an t-ardán a bhí á úsáid acu isteach in abhainn agus nach raibh siad in ann iad féin a scaoileadh uaidh.
6. Buaiteoir Foriomlán Duais CIT 2016 don Nuálaíocht - €4,000 agus teideal Fiontraí na Bliana  
*GASGON* – Vincent Forde – mac léinn sa 3ú bliain in Innealtóireacht Mheicniúil. Is réiteach díghásúcháin é *GASGON* do leachtanna atá ag sreabhadh. Roghnaíodh é as 52 iontráil. Chuir Vincent an Mac Léinn Inc, clár i Lárionad Rubicon i gcrích i samhradh 2015.

### Comórtas Uile-Éireann Fiontraíochta Mic Léinn de chuid Fhiontar Éireann

Tar éis chomórtas Duais CIT don Nuálaíocht 2016, chuir roinnt mhaith de na mic léinn a dtionscadail isteach ar chomórtas Fiontar Éireann/Invest Northern Ireland fiontraí mic léinn. Ghnóthaigh Vincent Forde, buaiteoir Duais CIT don Nuálaíocht, an teideal Fiontraí Mic Léinn Uile- Éireann na Bliana 2016 (agus €10,000) le cur lena Dhuais CIT don Nuálaíocht agus a dhuais Accenture.

Ghnóthaigh CIT gach ceann de na príomhdhuaiseanna, an chéad uair riamh ar éirigh le líAO é sin a dhéanamh. Fuair foirne CIT an lámh in uachtar ar iomaíocht as gach IAO in Éirinn agus foirne as Tuaisceart Éireann san áireamh. De bhrí go mba mhac léinn de chuid CIT buaiteoir 2016, óstóidh CIT an comórtas ardhphróifíle seo i Meitheamh 2017. Cruthaíonn an rath ag an leibhéal seo an obair chomhoibritheach a bhaineann le fiontraíocht mhic léinn ar fud na hInstitiúide i measc na Ranna Acadúla, Lárionad Rubicon, Lárionad Hincks don Bharr Feabhais i bhFiontraíocht, an Oifig Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht agus na hIntéirigh Fiontraíochta Mic Léinn a oibríonn i gcomhar le agus a spreagann mic léinn go laethúil.

### Sárthaispeántas New Frontiers

Ar 7 Márta 2016, bhí Sárthaispeántas & Gradaim Bhliantúla Forbartha Fiontraí New Frontiers ar siúl i Lárionad Nexus, Campas Bhaile an Easpaig. Sonraíonn an t-imeacht seo cur i gcríoch Céimeanna 2 agus 3 de Chlár New Frontiers de chuid Fhiontraí Éireann, atá á sheachadadh ag Lárionad Rubicon CIT. Ba é an príomhchainteoir ag an imeacht ná Kevin Sherry Uas., Stiúrthóir Feidhmeannach Fhiontar Éireann, a bhronn na teastais freisin. I mbliana ar na haíonna bhí infheisteoirí i nGnólachtaí Angel agus Venture Capital.

Bronnadh roinnt gradam ar an tráthnóna mar seo a leanas:

Uimh.	Gradam	Faighiteoir/Cuideachta
1.	An Deis Ghnó is Fearr agus Buaiteoir Foriomlán Chlár New Frontiers 2015	Emmet Kearney, Jumble <a href="http://www.Jumble.ie">www.Jumble.ie</a>
2.	Gradam don Ghnó is Nuálaí	Stephen Collins, Tip Tap <a href="http://www.tiptaptap.ie">www.tiptaptap.ie</a>
3.	An Plean Gnó is Fearr	John O’Keefe, GYMIX <a href="http://www.gymix.ie">www.gymix.ie</a>
4.	An Seastán Trádála is Fearr	Conor Coughlin, Black Twist Hard Coffee <a href="http://www.blacktwist.ie">www.blacktwist.ie</a>
5.	Rannpháirtí na Bliana	Denis McCarthy, DMA Foods Ltd

## 4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach

### Campas Leathnaithe CIT

Rinneadh formáid na gCás-Stáidéar a léiríonn idirghníomhaíochtaí rannpháirtíochta leathana CIT a nuashonrú le linn 2015/2016 agus cuireadh cásanna nua don taiscleann gréasáin amach atá anois inchuadaithe go héasca ag ‘interaction type’. Tá na cásanna Rannpháirtíocht i nGníomh ar fáil anseo: <http://extendedcampus.cit.ie/casestudies>.

Roghnaíodh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí – trí obair Champas Leathnaithe CIT – mar chomhpháirtí na hÉireann sa *State of University Cooperation in Europe* is déanaí.

Chomhoibrigh Campas Leathnaithe CIT leis an ÚAO agus Fiontar Éireann ar fhorbairt méadrachtaí/tagarmharcálacha d’fheidhmíocht na rannpháirtíochta ardoideachais.

### Fóram um Scileanna Réigiúnacha (RSF)

Bhí CIT ar cheann de na comhpháirtithe oideachais agus oiliúna a bhí i gceist le bunú fóram scileanna réigiúnacha sa réigiún Thiar-Theas, faoi thionscnamh Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Jabanna, agus ba iad na comhpháirtithe eile ná IT Thrá Lí, UCC, BOO Chorcaí, BOO Chiarraí agus Skillnets. Rinne an Roinn Oideachais & Scileanna urraíocht náisiúnta ar an tionscadal. Mar phríomhghné den tionscnamh seo bhí sainaitheint réimsí ganntanais scileanna sa réigiún a bhí bunaithe ar shonraí náisiúnta agus réigiúnacha staidrimh, agus seachadadh ar ghníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt air. Bhí feidhmiú rathúil an Fhórait ceaptha freisin chun samhail nua rannpháirtíochta réigiúnaí a sheachadadh le haghaidh na tionsclaíochta agus na soláthraithe oideachais agus oiliúna.

Chionroinn an Roinn Oideachais & Scileanna maoiniú le haghaidh post mar Bhainisteoir Fóram Scileanna Réigiúnacha – agus post amháin cionroinnte do gach réigiún. Fógraíodh na poist go léir go lárnach, agus iad cionroinnte do cheann de na soláthraithe oideachais agus oiliúna sa réigiún. Ceapadh an bainisteoir FSR agus bunaíodh é i gCampas Leathnaithe CIT, agus é ag obair ar son FSR agus na comhpháirtithe go léir atá i gceist.

Chuir Campas Leathnaithe CIT freagra cuimsitheach ar fáil do chláir *Limerick for Engineering* chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna chomh maith le suirbhé ar scileanna a fhorbairt do *Chnuasach Innealtóireachta Chorcaí Thuaidh*.

### Aitheantas do Réamhfhoghlaim (RPL)

Thug Campas Leathnaithe CIT aitheantas do 257 cás a raibh 119 measúnaithe i gceist leo le linn na bliana acadúla 2015/2016. Bhí formhór na n-iarratas sin bunaithe ar réamhfhoghlaim fhoirmiúil (205) agus 38 díobh a taifeadadh ar thaithí ag leibhéal 9. Is cuid iad den líon iomlán éileamh ar aitheantas do réamhfhoghlaim agus roinnt iontrálacha, ard-iontrálacha agus díolúiní bunaithe ar réamhfhoghlaim choibhéiseach fhoirmiúil a ndearna ranna agus scoileanna déileáil leo.

Tugadh an modúl Leibhéal 9 ar Pholasaí agus Ghnáthaimh RPL don fhoireann mar chuid de chéim Máistir i dTeagasc agus Foghlaim.

Seoladh an tuarascáil taighde a rinne an t-aonad RPL atá bunaithe i gCampas Leathnaithe CIT – a maoiníodh trí thairiscint iomaíoch le linn 2015 – “*A Current Overview of RPL in Irish Higher Education*” i mBaile Átha Cliath (QQI agus Fóram Náisiúnta) in Eanáir 2016. Ag eascairt as sin, d’iarr QQI ar Champas Leathnaithe CIT píosa oibre cosúil leis a dhéanamh ar RPL sa Bhreisoidéachas.

### Springboard

In 2015, faomhadh 18 gcúrsa Springboard+ agus ICT le haghaidh iontógála i bhfómhar 2015. Rinneadh 11 chlár díobh sin a thairiscint do 153 mac léinn mar seo a leanas:

- Lean Six Sigma Green Belt (Leibhéal 7) (faofa le haghaidh breisáiteanna)
- Lean Six Sigma Black Belt (Leibhéal 8) (iontógálacha Chorcaí & Bhaile Átha Cliath)
- Teastas i mBainistíocht Tionscadail ICT (Leibhéal 8)
- Teastas in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta (Leibhéal 6)
- Dioplóma in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta (Leibhéal 7)
- Máistir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta (Leibhéal 9)
- Teastas i Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (Leibhéal 8)
- BSc (Onór) in Ardteicneolaíochta Déantúsaíochta (Leibhéal 8)
- Ard-dioplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht (Leibhéal 8)
- Ard-dioplóma in Eolaíocht i bhForbairt Néal-Bhogearraí & Móibíle (Leibhéal 8)
- Ard-dioplóma in Eolaíocht Sonraí & Anailíseacht (Leibhéal 8)

Faoin nglao Springboard + 2016, cuireadh isteach 24 togra. Faomhadh 12 iontógáil ar fad ar 10 gcúrsa dhifriúla le haghaidh iontógála ó fhómhar 2016. B'ionann é sin agus 169 áit fhoghlaimeora ar chostas iomlán de €854,800.

**Gníomhaíocht Taighde Rannpháirtíochta**

Bhí CIT ar thús cadhnaíochta in Éirinn le linn na ndeich mbliana seo caite i bhforbairt agus cleachtadh in idirghníomhaíochtaí rannpháirtíochta. Dáiríre is i ngeall cuid mhaith ar an Oideachas i bhFostaíocht agus tionscadail REAP a bhí treoraithe ag CIT atá úsáid an téarma 'rannpháirtíocht fhiontair' ag dul i méid i gcáipéisíocht QQI agus an ÚAO. Feictear CIT mar cheannaire smaointeoireachta náisiúnta sa réimse seo, i ngeall ar raon na n-aschur acadúil ar a n-áirítear páipéir a cuireadh i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2015/2016 agus i mblianta roimhe sin.

## 4.5 Rannpháirtíocht Alumni

Tugann Oifig Alumni CIT tacaíocht do agus forbraíonn caidreamh alumni ag CIT trí roinnt tionscnamh agus spreagann naisc idir CIT agus a cuid céimithe. Is bealach é inar féidir le Alumni CIT dlúthnaisc a choinneáil lena n-álma mater agus inar féidir leo leas a bhaint as raon leathan buntáistí agus seirbhísí. Tá thart ar 23,000 ball cláraithe ag an gCumann.

Cuireann CIT ballraíocht ar fail saor in aisce do gach céimí i gCumann Céimithe CIT. Tá raon leathan buntáistí, seirbhísí agus imeachtaí ar fail ag baill chláraithe.

Moltar do na céimithe a gcuid sonraí teagmhála a choinneáil le data trí rphost, láithreán gréasáin, suíomhanna líonraithe sóisialta nó trí theagmháil dhíreach leis an Oifig um Chaidreamh le Céimithe.

### Grúpa Comhairleach Alumni CIT

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Alumni CIT in 2014, a bhfuil cuimsithe iontu baill foirne CIT amháin.

Tá Grúpa Comhairleach Alumni CIT ceaptha chun gníomhaíocht chaidrimh alumni a chothú, a chur chun cinn agus a fhorbairt ag CIT. Déanann an Grúpa treoir a thairiscint d'Oifig Alumni CIT agus spreagann breis rannpháirtíochta mic léinn trí theagmháil phearsanta leis na mic léinn, le céimithe agus leis an bhfoireann.

### Ról Bhaill an Ghrúpa Chomhairligh

- Feasacht ar Chumann Alumni CIT agus a chuid gníomhaíochtaí a fhorbairt i measc na mac léinn reatha agus na foirne.
- Alumni úrnua a earcú don Chumann Alumni;
- Iarracht a dhéanamh Sainghrúpaí Alumni CIT a shainaitheint, a chothú agus, de réir mar is iomchuí, a bhunú;
- An dea-chaidreamh oibre idir an Oifig Alumni agus Dámha, Coláistí agus Scoileanna na hInstitiúide a dhaingniú tuilleadh;
- Misean CIT chun leathnú agus dul i ngleic le líonra éagsúil alumni ar fud an domhain a roinnt;
- Alumni eile a chomhthoghadh de réir mar is gá do thionscnaimh shonracha;
- Leas a bhaint as an eolas atá ag baill foirne CIT atá ar scor;
- Athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar Théarmaí Tagartha an Ghrúpa Chomhairligh.

Tagann an grúpa i gceann a chéile ceithre haire sa bhliain.

### Clár Ambasadóra Alumni Mic Léinn CIT

Sheol an Oifig Alumni Clár Ambasadóra Alumni Mic Léinn CIT i Meán Fómhair 2014. Ba é an aidhm a bhí ag an gClár ná caidreamh agus idirghníomhaíochtaí dearfacha a fhorbairt i measc mac léinn, alumni, dámh agus foirne. Fuair an Oifig Alumni 80 iarratas do Chlár Ambasadóra Alumni Mic Léinn CIT 2015-2016 (méadú de 18 iarratas). Bhí naonúr Ambasadóirí Alumni ag an gClár 2015-2016.

Thug an naonúr mac léinn deich n-uaire dá gcuid ama chun tacú le gníomhaíochtaí Oifig Alumni CIT agus fuair siad teastais ó Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha ar 12 Bealtaine 2016. Sheas Ambasadóirí Alumni CIT do na réimsí seo a leanas:

- Eolaíocht Mhuirí
- Ceoil
- Córais Faisnéise Gnó (x 2)
- Teicneolaíocht Ailtireachta
- Innealtóireacht Bhithleighis
- Gnó agus Bainistíocht
- Gnó agus Margaíocht (x 2)

### Clár Chomhheantóireachta Alumni agus Seirbhíse Gairme

Tá Clár Chomhheantóireachta forbartha ag Oifig Alumni CIT agus Seirbhís Ghairmeacha CIT le haghaidh mac léinn reatha na bliana deiridh agus iarchéimithe. Is gníomhaíocht dheonach sheach-churaclam é an Clár agus é mar aidhm aige mic léinn a

mheaitseáil le lucht gairmiúil as raon leathan earnálacha chun taithí, eolas, saineolas gnó agus comhairle faoi ghairmeacha a mhalartú.

Ar na heagraíochtaí a bhí bainteach bhí Boston Scientific, PM Group, Pernod Ricard, Calafort Chorcaí, CAB Motors, Ernst and Young, agus Apple.

Chuidigh an clár le mic léinn teagmhálacha a dhéanamh sa phobal gnó agus thug deis dóibh a gcuid scileanna gairmiúla a fheabhsú lasmuigh den seomra ranga. Bhain na mic léinn tairbhe as bheith rannpháirteach sa chlár ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear: cuairteanna ar chuideachtaí, eolas “chos istigh” a fháil, ullmhú d’agallamh, breithnithe cvanna, agus scáthú oibre. Bhí 10 céimithe páirteach i gclár 2015-2016.

#### **Clár Intéirneachta Alumni CIT**

Cuireadh tús le Clár Intéirneachta Alumni CIT i Meán Fómhair 2013 agus tá mar aidhm aige feachtas ar Oifig Alumni CIT a mhéadú go gníomhach i measc na mac léinn fochéime. Díreoidh an intéirneacht go sonrath ar mhic léinn chéimí a chur in aithne do Chumann Alumni CIT. Baineann ríthábhacht le ról an Intéirneachta Alumni chun caidreamh le mic léinn a fhorbairt roimh an mbronnadh céime.

Agus é ag tuairisciú don Oifigeach Caidrimh Alumni, déanann an t-intéirneacht Alumni gníomhaíocht chaidrimh alumni ag CIT a chothú agus a chur chun cinn go gníomhach. Tá i gceist leis sin cur i ngníomh raon tionscnamh agus gníomhaíochtaí nua a thacaíonn leis an sprioc seo i measc gach mac léinn CIT.

#### **Suirbhé ar Chéad Cheanna Scríbe**

Rinne Oifig Alumni CIT agus Oifig Gairmeacha CIT Suirbhé ar Chéad Cheanna Scríbe (SCCS) chéimithe CIT 2015 i Marta 2016. Bailíonn an suirbhé sonraí ó chéimithe úrnua d’fhonn an líon atá fostaíthe, daoine atá ag lorg fostaíochta agus iad siúd atá páirteach i mbreis-staidéar nó oiliúint a chinntiú. Rachaidh an t-eolas chun tairbhe do mhic léinn, chéimithe, bhainistíocht na hInstitiúide, d’fostóirí, cumadóirí polasaí agus gach duine a bhfuil spéis san ardoideachas acu.

Bailíodh sonraí ó 70% de chéimithe 2015. Tháinig méadú de 3% i gcomórtas le suirbhé 2014, rud a chuireann bonn níos láidre chun tatal a bhaint as. Déanfar suirbhé ar chéimithe 2016 in earrach 2017.

#### **Imeachtaí**

##### **Bronnadh Céimeanna 2015 CIT**

Bhí láithreach ag Oifig Alumni CIT ag Bronntaí 2015 áit a ndearna an oifig teagmháil leis na hAlumni go léir tar éis gach searmanas tríd an bhfeachtas fráma fótó “Rang 2015”. Mar thoradh ar an bhfeachtas fótó, rinne Oifig Alumni CIT teagmháil le 15,000 trí Facebook. Níor mhiste a thabhairt faoi deara nár baineadh leas as fógraíocht íoctha ná treisiúchán post.

Thug láithreach na hoifige le linn na mBronntaí deis eolas a chur ar fáil d’alumni agus iad a spreagadh chun an suirbhé ar na chéad cheanna scríbe a chomhlánú, a bhí le dáileadh in earrach 2016. Bhí mar thoradh breise air go ndearna alumni a gcuid sonraí a nuashonrú tríd an áis “nuashonraigh do chuid sonraí/update your details” ar líne. Bhain an éifeacht dhearfach seo leis an láithreach ag bronnadh céimeanna i dtéarmaí teagmháil a dhéanamh le alumni go luath.

##### **Gradfest CIT – 24 Feabhra 2016**

Chomhoibrigh Oifig Alumni CIT agus Seirbhís na nGairmeacha chun Gradfest CIT a óstú, áit ina raibh deis ag mic léinn ullmhú don bhronnadh céime agus teagmháil a dhéanamh le céimithe trí sheisiún “Buail le Céimithe”. Rinne an ócáid plé neamhfhoirmiúil le lucht gairmiúil tionscail a éascú maidir le conairí gairme do mhic léinn.

Bíonn Gradfest dírithe ar mhic léinn CIT a ullmhú le haghaidh bhronnadh na céime trí shraith imeachtaí spraoiúla agus speisiúla le linn cur le taithí an mhic léinn. Ba ríthábhachtach an rud é an rannpháirtíocht dheonach ó chéimithe CIT chun a chinntiú go mbeadh an t-imeacht taitneamhach do mhic léinn, chomh maith lena chinntiú go bhféadfaí an ócáid a eagrú agus a óstú le buiséad agus acmhainní teoranta.

Rinne an ócáid teagmháil ghníomhach le breis is 70 céimí don imeacht agus bhí 35 céimí i láthair agus iad ag tairiscint

comhairle do mhic léinn. Mar shamplaí de na cuideachtaí a bhí i láthair ag Gradfest bhí PM Group, EMC, Dell, TaxAssist Accounting, Zenith Technologies Ltd, Tyco, RPS Group, Institiúid Náisiúnta Tyndall, DeCare Systems agus tuilleadh.

Rinne Gradfest teagmháil le breis is 800 mac léinn, agus rinne thart ar 200 mac léinn teagmháil le céimithe CIT trí sheisiún “Buail le Céimí”.

Comhoibríonn Oifig Alumni CIT agus an tSeirbhís Ghairmeacha ar roinnt tionscadal in CIT ar mhaithe le mic léinn ata ann agus céimithe.

#### **Mná i nGnó: Earnáil STEM – Dé Luain 7 Marta 2016**

Mar chuid de Sheachtain na Nuálaíochta de chuid CIT, chomhoibrigh Oifig Alumni CIT agus Boston Scientific i gcomhar le Líonra Ban i Chorcaí chun ócáid Mná i nGnó a óstú dar teideal *“Understand what it takes to flourish in the industry as a female graduate”*.

Chuimsigh an t-imeacht saor in aisce le haghaidh mac léinn mná i gcúrsaí san Eolaíocht, i dTeicneolaíocht, in Innealtóireacht, sa Matamaitic agus i nGnó meascán de láithreoireachtaí agus seisiúin idirghníomhacha i suíomh neamhfhoirmiúil. Rinne níos mó na 50 mac léinn CIT freastal ar an imeacht ag Boston Scientific, Corcaigh.

#### **Clasaic Gailf Alumni CIT**

D’athbheoigh Oifig Alumni CIT Clasaic Gailf Alumni CIT a mbíonn tóir i gcónaí uirthi. Bhí an chlasaic ar siúl i gClub Gailf agus Tíre Abhainn na Laoi tar éis lóin Dé hAoine 13 Bealtaine 2016.

Ba é ba aidhm leis an gClasaic Gailf ná cistí a bhailiú do Sheirbhís Rochtana CIT.

Ba iad na heagraíochtaí a thug tacaíocht do Chlasaic Gailf Alumni CIT ná:

- Sanmina
- Cumann Gailf EMC
- Mycro Sports
- Eden Hall
- Aontas Mac Léinn CIT
- Student Services Company CIT

#### **Imeachtaí Eile**

- Aonach Gairmeacha CIT (Deireadh Fómhair 2015)
- Cruinniú Alumni Nua Eabhrac CIT (Deireadh Fómhair 2015)
- Seoladh agus Ionduchtú Clár Ambasadóra Alumni Mic Léinn CIT (Samhain 2015)
- Ionduchtú Clár Comh-mheantóireachta (Samhain 2015)
- Teachta Abhaile Alumni CIT na Nollag (Nollaig 2015)
- Cruinniú Alumni CIT Londain (Eanáir 2016)
- Líonra Oifigigh Alumni, Comhdháil na hÉireann arna óstú ag CIT (Eanáir 2016)
- Gradfest CIT (Feabhra 2016)
- Mná i nGnó (Márta 2016)
- Clasaic Gailf Alumni CIT (Bealtaine 2016)

#### **Cumarsáid**

Scaipeadh E-News Alumni mar seo a leanas:

- 13,829 alumni i mí na Nollag 2015
- 15,956 alumni i Márta 2016
- 15,941 alumni i Meitheamh 2016

Ar na míreanna nua nuachta bhí CIT Gradfest, próifílí céimithe agus an Clár Chomh-mheantóireachta. Déanann breis is 75% d’alumni E-News a rochtain ó fheiste móibíleach.



## 4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

### Misin Idirnáisiúnta Oideachais Curtha i gCrích sa Bhliain Acadúil 2015/2016

Tír	Misean
An Bhrasaíl	Misin Oideachais na Brasaíle/ Aonach BMI (13-20 Deireadh Fómhair)
An tSín	Misin Oideachais na Síne (Beijing 24/25 Deireadh Fómhair, Shanghai 31 D.Fómhair/01 Samhain
An tSín	Cuairt ar institiúidí comhpháirtíochta in Ollscoil Shanghai, Institiúid Teicneolaíochta Xuzhou, Institiúid Teicneolaíochta Wuhan, Ollscoil Wuhan Eolaíochta & Teicneolaíochta, Ollscoil Yangtse
Hong Kong	Cuairt ar Chonsalacht na hÉireann agus cruinnithe le Anthony Cheng, Stiúrthóir Chomhpháirtíocht Oideachais na hÉireann Hong Kong, 30 Deireadh Fómhair
Vietnam	Páirteach in Aonach Idirnáisiúnta Oideachais ag Ollscoil Eacnamaíochta Danang 31 Deireadh Fómhair, cruinniú freisin chun clár comhpháirtíochta a fhorbairt i bhFiontraíocht
An Téalainn/An Mhalaeisia	Aonach Oideachais OCSE, Bangkok na Téalainne, 14/15 Samhain + cuairt ar institiúidí ionchasacha comhpháirtíochta nua
An Indinéis	Cuairt ar institiúidí comhpháirtíochta nua (UNITEM, UMT, MSU) agus atá ann cheana (TAR, UCSI) agus gníomhaíochtaí prómóisin, 18-22 Samhain
An Mhalaeisia	Stair Fair, KL, 9 - 10 Eanáir 2016 Cuairt ar institiúidí UNITEM, TAR UC, UCSI agus ollscoileanna eile i KL
Hong Kong	27/28 Eanáir 2016
Oman, Dubai	Márta 2016
An tSín, An India/Hong Kong	Bealtaine 2016 chun bheith páirteach i gCumann Oideachais na Síne le haghaidh Malartuithe Idirnáisiúnta (CEAIE) Pathpro Seisiúin Oiliúna agus Faisnéise le Coláistí Teicniúla Gairme Oideachais (TVEC) sa tSín  San India: Ollscoil Pune agus Institiúid Teicneolaíochta na hIndia, Madras

### Comhaontuithe MT

Shínigh CIT comhaontuithe MT le:

- Coláiste Niagara (Deireadh Fómhair 2015)
- Coláiste Polaiteicnice Déiríochta & Bia (DFP), Ríocht na hAraibe Sádaí (Samhain 2015)
- Coláiste Fanshawe Ealaíon Feidhmeach agus Teicneolaíochta (Samhain 2015)
- Coláiste Fanshawe, Ontario (Eanáir 2016)
- Universiti Tenaga Nasional (UNITEM) (Eanáir 2016)
- Coláiste Ollscoile TAR (Eanáir 2016)
- Ollscoil UCSI (Feabhra 2016)
- Ollscoil Shanghai Jianqiao (Bealtaine 2016)
- Ollscoil Eacnamaíochta, Danang (Meitheamh 2016)

### Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta ag CIT

Rinne mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta a cheiliúradh ar an gCéadaoin, 2 Márta 2016, agus lena linn ghlac mic léinn idirnáisiúnta as cuid mhaith tíortha páirt in imeachtaí éagsúla sóisialta agus cultúrtha i gcampaís éagsúla CIT, ar a n-áirítear Baile an Easpaign, CNMÉ agus Caisleán na Carraige Duibhe CIT. Tugann Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta deis iontach do mhic léinn idirnáisiúnta in CIT a gcuid cultúr éagsúla a chur ar taispeáint le linn dóibh a bheith ag foghlaim faoi thraidisiúin áitiúla na hÉireann. D'éagraigh Oifig Idirnáisiúnta CIT an lá i gcomhar le Cumann Idirnáisiúnta CIT. Ghnóthaigh Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta in CIT roinnt gradam le blianta beaga agus aicmíodh é mar an 'Cumann Mac Léinn is Fearr' in Éirinn.

Le linn Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta, d'óstaigh mic léinn CIT taispeántas cultúrtha i gCampas Bhaile an Easpaig ó 12pm go 2pm. Thug siad eolas ginearálta faoina dtíortha nó a mbunús agus rinne iniúchadh i gcomhar lena gcomh-mhic léinn CIT agus baill foirne ar ghnéithe ceoil, cócaireachta agus sóisialta a gcultúr. Bhí seastán eolais Erasmus ag feidhmiú freisin agus thug eolas faoi mhic léinn CIT a chaith seimeastar thar sáile ar chuartheanna malairte Erasmus, agus iad ag comhroinnt sonraí faoina gcuid eispéaras.

#### **Tionscadal VIBE le hOllscoil Eacnamaíochta, Danang, Vietnam –Tionscadal Runway**

Maoiníodh an tionscadal spreagúil seo – comhpháirtíocht idir CIT agus Ollscoil Eacnamaíochta Danang – trí Chlár Malairte Déthaobhach Vietnam Éireann na Roinne Gnóthaí Eachtracha (VIBE). I dtús báire chuir 300 fiontraí óg dóchasach as 9 n-ollscoil in Vietnam isteach ar chomórtas agus ba é an príomhdhuais ná foghlaim agus meantóireacht ag Lárionad Rubicon CIT. Bhí an Craobhchomórtas (a craoladh ar an teilifís náisiúnta) ar siúl in Vietnam i Meitheamh agus thaistil na buaiteoirí go hÉirinn chun leas a bhaint as taithí míosa ar chlár fiontraíochta mic léinn Mac Léinn Inc CIT le linn Lúnasa.

Reimhe sin d'éascaigh CIT cuairt ó bheirt acadúlach as an Ollscoil Eacnamaíochta ag Ollscoil Danang, Vietnam mas chuid de sheachtain nuálaíochta CIT i Márta 2016. I ndiaidh na cuairte sin, thug CIT agus foireann Rubicon Clár *Oil an tOiliúnaí* ag Ollscoil na hEacnamaíochta, Danang, Vietnam, a raibh mar aidhm acu cuidiú leis an ollscoil a n-éiceachóras fiontraíochta féin a thógáil.

San áireamh iontu siúd a bhí páirteach i seachadadh an tionscadail seo bhí an Oifig Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht, Lárionad Rubicon, Lárionad Hincks don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht agus an Scoil Ghnó.

#### **Glaó Erasmus Plus ar Chreidmheas Soghluaisteachta Idirnáisiúnta 2016**

Rinne an Dr Pío Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta, iarratas rathúil faoi Ghlaó Erasmus Plus ar Chreidmheas Soghluaisteachta Idirnáisiúnta 2016 agus deonadh €46,000 don tionscadal. Beidh an tionscadal gearáilte i dtreo comhpháirtithe in Vietnam i réimse na margaíochta digití le haghaidh FBM.

#### **Tuarascáil Dheiridh Erasmus 2014-2015**

Cuireadh Tuarascáil Dheiridh Erasmus 2014-2015 isteach i Samhain 2015. Tá faisnéis staitisteach sa Tuarascáil Dheiridh amhail líon na malartuithe mic léinn agus foirne agus socrúchán, fad na dtréimhsí soghluaisteachta, institiúidí/eagraíochtaí ceann scríbe, cionroinnt deontais, agus tuairisc insinte.

#### **Scoláireachtaí Rialtas na hÉireann**

Ghnóthaigh Oifig Idirnáisiúnta CIT dhá Scoláireacht Rialtas na hÉireann, ceann do Vietnam agus ceann don India. Sa dá chás tagann na hiarrthóirí go CIT chun staidéar ar leibhéal Máistir a dhéanamh. Faoin scéim faigheann gach mac léinn rathúil deontas de €10,000 ar feadh bliana, má tharscaoileann an Institiúid Ardoideachais an táille staidéir.

#### **Mair agus Foghlaim in Éirinn – Tionscadal Chnuasach an Deiscirt**

Seoladh *“Mair agus Foghlaim in Éirinn – Tacaíochtaí Digiteacha do Mhic Léinn Idirnáisiúnta”* in IT Thrá Lí i Meitheamh 2016. Agus é maoinithe ag an bhFóram Náisiúnta d’Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (NFTL), rinne an tionscadal *Mair agus Foghlaim in Éirinn* roinnt aonad idirghníomhach ar líne a chuideoidh le mic léinn atá i mbun aistrithe isteach go hÉirinn chun maireachtáil agus staidéar a dhéanamh. Tionscadal comhoibritheach Chnuasach an Deiscirt a bhí ann a thug i gceann a chéile mic léinn, lucht acadúil agus foireann ghairmiúil as Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste Ollscoile Chorcaí, IT Phort Láirge, IT Cheatharlach, arna dtreorú ag an Aonad rFhoghlama agus Forbartha (EDSU) de chuid IT Thrá Lí.

# 5. Acmhainní Daonna

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuarascáil Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí na Foirne

## 5.1 Tuarascáil Acmhainní Daonna

### Líon na Foirne

Don bhliain acadúil 2015/2016, ba é líon na bhfostaithe san Institiúid ná 1374 arbh ionann é sin agus 996.17 Coibhéisí Lánaimseartha (CLA). Ba í an Fhoireann Acadúil an chatagóir ba mhó a raibh 58% d'fhostaithe ann, 58% (CLA).

Baineadh na figiúirí go léir a thaispeántar sa roinn seo as Tuairisceáin Ráithiúla na hEarnála Poiblí mar a bhí ar 31 Nollaig 2015.

### Baill a chuaigh ar scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as seirbhís le linn na bliana:


Anthony Collins, Bainisteoir Acmhainní Daonna  
 Denis Collins, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaí  
 Sheila Cronin, Léachtóir Páirtaimseartha Pro-Rata, Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla  
 Dermot Cunningham, Léachtóir Sinsearach (Teagasc 1), Lárionad Glanteicneolaíochta  
 Ciaran Daly, Léachtóir Roinn Bainistíochta & Fiontair  
 Mary Daly, Léachtóir Páirtaimseartha Pro-Rata, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Adrian Gegan, Ceann, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais  
 Dan Kelleher, Oifigeach Sinsearach Teicniúil, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis  
 Joanna Kelley, Léachtóir, Coláiste Deartha & Ealaíne Crawford CIT  
 Nicola Fallon-Kiely, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais  
 Kathleen Kelleher, Glantóir, Coláiste Deartha & Ealaíne Crawford CIT  
 Leo McCann, Léachtóir, Coláiste Deartha & Ealaíne Crawford CIT  
 Charlotte McCoy, Léachtóir, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta  
 Gerard Moynihan, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Gus Murray, Léachtóir Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach  
 John J. O'Callaghan, Léachtóir Páirtaimseartha Pro-Rata, Lárionad Staidéar  
 Seán O'Donovan, Airíoch, Oifig Foirgneamh & Eastát  
 Derry O'Hare, Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc), Roinn na Matamaitice  
 Noelle O'Leary, Oifigeach Cléireachais, Oifig Acmhainní Daonna  
 Ruxandra Petcu-Colan, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 An Dr Richard Sheehy, Léachtóir, Roinn na Matamaitice  
 An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Ursula Willis, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Frances Wood, Léachtóir, Roinn na Matamaitice

## 5.2 Líon na Foirne

### Líon Iomlán na Foirne

	CLA	Líon
Buan	819.64	890.00
Sealadach	<u>176.53</u>	<u>484.00</u>
<b>IOMLÁN</b>	<b>996.17</b>	<b>1374.00</b>


### Líon Iomlán na Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha)



### Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	10.00	10.00
Acadúil	582.63	794.00
Riarachán & Leabharlann	164.33	176.00
Teicneoir	86.22	89.00
Tacaíocht	46.09	72.00
Seirbhísí Mic Léinn	31.46	142.00
Taighdeoirí	75.44	91.00
	<b>996.17</b>	<b>1374.00</b>


### Foireann de réir Catagóire (Coibhéisí Lánaimseartha)



#### Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Coibhéisí Lánaimseartha)

	12/13	13/14	14/15	15/16
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00	10.00
Acadúil	571.19	578.87	586.05	582.63
Riarachán & Leabharlann	150.10	152.15	158.74	164.33
Teicneoir	84.62	81.62	84.42	86.22
Tacaíocht	50.85	46.96	47.45	46.09
Seirbhísí Mic Léinn	31.68	30.22	31.38	31.46
Taighdeoirí	64.64	73.75	81.01	75.44
<b>Totaíl</b>	<b>963.08</b>	<b>973.57</b>	<b>999.05</b>	<b>996.17</b>

#### Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Coibhéisí Lánaimseartha)



## 5.3 Éachtaí na Foirne

### Rinneadh comhghairdeas leo seo a leanas:

- An Dr Hugh McGlynn, Ceann na Scoile Eolaíochta agus Faisnéisíochta, agus an Dr Roy Sleator, Léachtóir Sinsearach, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, ar bronnadh an stádas Comhalta Chumann Ríoga Bitheolaíochta orthu as an sárchion a thug siad don taighde, oideachas, agus rannpháirtíocht phoiblí i réimse na n-eolaíochtaí bitheacha.
- An Dr Helen O'Shea, Léachtóir Sinsearach, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, agus an Dr Hugh McGlynn, Ceann na Scoile Eolaíochta agus Faisnéisíochta, as €2.4m a fháil mar mhaoiniú don tionscadal taighde dar teideal "SeaRefinery – The Seaweed Biorefinery for high value added products", le comhpháirtithe sa Danmhairg, sa Bheilg, san Iorua agus san Íoslainn. Is fiontar de chuid na Tionsclaíochta-Acadúlachta an Tionscadal Bhith-Theicneolaíochta Muirí seo atá maoinithe ag ERA-NET, a aithníonn nach ndearnadh ach tearctaiscéalaíocht, staidéar agus úsáid a bhaint as eiceáchórais agus orgánaigh mhuirí na hEorpa. Is é a bheidh i gceist le bainteacht CIT ná na buntáistí don tsláinte a bhaineann le táirgí muirí-dhíorthaithe a imscrúdú.
- Ann O'Connor, Léachtóir, Jane Healy, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn na Turasóireachta & Fáilteachais, agus an Dr Margaret Linehan, Ceann Scoil na nDaonnachtaí, a fuair, i gcomhar le comhghleacaithe in UCC agus Breakthrough Cancer Research, Príomhghradam Oideachais Othair as a leabhar cócaireachta ag Gradaim Chúram Sláinte na bliana seo. Thacaigh Institiúid Chothaithe agus Dhiaitéiteach na hÉireann agus Cumann Oinceolaíochta Leighis na hÉireann leis an leabhar cócaireachta "The Good Nutrition for Cancer Recovery".
- Marc O Riain a bhí ar an bhfoireann a ghnóthaigh Gradam Collaboration ID2015 ag Institiúid na nDearthóirí in Éirinn ar 26 Samhain 2015 as atriallta san iris acadúil.
- Al Devine, Léachtóir sa Roinn Eagrúcháin & Forbartha Girmiúla, a rinne tionscadalbhainistiú agus a threoraigh go teicniúil dhá thionscadal do Chomhairle Chathair Chorcaí a cuireadh ar ghearrliosta ag na Gradaim Uile-Éireann rRialtais. Cuireadh an dá thionscadal sna 5 cinn ba airde do na catagóirí Gradam Nuálaíochta agus Móibíleach. Ag Searmanas Bronnta a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 29 Eanáir 2016, fógraíodh an tionscadal Fíneálacha Bruscair mar Bhuaiteoir Ghradam Nuálaíochta rRialtais na hÉireann 2016.
- Jane O'Keefe, Léachtóir agus Stiúrthóir Soláthar Slabhra, CNMÉ, a bhuaigh Gradam Oideachas Lóistíochta & Iompair na hÉireann do 2016. Tugadh aitheantas don dream ba thábhachtaí san earnáil iompair agus lóistíochta agus rinneadh iad a cheiliúradh os comhair lucht féachana de ghar do 500 den lucht gairmiúil sa tionscal. Bronnadh 21 trófaí ardghradamacha ar na ceannairí agus eagraíochtaí ab fhearr ar fad sa tionscal. Bronnadh an Gradam seo ar Jane trí bliana as a chéile, rud a léiríonn an obair chrua agus an tiomantas a bhaineann le gach duine atá bainteach agus Jane ach go háirithe.
- Foireann an Mháistir Gnó as an Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla, as bheith curtha ar an ngearrliosta do Chúrsa Iarchéime na Bliana 2016. Is an-éacht é sin a léiríonn cáilíocht an chláir a thugtar anseo in CIT agus tiomantas na foirne teagaisc.
- Roinn na Turasóireachta & Fáilteachais a ghnóthaigh an Gradam um Rathaíocht Sábháilteachta Bia i bhFeabhra 2016. Tá an GRSB bunaithe ar iniúchadh córasach ar na saoráidí i dtéarmaí cháipéisíocht na bainistíochta sábháilteachta bia, sláinteachas struchtúrtha, sláinteachas oibríochta, sábháilteacht bia agus sláinteachas pearsanta. Ghlac Patricia Madden agus Lisa O'Brien Gradam GRSB ar son Roinn na Turasóireachta & Fáilteachais.
- Donough Coleman, Léachtóir, ar Dhuais Seán de Courcy, a bhronntar go bliantúil ar an tionscadal taighde is fearr ag Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta uile na hÉireann ag Gradaim Coincréite na hÉireann 2016 a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath.
- An Dr Noel Barry, Ceann Gnóthaí Acadúla, Scoil Staidéar Céimithe, agus an Dr Mary Moloney, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil, as an teideal "Comhalta Institiúide" ag Innealtóirí Éireann a bheith bronnta orthu. Aithníonn an chomhaltacht éacht shuntasach na mbronntaithe san Innealtóireacht agus a gcion don ghairm.
- Tugadh cuireadh don Dr Irene Sheridan, Ceann Campas Leathnaithe CIT, láithreoireacht a dhéanamh ag comhdháil EURASHE i mBéalgrád, sa tSeirbia ar 22 Aibreán. Moladh an láithreoireacht a raibh mar theideal uirthi "Higher Education and Enterprise Working Together for Regional Development".

- Seán O’Leary, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta, ar bronnadh “Gradam an Uachtaráin” air ag an 30ú Taispeántas Bliantúil Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta Chorcaí ar 28 Aibreán 2016.

Bronnadh an gradam ar Sheán mar aitheantas ar a thiomantas mór pearsanta agus an cion a thug sé chun Sárthaispeántas Innealtóireachta a thosú, a fhorbairt agus a chothú ar feadh 30 bliain.

- Sylvia Dempsey, Léachtóir, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise, ar bronnadh an duais don pháipéar is fearr “The Development of Professional Identity in Third-Level Accounting Students” uirthi ag comórtas chollóiciam dochtúireachta an Chumann Airgeadais ar 18 Bealtaine 2016.
- Tugadh cuireadh do Carole O’Leary, Bainisteoir Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht, láithreoireacht a dhéanamh ag Comhdháil OECD, Nuálann ÚAO, a reáchtáladh i mBruiséil na Beilge ar 19 agus 20 Bealtaine. Bhí 200 toscaire as gach cead den Eoraip i láthair ag an gcomhdháil. Tugadh aghaidh ar athbhreithniú an OECD ar an bhfiontraíocht in Éirinn agus bhí áit shuntasach ag CIT san Athbhreithniú sin. Bhain téama láithreoireacht Carole O’Leary le Inc Mhic Léinn an chéad chlár luathaithe in Éirinn d’fhiontraithe mic léinn.
- An Dr Roy Sleator ar ghnóthú dó na gradaim seo a leanas ag Gradaim Saotharlainne na hÉireann a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath ar 25 Bealtaine 2016 arna n-urrú ag Fiontar Éireann, An Bord Taighde Sláinte agus Acadamh na nEolaíochtaí Saotharlainne Leighis
  - Eolaí Saotharlainne na hÉireann
  - Saotharlann Leighis na Bliana
  - Saotharlann Chúram Leighis na Bliana
  - Gradam Nuálaíocht na Bliana

Aithníonn Gradaim Saotharlainne na hÉireann rudaí rathúla agus éachtaí eolaithe na hÉireann a bhfuil cáil dhomhanda orthu i réimsí ar a n-áirítear nuálaíocht, ceannaireacht agus comhoibriú, agus díríonn ar obair leanúnach eolaithe na hÉireann chun taighde domhanda eolaíochta a fhorbairt a bheidh inbhuanaithe agus iomaíoch.

- An Dr Josh Reynolds, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha ar a cheapachán mar bhall de Choiste Feidhmeach VERITAS don dá bhliain seo chugainn. Is comhoibriú é VERITAS (*Very Energetic Radiation Imaging Telescope Array System*) idirnáisiúnta réaltfhisice idir SAM, Ceanada, Éire, agus an RA, a mbaineann 9 n-institiúid bhunaidh agus 15 institiúid chomhoibrthe leis.

#### Baill Foirne ar bronnadh céimeanna orthu:

- An Dr Sreto Boljevic, Dochtúir Fealsúnachta
- An Dr Aisling Conway, Dochtúir Fealsúnachta
- An Dr Matt Cotterell, Dochtúir Fealsúnachta
- An Dr Edward Coughlan, Dochtúir Fealsúnachta
- An Dr Lucy Dawe-Lane, Dochtúir Fealsúnachta
- Sabine Ducrot, Máistir Ealaíon i gCeol
- An Dr Juan Manuel Escano, Dochtúir Fealsúnachta
- An Dr Helen Farrell, Dochtúir Fealsúnachta
- Ken Marshall, Máistir Ealaíon i gCeol
- Richard Rudkins, Máistir Ealaíon i gCeol
- Jonathan Scott, Máistir Ealaíon i gCeol
- Áine Whelan, Máistir Ealaíon i gCeol

#### Ceapacháin Nua:

Deimhníodh ceapachán na mball foirne seo a leanas le linn na bliana acadúla 2015/16:

- An Dr Samane Abdi, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Noel R. Barrett, Oifigeach Teicniúil, Scoil Eolaíochta agus Faisnéisíochta
- An Dr Olivia Brickley, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- An Dr Michael Callanan, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- An Dr Niel Canty, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Leictre & Leictreonaí
- An Dr Clodagh Carroll, Léachtóir Cúnta, Roinn na Matamaitice
- An Dr Ignacio Castineiras, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Sharon Coffey, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais



- An Dr Paul Davern, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Karen Finn, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- An Dr Róisín Foley, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
- David Goulding, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
- An Dr Robert Heffernan, Léachtóir Cúnta, Roinn na Matamaitice
- Alan Hickey, Teicneoir, An Scoil Ghnó
- Carmel Jordan, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig Gnóthaí Seachtracha
- Bronadh Lynch, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
- Ciarán McCarthy, Léachtóir Cúnta, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- An Dr Seán McSweeney, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Catherine Murphy, Ceann, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
- David Murphy, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Sarah Murphy, Léachtóir Cúnta, Roinn na Matamaitice
- Cathal O'Mullane, Teicneoir, Seirbhísí TF
- An Dr Donagh O'Mahony, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
- Caroline O'Reilly, Ceann, Roinn Bainistíochta & Fiontair
- Colm O'Rourke, Cúntóir Leabharlainne 1
- Treasa Morgan, Oifigeach Gairmeacha
- An Dr Nokolay Petkov, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
- An Dr William Quinn, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
- An Dr Natalia Rebrova, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
- An Dr William Whelan-Curtin, Léachtóir Sinsearach (Teagasc), Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha



CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT (CSC CIT)

# 6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

6.1 Tuarascáil Airgeadais

6.2 Cuntais Iniúchta

## 6.1 Tuarascáil Airgeadais 2015/16

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2015 go dtí 31 Lúnasa 2016. Le linn an ama sin bhí CIT ag feidhmiú laistigh de staid airgeadais an-dúshlánach inar thuairisc an Institiúid easnamh de €1.2 milliún anuraidh. Agus súil le heasnaimh eile, thug an Institiúid faoi phróiseas d'fhonn an t-easnamh a bhí tuartha do 2016 a laghdú ó €2.3 milliún go dtí an t-easnamh deiridh atá tuairiscithe de €0.7 milliún.

Rinneadh laghdú de 30% (€16 milliún) orainn (CIT) i gcistiú Údarás um Ard-Oideachas ón meathlú in 2008. Tháinig méadú ar líon na mac léinn de 10% sa tréimhse chéanna. Dá bhrí sin léiríonn ár staid airgeadais go dearfach an cion a thug idir fhoireann agus mhic léinn chun laghduithe suntasacha a bhaint amach i gcaiteachas le linn na tréimhse. Bhí mar thoradh ar na laghduithe sin laghduithe pá suntasacha don fhoireann trí na bearta airgeadais a tugadh isteach agus chuir siad sin strus mór ar na seirbhísí do na mic léinn.

Rinneadh na ciorruithe ba mhó ar chistiú sa soláthar do na réimsí Printíseachta agus STEM. Ní dhearnadh an laghdú ar na bloic phrintíseachta agus ar ioncam comhthorthach a fhritháireamh le laghdú coibhéiseach i gcaiteachas chun costais sheasta a laghdú go sealadach agus cumas CIT sa réimse tábhachtach straitéiseach seo a choinneáil. Chomh maith leis an dúshlán a bhain le líon na mac léinn a choinneáil, rinneadh an t-ioncam in aghaidh an mhic léinn do na hábhair STEM a chiorrú go díréireach laistigh den tsamhail chistithe d'earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta. De bhrí gurb í CIT an soláthraí is mó san earnáil seo, rinne an t-éagromas cistithe an cur isteach ba mheasa uirthi. Ach, mar a rinneadh i gcás na printíseachta, choinnigh CIT a láithreach sa réimse seo d'aonturas.

Aithnítear go maith an ghéarchéim san Ardoideachas. Dúirt tuarascáil ó shainghrúpa ar chistiú an Ardoideachais sa todhchaí, agus Peter Cassells ina chathaoirleach air, dar teideal "A Strategy for Funding Higher Education" go raibh €1 billiún de dhíth mar infheistíocht in earnáil an Ardoideachais i gcaitheamh na 15 bliana seo chugainn.

### Athrú ar Chaighdeán & Formáid Tuaraiscithe

D'aistrigh an Institiúid ó GAAP na hÉireann go FRS102, le héifeacht ón dáta 1 Meán Fómhair 2014, a raibh mar thoradh air roinn coigeartuithe aistrithe ar an staid airgeadais thosaigh ar 1 Meán Fómhair 2015. Tugtar míniú orthu sin i Nóta 26 de na cuntais. Chomh maith leis sin, tá formáid na ráiteas airgeadas athshonraithe chun riachtanais an chaighdeáin nua tuaraiscithe a léiriú.

### Ioncam

Tháinig méadú ar ioncam de 3.1% ó €96.8m go €99.8m le linn na tréimhse. Tháinig méadú ar ioncam ó tháillí teagaisc de 13.7% go €34.9m. Ba é ba mhó ba chúis leis an méadú seo ná méadú ar chion an mhic léinn de €250 in aghaidh an mhic léinn lánaimseartha. Lena chois sin tháinig méadú ar líon na mac léinn de 2% ó 9,187 go 9,377 le linn na tréimhse, rud a d'imir tionchar dearfach ar an ioncam ó tháillí teagaisc.

### Caiteachas

Tháinig méadú ar chaiteachas reatha comhdhlúite de 1.35% go €99.1 milliún. Bhain costais de €69.9m (70%) leis ranna acadúla agus le gníomhaíocht taighde, bhain costas de €7.8m (8%) le foirgnimh agus costas de €14.7m (15%) le riarachán agus na seirbhísí tacaíochta agus bhí costas de €6.7m (7%) ar sheirbhísí do na mic léinn.

Tháinig méadú ar bhille tuarastail na nInstitiúide de 2.7% (€1.8m) le linn 2015/16 agus seasann sé anois ag €68.3m i gcomparáid le €66.5m in 2015. Is iad na costais foirne an líne aonair caiteachais is mó san Institiúid, agus is ionann iad agus 69% den chaiteachas uile.

Tháinig laghdú imeallach ar chostais eile de €0.38m (1.5%) go €24.8m. Ba é ba chúis leis sin ná uainiú caiteachais ar thionscadail leantacha.

**Taighde & Forbairt**

Tháinig laghdú ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí, agus costais chaipitil san áireamh, ó circa €16 milliún go €14 milliún. Tháinig laghdú dá réir ar chaiteachas de bhri go bhfuil sé sin ceangailte le buiséid tionscadail. Tá formhór an mhaoiniu T&F bunaithe ar rath sna cláir iomaíocha cistithe Stáit agus AE, cláir a mbaineann nádúr timthriallach leo.

**Cúlchistí**

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016, tháinig laghdú ar Chúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil larchurtha san áireamh) de 11% breise ó €6.3 milliún go €5.6m. Ba é ba mhó ba chúis leis an laghdú sin tearcmhaoiniú an Ardoideachais agus go háirithe tearcmhaoiniú na riachtanas Caipitil agus Trealaimh ar cheart cumas a bheith ag CIT a mhaoiniú trí chúlchistí dá mbeadh dóthain maoiniú stáit ar fáil.

## 6.2 Cuntais Iniúchta 2015/16

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam & Caiteachas

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe sna Chúlchistí agus Cuntas Caipitil

Ráiteas Comhdhlúite agus na hInstitiúide maidir leis an Staid Airgeadais

Ráiteas Comhdhlúite maidir le Shreafaí Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 6.2.1 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:


- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach.
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**Bob Savage Uas.**  
Cathaoirleach

8/8/2017



**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

8/8/2017

## 6.2.2 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe a bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### Na Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram déanta ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chúí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta.
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta agus iad a chosaint (Coiste Iniúcháireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí).
- Cáipéis Treoirínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainaithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú a shainaithint.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairisciú ar na torthaí a bhaintear amach.
- Cur i bhfeidhm Creata Rialaithe Inmheánaigh
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas.
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinsithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúcháireachta Inmheánaí agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

Faomhann an Coiste Iniúcháireachta Plean Iniúcháireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainaitníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar na tascanna a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe, ar an gCoiste Iniúcháireachta, ar an Iniúcháir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.



Deimhnímid go ndearna an Coiste Iniúcháireachta e, de réir Alt 5.2.1 de théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta, mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialuithe. Mar sin rinne an Coiste Iniúcháireachta na tuairiscí ar Rialuithe Inmheánacha agus ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016 a athbhreithniú ag a gcuinníú ar 13 Deireadh Fómhair 2016 agus thuig siad tuairisc don Bhord Rialaithe ar 1 Nollaig 2016.

#### **Laigí ar Rialú Inmheánach**


Ní raibh laigí ar bith i rialú inmheánach a raibh mar thoradh orthu caillteanais, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha a d'éiligh nochtadh sna ráitis airgeadais.

#### **Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe**



**Bob Savage Uas.**  
Cathaoirleach

8/8/2017



**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

8/8/2017

## 6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmháidh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus an cleachtas cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta.

### Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird agam ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus Caighdeán Eiticíúla Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí á gcomhlíonadh agam.

### Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúcháireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, agus ar feidhmíodh na beartais sin go seasta agus ar nochtadh go leordhóthain iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

Lena chois sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil na hInstitiúide d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainiú agus chun eolas ar bith a shainiú atá mícheart go hábhartha de réir cosúlachta bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh seo á dhéanamh agam. Má fhaighim fios ar mhíshonrú ábhartha follasach ar bith, cuirim na himpleachtaí san áireamh i mo thuairisc.

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus riocht airgeadais na hInstitiúide mar a bhí ar 31 Lúnasa 2016 agus ar ioncam agus ar caiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin; agus
- go raibh siad ullmhaithe i gceart de réir an chleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na hInstitiúide dóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Socruithe pinsin sa todhchaí

Gan coinníoll a chur le mo thuairim ar na ráitis airgeadais, dírim aird ar Nóta 1h Sochair Fhostaí.

Is baill de dhá scéim pinsin le sochar sainithe iad fostaithe na hInstitiúide: Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí agus Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015. Níl soláthar déanta ag an Institiúid sna ráitis airgeadais seo do chostas na sochar sa todhchaí atá fabhráithe do bhaill foirne faoi na scéimeanna.

Baineann an Scéim Aonair le baill foirne na hInstitiúide a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaigh nua ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Tá forordaithe ar an Institiúid mar údarás ábhartha le haghaidh críocha na Scéime, agus ar a bhfuil dliteanas as íocaíochtaí pinsin a sheasamh sa todhchaí. Luaitear sa Scéim go gcuirfear maoiniú Oireachtais ar fáil faoi chomhair oibleagáidí dá leithéid.

Rinneadh baill de Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 d'fhostaithe a earcaíodh isteach san Institiúid roimh 1 Eanáir 2013. Soláthraíonn sé sin gur feidhm de chuid na hInstitiúide é sochair na Scéime a íoc. Le fírinne, áfach, níor tháinig aon athrú ar na meicníochtaí íocaíochta agus maoinithe ó tugadh an Scéim isteach, i.e. leantar d'íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú go díreach faoi Vóta 26 Oideachais agus Scileanna agus íocann an Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla astu ar son na Roinne, ar bhonn gníomhaireachta.

Tá comhairle dlí á lorg ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaca le cá bhfuil an fhreagracht as dliteanais pinsin faoi Scéim 2015.

#### **Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht**

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó má aimsím

- aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an t-eolas a thug tuarascáil bhliantúil na hInstitiúide i gcomhréir leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairiscíú agam maidir leis na cúrsaí sin.

**Seamus McCarthy**  
**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**


**23 Lúnasa 2017**

## 6.2.4 Ráiteas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016

	Nóta	Comhdhlúite 31/08/16 €000's	Institiúid 31/08/16 €000's	Comhdhlúite Athshonraithe 31/08/15 €000's	Institiúid Athshonraithe 31/08/15 €000's
<b>Ioncam</b>					
Deontas Stáit	3	38,456	38,456	37,425	37,425
Táillí Teagaisc	4	34,891	34,891	30,681	30,681
Deontais agus Conarthaí Taighde	5	13,157	12,462	15,294	14,685
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	7	486	486	480	480
Ioncam Eile	8	6,836	3,485	6,955	3,570
Amúchadh Deontas Caipitil					
larchurtha	19	5,885	5,844	5,860	5,808
Ioncam ó Ús		34	34	78	78
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>99,745</b>	<b>95,658</b>	<b>96,773</b>	<b>92,727</b>
<b>Caiteachas</b>					
Costais Foirne	9	68,284	66,507	66,505	65,006
Costais Oibriúcháin Eile	10	24,800	22,751	25,183	22,900
Dímheas	12	6,037	5,839	6,107	5,929
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>99,121</b>	<b>95,097</b>	<b>97,795</b>	<b>93,835</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) roimh ghnóthachain/(cailteanais) eile agus sciar den bharrachas/(easnamh) i gcomhfhiontair &amp; comhpháirtithe</b>					
		<b>624</b>	<b>561</b>	<b>(1,022)</b>	<b>(1,108)</b>
Sciar den Bharrachas/(Easnamh) Oibriúcháin i gcomhfhiontair					
		97	97	-	-
<b>Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin</b>					
		<b>721</b>	<b>658</b>	<b>(1,022)</b>	<b>(1,108)</b>
Cánachas		-	-	(1)	-
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Leithghabhálacha</b>					
		<b>721</b>	<b>658</b>	<b>(1,023)</b>	<b>(1,108)</b>
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha					
Ioncam Cuimsitheach Sriantha don Bhliain		(30)	(30)	(795)	(795)
		3	3	289	289
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha</b>					
	11	<b>694</b>	<b>631</b>	<b>(1,529)</b>	<b>(1,614)</b>


Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite na gnóthachain agus na cailteanais go léir a aithnítear sa bhliain. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 30.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Cathaoirleach: Bob Savage

Dáta: 8/8/2017



Uachtarán: Dr Brendan J. Murphy

Dáta: 8/8/2017

## 6.2.5 Ráiteas Comhdhlúite faoi Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016


	Nóta 19 Deontais Chaipitil Iarchurtha Athshonraithe €000's	Nóta 21 Cúlchiste Caipitil Forbartha Athshonraithe €000's	Cúlchiste Caipitil Seirbhísí Mac Léinn Co Ltd €000's	Cúlchistí Ioncaim Iarchurtha Athshonraithe €000's	Iomlán €000's
<b>Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fomhair 2014</b>	<b>107,081</b>	<b>6,217</b>	<b>312</b>	<b>1,281</b>	<b>114,891</b>
Easnamh don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	(891)	(891)
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,860)	-	-	-	(5,860)
Sócmhainní Seasta Athshonraithe	(444)	-	-	-	(444)
Sócmhainní Seasta Athshonraithe - SS Co Ltd	(132)	-	-	-	(132)
Deontais Taighde agus Chonartha Cionroinnte do Chaipiteal	1,107	-	-	-	1,107
Táillí Cionroinnte do Chaipiteal	91	-	-	-	91
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	1,383	-	-	-	1,383
Aistriú go CDR	-	927	-	(927)	-
Aistriú go Caiteachas	-	(289)	-	289	-
Aistriú ó CDR go DCG	576	(576)	-	-	-
<b>Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2015</b>	<b>103,802</b>	<b>6,279</b>	<b>312</b>	<b>(248)</b>	<b>110,145</b>
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	721	721
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,885)	-	-	-	(5,885)
Deontais Taighde agus Chonartha Cionroinnte do Chaipiteal	782	-	-	-	782
Táillí Cionroinnte do Chaipiteal	29	-	-	-	29
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	1,335	-	-	-	1,335
Aistriú go CDR	-	30	-	(30)	-
Aistriú go Caiteachas	-	(3)	-	3	-
Aistriú ó CDR go DCG	1,485	(1,485)	-	-	-
<b>Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>101,548</b>	<b>4,821</b>	<b>312</b>	<b>446</b>	<b>107,127</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 30.

Síni the thar ceann an Bhord Rialaithe



**Cathaoirleach:** Bob Savage  
**Dáta:** 8/8/2017



**Uachtarán:** An Dr Brendan J. Murphy  
**Dáta:** 8/8/2017

## 6.2.6 Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide faoin Staid Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016

Nóta	Comhdhlúite 31/08/16 €000's	Institiúid 31/08/16 €000's	Comhdhlúite Athshonraithe 31/08/15 €000's	Institiúid Athshonraithe 31/08/15 €000's
<b>Sócmhainní Seasta</b>				
Maoin, gléasra & trealamh	12	102,587	101,956	104,576
Infheistíochtaí	13	166	-	170
Infheistíochtaí i gcomhfhiontair	13	50	50	50
		<b>102,803</b>	<b>102,006</b>	<b>104,796</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>				
Fardal		111	-	90
Infháiltas	14	5,213	5,080	10,340
Airgead agus Coibhéisí Airgid	15	13,931	12,965	9,234
		<b>19,255</b>	<b>18,045</b>	<b>19,664</b>
<b>Lúide Suimeanna Iníochta; dlite laistigh de 1 bhliain</b>	<b>16</b>	<b>(14,633)</b>	<b>(14,312)</b>	<b>(14,369)</b>
		<b>4,622</b>	<b>3,733</b>	<b>5,295</b>
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha</b>		<b>107,425</b>	<b>105,739</b>	<b>110,091</b>
<b>Suimeanna Iníochta; Suimeanna dlite i ndiaidh 1 bhliain</b>	<b>17</b>	<b>(3)</b>	<b>(3)</b>	<b>(89)</b>
<b>Soláthairtí in aghaidh Dlíteanais &amp; Muirear</b>	<b>20</b>	<b>(286)</b>	<b>(286)</b>	<b>143</b>
		<b>107,136</b>	<b>105,450</b>	<b>110,145</b>
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<b>107,136</b>	<b>105,450</b>	<b>110,145</b>
Deontais Chaipitil Iarchurtha	19	101,548	101,483	103,802
Cúlchiste Caipitil Forbartha	21	4,812	4,812	6,270
Cúlchiste Caipitil – Seirbhísí Mac Léinn Co Ltd		321	-	321
Cúlchiste Srianata		9	9	-
		5,142	4,821	6,591
<b>Cúlchistí Neamshrianta</b>		<b>446</b>	<b>(854)</b>	<b>(248)</b>
Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais		446	(854)	(248)
		<b>446</b>	<b>(854)</b>	<b>(248)</b>
<b>Iomlán</b>		<b>107,136</b>	<b>105,450</b>	<b>110,145</b>


Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 30.

*Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe*



**Cathaoirleach:** Bob Savage

**Dáta:** 8/8/2017



**Uachtarán:** An Dr Brendan J. Murphy

**Dáta:** 8/8/2017

## 6.2.7 Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabha Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016


	Bliain dar Críoch 31/08/16 €000's	Bliain dar Críoch 31/08/15 €000's
<b>Sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	721	(1,023)
Dímheas sócmhainní seasta	6,037	6,107
Amúchadh deontais chaipitil iarchurtha	(5,886)	(5,860)
Coigeartú le haghaidh Sócmhainní Neamh-Stáit 2014/15	-	(576)
(Méadú)/Laghdú ar Stoc	(21)	10
Laghdú/(Méadú) ar Infháltais	5,556	(4,494)
Méadú ar Shuimeanna Iníochta	178	3,713
Laghdú ar Infheistíochtaí	4	35
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	1	3
Ioncam ó Infheistíochtaí	(195)	-
Ioncam ó Ús	(34)	(78)
Cistí Stáit cionroinnte do chaipiteal	2,146	2,581
Méadú ar Chúlchiste Srianta	9	-
Aistriú ó chuntas caipitil cúlchiste	-	132
	<hr/>	<hr/>
<b>Insreabhadh Oibriúcháin Airgid ó Ghníomhaíochta Oibriúcháin</b>	<b>8,516</b>	<b>550</b>
<b>Sreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	(4,048)	(3,157)
	<hr/>	<hr/>
<b>Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>	<b>(4,048)</b>	<b>(3,157)</b>
<b>Sreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais</b>		
Ioncam ó Infheistíocht	195	-
Ús Faighte	34	139
	<hr/>	<hr/>
<b>Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais</b>	<b>229</b>	<b>139</b>
<b>Glanmhéadú/(Laghdú) ar Choibhéisí Airgid sa Bhliain</b>	<b>4,697</b>	<b>(2,468)</b>
Airgead & Coibhéisí Airgid ar 1 Meán Fómhair	9,234	11,702
	<hr/>	<hr/>
<b>Airgead &amp; Cóibhéisí Airgid ar 31 Lúnasa</b>	<b>13,931</b>	<b>9,234</b>

*Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 30.*

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



**Cathaoirleach:** Bob Savage  
**Dáta:** 8/8/2017



**Uachtarán:** An Dr Brendan J. Murphy  
**Dáta:** 8/8/2017

## 6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2016

### 1. Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta

Tá achoimre thíos ar na polasaithe cuntasaíochta a meastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go seasta ar feadh na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta agus Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide oideachas tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur ar fáil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcomhghnás stairiúil costais, de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS102) atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus fógartha le haghaidh úsáide in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus de réir riachtanais an Údarás um Ard-Oideachas. An bhliain roimhe athshonraíodh ráitis airgeadais le haghaidh coigeartuithe ábhartha nuair a glacadh le FRS102 sa bhliain reatha. *Tá breis faisnéise le fáil i Nóta 26.*

Is é an Euro airgeadra feidhmeach FRS 102 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de bhrí gurb é sin airgeadra na timpeallachta príomha geilleagair ina bhfeidhmíonn an Institiúid. Cuirtear na ráitis chomhdhlúite airgeadais i láthair in Euro freisin. Cuimsítear beartanna eachtracha de réir na bpolasaithe atá leagtha amach thíos. Is é dáta an trasdula go FRS 102 ná 1 Meán Fómhair 2014.

#### b) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais Grúpa na ráitis airgeadais Institiúide agus a cuid gníomhaíochtaí fochuideachta a rinneadh go dtí 31 Lúnasa 2016.

Comhdhlúthaítear torthaí fochuideachtaí a fuarthas nó a díoladh do na tréimhsí ó nó go dtí an dáta nuair a athraíodh an smacht.

Déantar coigeartuithe, de réir mar is gá, ar ráitis airgeadais fochuideachtaí chun na polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear a bheith ar aon dul leo siúd a úsáideann an Grúpa. Fághtar gach beart, iarmhéid, ioncam agus costas idir-ghrúpa as an áireamh nuair a dhéantar comhdhlúthú.

#### c) Maoin, Gléasra agus Trealamh

##### (i) Talamh agus Foirgnimh

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó luacháil, glan ar dhímheas agus soláthar ar bith in aghaidh lagaithe. Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, cés moite de mhaoine agus talamh ruilse, de réir rátaí atá ríofa chun costas nó luacháil, lúide an luach iarmharach measta, gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn dronlíne thar a shaol inúsáidte measta, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruilse 30 – 50 bliain
---------------------------------

Seasann an luach iarmharach don méid measta a gheofaí ar dhíuscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na díuscairte a bhaint as, má bhí an tsócmhainn san aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saoil inúsáidte.

##### (ii) Trealamh

Ó 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh a mbaineann costas de níos lú ná €3,000 in aghaidh na míre aonair leis don chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Áit a mbíonn míreanna aonair trealaimh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus a bhfuil an sonrasc iomlán ceannaigh os cionn na teorann, déantar na míreanna sin a chaipitliú ina n-aonar ar an ngnáthshlí. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas ar bhonn dronlíne thar a shaol geilleagrach inúsáidte mar seo a leanas:

Daingneáin & Feistithe agus seomraí Réamhdhéanta san áireamh	5 – 10 mbliana
Carrchlóis	20 bliain
Trealamh ríomhaire	3 bliana
Gléasra & Innealra	10 mbliana
Trealamh	5 bliana
Feithiclí Mótair	5 bliana



Déantar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar shaol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

**d) Gnóthais Chomhfhiontair**

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha agus úsáid á baint as modh an chothromais. Aithnítear infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair i dtosach ar phraghas an bhirt (costais birt san áireamh) agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar na hInstitiúide den bhrabach nó den chaillteanas agus ioncam cuimsitheach eile an ghnóthais chomhlaigh a léiriú. Tugtar cuntas ar cháilmheas a eascraíonn as fáil ghnóthas comhlach de réir an pholasaí atá leagtha amach thuas. Cuimsítear iarmhéid cáilmheasa neamhamúchta i luach tugtha anonn na hinfeistíochta i ngnóthais chomhfhiontair.

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair ar a gcostas lúide bearnú.

**e) Fardal**

Luaitear fardal ar an gcostas is lú agus meastar costas díola lúide costais díolta, rud atá coibhéiseach le glanluach infhaighte. Ríomhtar costas agus úsáid á baint as modh an FIFO (is túsce isteach, is túsce amach). Déantar soláthar le haghaidh míreanna mallghluaisteacha nó lochtacha de réir mar is iomchuí.

Baineann stoc a thaispeántar sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais le hearraí atá ar díol in Cosmos Education Limited agus do stoc intomhalta in Student Services Company Limited.

**f) Cánachas**

*(i) Cáin Chorporáideach*

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas cáin chorparáideach ná cáin ioncaim a íoc ar cheann ar bith dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha, ach de bhrí go bhfuil soláthar an oideachais ina ghníomhaíocht dhíolmhaithe nó nach ngearrtar cáin aschuir níl sí in ann cáin aschuir a fháil ar ais ar fhormhór a cuid ceannachán. Baineann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Institiúid leis an eangach CBL agus íocann an Institiúid cáin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin leis na hÚdarás Ioncaim.

*(ii) Cánachas Iarchurtha*

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta acu agus a bhfuil dliteanas cánach orthu dá bhrí sin, aithnítear cánachas iarchurtha i dtaca le difríochtaí uainithe a thionscnaíonn ach nach bhfuil freaschurtha ag dáta an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Déantar soláthar ag na rátaí a mbítear ag súil leo a bheith i bhfeidhm nuair a fhreaschuirtear na difríochtaí uainithe. Is ionann difríochtaí uainithe agus difríochtaí idir brabús inchánach agus torthaí mar a luaitear iad sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as gnóthachain agus cailleanais a chuimsiú i mbrabach inchánach i ndifríocht thréimhse idir iad sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Áirítear glansócmhainn chánach iarchurtha mar mhéid in-aisghabhála agus, dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair, agus ar bhonn gach fianaise atá ar fáil, gur féidir í a áireamh go bhfuil sí níos dóchúlú ná a mhalairt a bheith ina brabach cánach oiriúnach ónár féidir freaschur sa todhchaí na mbonndifríochtaí uainithe a bhaint as.

**g) Aitheantas Ioncaim**

***Deontais Stáit***

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

***Ioncam ó Tháillí***

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí ar bhonn fabhráithe.

***Deontais Taighde agus Conarthaí***

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Tá na haicmí bearta dá leithéid is coitianta leagtha amach thíos:

*(i) Tabhartais Neamhshrianta*

Cuimsíonn tabhartais neamhshrianta suimeanna a thugtar don Institiúid trí mheán airgid nó sócmhainne gan srian ar bith maidir le conas ba chóir úsáid a bhaint as an tabhartas. Déantar tabhartais dá leithéid a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht don ioncam.

*(ii) Tabhartais le Srianta*

Déantar tabhartais le srianta a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas ar theidlíocht don ioncam. Coinnítear an t-ioncam srianta a fhaightear i gcúlchiste srianta go sealadach go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir na srianta.

*(iii) Deontais Taighde le Coinníollacha a bhaineann le Feidhmíocht*

Aithnítear ioncam ó dheontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Coinnítear deontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha. Déantar an t-ioncam a thaifeadadh ansin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

*(iv) Eile*

Déantar ioncam ó dheontais taighde eile a mheaitseáil le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana ina dtabhaítear an caiteachas a bhaineann leis.

**Mion-Oibreacha Caipitil**

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. I ngach cás aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear é.

**Ioncam ó Thaiscí Gearrthéarmach**

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

**h) Sochair Fostaithe***(i) Sochair Scoir*

Is baill de scéim aonair pinsin na hearnála poiblí iad gach fostaí a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013 agus bronntar gach teidlíocht pinsin eile foirne faoi scéim sochair shainnithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntas na hEarnála Oideachais 2015.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar A Úsáidtear agus dá bhrí sin coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú. Ní dhéanann an Institiúid ranníocaíochtaí i dtreo na scéime agus níl oibleagáidí ar bith uirthi i dtaca le teidlíochtaí.

Is í Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe le haghaidh seirbhíseach poiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir Acht Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Cuireann an Institiúid ar aghaidh go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe asbhaintí a dhéantar ó fhostaithe faoin Scéim Aonair.

Tá an Institiúid forordaithe in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údarás ábhartha do chríoch scéim pinsin aonair na hearnála poiblí. Tá 101 ball ag an Institiúid den Scéim Aonair ar 31 Lúnasa 2016.

Níl soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo do shochair a fhabhróidh sa todhchaí do bhaill na Scéime. Is é tuairim na hInstitiúide (de réir Alt 44 d'Acht 2012) go ndéanfar dliteanas ar bith i dtaca leis an Scéim Aonair a fhritháireamh le sócmhainn choibhíseach maidir le maoiniú Stáit sa todhchaí.

Tá measúnú á dhéanamh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na socruithe reatha i dtaca leis an Scéim Aonair agus tá roinnt roghanna á meas maidir le sochair a íoc agus maidir leis na sochair sin a airgeadú sa todhchaí.

*(ii) Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní bhaineann fabhrú in aghaidh pá saoire leis an bhfoireann Acadúil ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gcuid conarthaí.

**i) Airgeadraí Eachtracha**

Déantar bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an bhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe a thaifeadadh in airgeadraí eachtracha ar dháta an Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin.

**j) Léasanna**

28. Bhí Seisiún Faisnéise LOI CIT 2016 le haghaidh mac léinn lánfhásta ar siúl do mhic léinn lánfhásta fochéime lánaimseartha ar 13 Eanáir 2016.
29. D'óstaigh CIT Seachtain Champais STEM na hIdirbhliana den chéad uair do mhic léinn mná ó 18-22 Eanáir 2016 mar chuid den chlár IS MIAN LIOM 2016. Bhí clár idirghníomhach teagmhálach 5 lá mar chuid den tSeachtain Champais ina ndeachaigh mic léinn i ngleic leis an disciplíní eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) trí mheán ceardlana feidhmeacha agus praiticiúla, cuairteanna suímh agus taispeántais.
30. I gcomhar le EMC agus Lifetime Labs, d'óstaigh CIT craobhchomórtais Chomórtas Róbatach VEX bliantúil i gCampas Bhaile an Easpaig ó 28-30 Eanáir 2016. Agus foirne, múinteoirí agus lucht tacaíochta á dtabhairt aige as breis is 50 bunscóil as Cathair agus Contae Chorcaí ar an gcampas don imeacht seo, is ardán iontach é ní amháin do CIT ach chun clár foriomlán STEM a chur chun cinn ag leibhéal na bun scoile.
31. Bhí Seachtain Bhliantúil RAG CIT ar siúl ó 8-12 Feabhra 2016. Is é an bailitheoir airgid seo a sheasann ar feadh seachtaine an tionscnamh aonair carthanachta is mó lena mbíonn mic léinn CIT bainteach agus inar tháinig Aontas na Mac Léinn, Clubanna, Cumainn, foireann agus áitritheoirí áitiúla le chéile chun airgead a bhfuil géarghá leis a bhailiú do roinnt carthanas. Bailíodh €14,000 ar fad ar tugadh 50% de do phríomhthairbhí na bliana seo, Oispis Marymount.
32. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl i gCNMÉ ar 18 Feabhra 2016. Dhá sheisiún bronnta a bhí ann a raibh bronntaí bliantúla Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann san áireamh iontu. Fuair 101 réamhchéimí ar fad a gcuid pár a raibh trí Mháistir taighde agus dhá PhD san áireamh iontu. Rinneadh bronnadh freisin ar an ócáid ar an gcéad réamhchéimí PhD as Roinn na Turasóireachta & Fáilteachais.
33. D'óstaigh CIT an tAonach Iarchéime bliantúil ar 23 Feabhra 2016. Bhí thart ar 1,500 mac léinn bliana deiridh agus mic léinn eile i láthair. Bhí an t-imeacht ceaptha chun feasacht a chruthú ar na roghanna leathana clár Dochtúireachta agus Máistir atá ar fáil do chéimithe ag CIT agus institiúidí ardoideachais eile. Bhí 35 seastán ar fad san imeacht, a raibh 19 n-eagraíocht sheachtracha chomh maith le hionadaithe ranna agus lárionad CIT san áireamh ann a thaispeáin deiseanna sna réimsí Gnó, Innealtóireacht & Eolaíocht, Daonnachtaí, Ceol, Ealaín & Dearadh agus Muirí.

34. D'óstaigh Oifig Alumni CIT mar aon le Seirbhís Ghairme CIT Gradfest CIT ar 24 Feabhra 2016 áit a ndearnadh teagmháil le breis is 800 mac léinn agus inar chuir siad eolas ar fáil dóibh faoin mbronnadh céime agus na seirbhísí a thugann CIT tar éis céim a bhaint amach. Rinne siad teagmháil freisin le breis is 30 céimí a tháinig ar ais ar champas chun comhairle a thairiscint do na mic léinn a bhí i láthair.
35. Mar cheiliúradh ar Chlub Iománaíochta Mic Léinn CIT a bheith ag óstú Deireadh Seachtaine Chorn Independent Fitzgibbon 2016 in CIT ó 26 go 27 Feabhra 2016, d'óstaigh an Institiúid dinnéar ar 26 Feabhra 2016. Bhí an tArd-Mhéara i láthair chomh maith le móruaisle as saol an spóirt.
36. Ghnóthaigh Capella Lyrica de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT na duaiseanna seo a leanas ag Féile Cheoil Eaglasta Luimnigh a bhí ar siúl ó 26 go 28 Feabhra 2016.
- 1ú duais i gComórtas Ceoil Dhiaga
  - 2ú duais i gComórtas an Luathcheoil, agus
  - Trófaí an Dr Patrick McCormack don léiriú *a capella* ab fhearr
37. Rinne mic léinn CIT Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta a cheiliúradh ar 2 Márta 2016 agus lena linn ghlac mic léinn idirnáisiúnta as cuid mhaith tíortha páirt in éagsúlacht leathan imeachtaí sóisialta agus cultúrtha i ngach ceann de champais CIT. Tá breis is 1,100 mac léinn idirnáisiúnta in CIT a tháinig as thart ar 125 tír. Thug Lá na Mac Léinn Idirnáisiúnta deis ar leith do na mic léinn a gcuid cultúr agus traidisiún éagsúil a thaispeáint agus iad ag foghlaim freisin faoi thraidisiúin áitiúla na hÉireann. Ghnóthaigh Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta roinnt gradam le blianta beaga agus rangaíodh é mar an "Cumann Mac Léinn is Fearr" in Éirinn. Bhí an chéad Damhsa Mór de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta ar siúl in Óstán Clarion an tráthnóna sin.
38. Ar 3 Márta 2016, bhuaill 35 fostóir as na réimsí cócaireacht, turasóireacht agus fáilteachas le mic léinn sa Roinn Turasóireachta & Fáilteachais mar chuid d'aonach bliantúil gairme na roinne. Is an-deis é an t-imeacht bliantúil seo do na fostóirí bualadh le mic léinn agus sna trí bliana seo caite bhí deis ag a lán díobh folúntais a líonadh i dtionscal méadaitheach na turasóireachta i ngeall ar an tionscnamh seo.
39. Agus é á óstú ag Coláiste Deartha & Ealaíne Crawford CIT, bhí MAKE 2016 SYMPOSIUM: Objects and Revolution ar siúl ar 5 Márta 2016 in Amharclann Stack, Ceolscoil Chorcaí CIT. Ba é MAKE 2016 an tríú sraith de Symposia bliantúla a rinne iniúchadh ar cheisteanna a bhain le déanamh agus ábhar. Thug sé onóir do chéad bliain Éirí Amach 1916 trí ról rudafí i dtráma agus athrú pearsanta agus polaitíochta a scrúdú.
40. Bhí Seachtain Nuálaíochta CIT ar siúl ó 7-11 Márta 2016 i ngach ceann de chúig champas CIT. San imeacht a sheas ar feadh seachtaine bhí raon leathan seimineár, léirithe, ceardlanna agus taispeántas ar siúl. Ba é buaic na seachtaine Duais Oifigí Áitiúla Fiontar (Corcaigh) CIT don Nuálaíocht a bhronnann €10,000 i nduaiseanna airgid orthu siúd a meastar a gcuid aireagán agus smaointe gnó a bheith ar na cinn is cruthaithí, is úire, is nuálaí agus is dóchúla go n-éireodh leo sa láthair oibre.

Gradam	Ainm Mac Léinn/ Cuideachta	Cúrsa	Cur Síos ar Tháirge
Buaiteoir Foriomlán agus teideal Fiontraí CIT na Bliana - €4,000	Vince Forde	Mac léinn 3ú Bliain Innealtóireachta	<b>GASGON</b> – Réiteach díghásúcháin do leachta ag sreabhadh
Is Nuálaí - €2,000		Mic léinn as Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Bithleighis	<b>H-Flo1</b> Feiste sábháilteachta a chuireann ar chumas oibrí é féin a scaoileadh ó chraein nó ardán má théann an fheiste F-Flo faoi uisce
Plean Gnó is Fearr- €1,500	Darren Kingston	Mac léinn 4ú Bliain san Innealtóireacht Mheicniúil	<b>Crúca Scaoilte Sábháilteachta</b> Meicníocht sábháilteachta chrúca d'earnáil na foirgníochta
Cur i Láthair is Fearr - €1,500	Wendy Ayooluwa Oke	Máistir Taighde – Oideachas Luathóige	<b>KazooCare</b> Fóram chun plé ar Oideachas Luathóige agus Seirbhísí Cúraim a spreagadh, pleananna ceachtanna agus smaointe chun cleachtadh agus cáilíocht múinteoireachta a fheabhsú agus cuireann achoimrí agus nuashonruithe ar fáil ar pholasaí nua ECEC, thionscnaimh agus nuacht ginearálta san earnáil ar fáil.
An Seastán Taispeántais is Fearr - €1,000	Níiall O'Leary, Daniel McCarthy, Diarmuid Cody, Elaine Ferro, Bryan Laffan, Cillian Farrell, Seán O'Callaghan, Tim Casey agus Mark O'Flynn	Mic léinn 3ú Bliain Innealtóireacht Mheicniúil	<b>Shelve Tech</b> Táirge atá deartha chun míreanna atá os cionn airde an cloiginn a stáiceáil agus a dhístaicéáil
<b>Gradam Nua – urraithe ag EMC</b>			
Buaiteoir Gradam Enactus Nuálaíochta Sóisialta CIT - €1,000	Alex Sheehan, Eoin McCarthy agus Myat Min	Mic léinn 3ú Bliain Innealtóireacht Bithleighis	Feiste láimhe íonúcháin uisce le cur in aghaidh an ghanntanas uisce ghlan go háitiúil agus i dtíortha an tríú domhan.

41. Thug an tUachtarán Aitheasc Fáiltithe ag Sarthaispeántas & Gradaim Bhliantúla Clár Forbartha New Frontiers a bhí ar siúl i Lárionad Nexus, Campas Bhaile an Easpaig ar 7 Márta 2016. Shonraigh an t-imeacht seo cur i gcrích Céimeanna 2 agus 3 de Chlár New Frontiers atá maoinithe ag Fiontar Éireann agus é á sheachadadh ag Lárionad Rubicon CIT. Thaispeáin spreagthóirí na dtionscadal nua a gcuid gnólachtaí go poiblí agus bronnadh teastais orthu uile chun a raibh bainte amach acu agus críoch an dianchláir a shonrú. Ba é an príomhchainteoir ag an imeacht ná Kevin Sherry Uas., Stiúrthóir Feidhmeannach Fiontar Éireann, a bhronn na teastais freisin. Mheall an t-imeacht lucht éisteachta mór de thart ar 150 duine a tháinig as na hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Ar na haíonna ar cuireadh bhí Infheisteoirí as Gnólachtaí Caipitil Aingil agus Fiontair araon.

Bronnadh roinnt Gradam ar an oíche.

Uimh.	Gradam	Faightheoir/Cuideachta
1.	Deis Gnó is Fearr agus Buaiteoir Foriomlán Chlár New Frontiers 2015	Emmet Kearney, Jumble www.Jumble.ie
2.	Gradam don Ghnó is Nuálaí	Stephen Collins, Tip Tap Tap www.tiptaptap.ie
3.	Plean Gnó is Fearr	John O’Keeffe, GYMIX www.gymix.ie
4.	Seastán Trádála is Fearr	Conor Coughlan, BlackTwist Hard Coffee www.blacktwist.ie
5.	Rannpháirtí na Bliana	Denis McCarthy, DMA Foods Ltd.

42. Ar 30 Márta 2016, chuir an tUachtarán fáilte chuig an Institiúid roimh an gCoiste ar Thionsclaíocht, Taighde agus Fuinneamh de chuid Pharlaimint na hEorpa. Ba é ba chuspóir lena gcuairt ná tuiscint a aimsiú ar obair CIT i réimse na nuálaíochta agus an taighde (glacann an Coiste treoir i dtaca le polasaí Horizon 2020 agus polasaí taighde) agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar iarrachtaí CIT le naisc idir obair thaighde agus gnó a neartú agus fiontraíocht mhic léinn a spreagadh.
43. Bronnadh Gradaim Chumainn & Ghníomhaíochtaí na Mac Léinn CIT 2016 ar 5 Aibreán 2016 i Lárionad Mac Léinn Nexus, Campas Bhaile an Easpáig. Bhronn an Dr Barry O’Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, a rinne ionadaíocht don Uachtarán, seacht nGradam Cumainn agus seacht nGradam Aonair. Labhair an t-aoichainteoir, John Looney, de chuid Charthanas Ospidéal Leanaí Chathair Chorcaí, faoin taithí 20 bliain a bhí aige mar oibrí deonach agus faoi charthanas pobail á bhunú agus a reáchtáil.

#### Gradaim Chumainn

Cumann na Bliana	Grianghrafadóireacht
Cumann Acadúil is Fearr	Innealtóireacht Cheimiceach
Cumann Nua is Fearr	Breaking the Silence
Cumann is Mó Feabhas	Guild (PC) Gaming
Sárimeacht	Cumann Ceoil – “Bare”
Gradam Rísam Uile	Cumann na Croise Deirge
Imeacht Beag is Fearr	Cumann Iarchéime – “Tráth na gCeist Boird Seachtain RAG”

#### Sáréacht i nGníomhaíochtaí Cumainn & Coláiste

Ainm	Cúrsa	Cumann
Martin Crowley	Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhForbairt Bogearraí, Bliain 3	Guild (PC) Gaming, Origami, Anime agus Manga & Drams

**Gradaim Aonair**

Ainm	Cúrsa	Cumann
Celeste Burdon	Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín, Bliain 3	Open Mic
Niamh Egan	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Bhithleighis, Bliain 3	Damhsa
Jackie Ní Fhógartaigh	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta, Bliain 3	Grianghradadóireacht
Kathlynn Punch	Baitsiléir Gnó (Onór) i Riarachán Gnó, Bliain 4	Anime & Manga
Thierry Zoller	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Leictreach, Bliain 4	Mic Léinn Idirnáisiúnta

**Mac Léinn Céad Bliana is Fearr**

Ainm	Cúrsa	Cumann
Jenny Whyte	Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Staidéar Amharclainne & Drámaíochta, Bliain 1	Sláinte Intinne

44. Chuir an tUachtarán fáilte ar 7 Aibreán 2016 chuig CIT roimh Fheidhmeannaigh Shinsearachas as cibearchuideachta slándála Ceanadabhunaithe, eSentire, a bhfuil a gCeanncheathrú Eorpach bunaithe i mBaile an Chollaigh. Ba é ba chuspóir lena gcuairt ná sonraí a fhógairt faoi Bhuanscoláireacht a bhí siad le bronnadh ar mhac léinn na céime Bainistíochta in CIT. Scoláireacht an-luachmhar í seo, atá á bunú i gcuimhne ar Fheidhmeannach Sinsearach eSentire, Yves Beretta, agus í ainmnithe mar “Scoláireacht Chuimhneacháin Yves Beretta”. Gach bliain bronnfar suim de €1,500 ar mhac léinn dara bliana agus gheobhaidh an mac léinn atá roghnaithe an scoláireacht i ngach ceann de na blianta staidéir ina dhiaidh sin dá c(h)lár céime. Thug an Roinn Ríomhaireachta de chuid CIT agus a hOifig Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht cabhair do eSentire cur fúthu i gCorcaigh agus cheana féin seachadann roinnt cúrsaí a thairgeann céimithe d’ardcháilíocht leis an eolas TF slándála is gá.
45. Bhí Tráthnóna Bliantúil Faisnéise d’Iarrthóirí LOI CIT agus é arna eagrú ag Aonad Margaíochta CIT, ar siúl ar 12 Aibreán 2016 ó 6.00-8.00 i.n. i gCampas Bhaile an Easpais. Bhí an t-imeacht dírithe ar mhic léinn Ardeistiméireachta a bhí tar éis cur isteach ar chúrsaí ag CIT agus ar mhic léinn freisin a d’fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar na roghanna “Athraigh Intinn”. Bhí deis ag an lucht freastail
- Níos mó a fhoghlaim faoin gcúrsa a bhí roghnaithe acu
  - Turas an champais agus a chuid saoráidí a thabhairt
  - Eolas faoi chóiríocht a fháil
  - Leas a bhaint as faisnéis faoi dheontais agus scoláireachtaí/sparánachtaí spóirt
  - Iad féin a chur ar an eolas maidir leis na seirbhísí éagsúla tacaíochta
  - Foghlaim faoi shaol an mhic léinn ag CIT
- Chomh maith leis na seastáin faisnéise, bhí láithreoireachtaí éagsúla ar siúl i rith an tráthnóna ar a n-áirítear cainteanna ó ionadaithe SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn).
- D’éirigh go maith leis an imeacht agus rinne breis is 500 mac léinn ionchasach agus a dtuismitheoirí agus múinteoirí freastal. Go dtí seo tá cuma dhearfach ar an aischothú.
46. Ar 13 Aibreán 2016, sheol Seirbhís Rochtana CIT foilseachán nua dar teideal “Access – the Student Voice”. D’aibhsigh an foilseachán seo scéalta pearsanta mac léinn agus céimithe a fuair tacaíocht ó Sheirbhís Rochtana CIT. Tugann an foilseachán seo, a seoladh le linn Sheachtain Fhéile Chorcaí um Foghlaim ar Feadh an tSaoil, guth do na mic léinn agus deis chun a dturas oideachasúil pearsanta a chomhroinnt. Thug a macántacht agus iad ag aibhsiú na ndúshlán a bhuaill leo ar an turas seo agus ar conas, le dóthain cúnamh, a fuair siad an lámh in uachtar ar na dúshlán sin spreagadh agus misneach agus léargas.
47. Bhunaigh an tÚAO Grúpa Oibre in 2014 chun foireann prionsabal a fhorbairt mar chabhair d’institiúidí ardoideachais chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mac léinn. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar 14 Aibreán 2016 agus aithníonn sí saineolas CIT i réimse na Rannpháirtíochta Mic Léinn trí CIT a roghnú mar phríomhinstitiúid phíolótach don Tionscnamh Náisiúnta um Rannpháirtíocht Mhic Léinn ag an ÚAO, QQI agus USI. Luaigh Príomhfheidhmeannach an ÚAO “Tá tionchar sobhraite ag na tionscnaimh rannpháirtíochta mic léinn ag CIT. Is féidir ach cuairt a thabhairt ar an gcampas

*fianaise a fháil ar conas tá na mic léinn i ngleic dáiríre le cinní a imríonn éifeacht ar a bhfoghlaim. Tharla roinnt de na tionscnaimh maidir le coinneáil agus tacaíocht mac léinn atá ag feidhmiú faoi láthair go díreach mar thoradh ar mholtaí a rinne na mic léinn iad féin. Is é sin an cineál fíor-rannpháirtíochta ar mhian linn a fheiceáil ar champais ar fud na hÉireann”.*

48. Chuir an tUachtarán fáilte roimh Seán Sherlock TD chuig an Institiúid ar 22 Aibreán 2016. D’oscail an tUasal Sherlock SciFest 2016 in Halla Nexus. Is féile náisiúnta eolaíochta í SciFest a eagraítear go réigiúnach le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus tá sí ar oscailt do gach mac léinn dara leibhéal. Cruthaíodh í chun fóram breise a chur ar fáil do mhic léinn le torthaí a gcuid imscrúduithe eolaíochta a chur i láthair agus a thaispeáint, i ndiaidh a fheabhas agus a d’éirigh le taispeántas Eolai Óg BT, atá ar siúl go rathúil ar feadh níos mó ná 40 bliain.

I mbliana cuireadh 130 tionscadal i láthair ó 300 dalta dara leibhéal. Tugadh duais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Tionscadal is Fearr do mhic léinn as Scoil na Mainistreach Thuaidh i gCorcaigh agus ba é ba theideal dá dtionscadal buach ná “A remote smoke alarm system”. Déanfaidh siad ionadaíocht do Chorcaigh ag na Craobhchomórtais níos déanaí i mbliana.

49. Thug toscaireacht de 18 bpríomhoide scoile as Ollscoil California Theas cuairt ar CIT ar 22 Aibreán 2016. Bhí siad in Éirinn chun taighde a dhéanamh ar SciFest agus conas a imríonn rannpháirtíocht in SciFest, agus aontaí eolaíochta i gcoitinne, éifeacht ar dhearcthaí na mac léinn agus na múinteoirí i leith teagaisc agus foghlaim STEM. Rinne siad freastal ar SciFest 2016 agus bhuaill le mic léinn taispeántais agus múinteoirí agus rinne teagmháil le hurraithe tionsclaíochta. Thug siad turas Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe freisin.

50. Ar 23 Aibreán 2016, d’óstaigh an Institiúid ceiliúradh cúige na Mumhan le haghaidh LearnStorm Éireann 2016. Bhí mar aidhm ag an imeacht sin éagsúlacht na mac léinn a cheiliúradh agus scoileanna a bhain barr feabhais amach agus a lean d’fhoghlaim na Matamaitice le linn an chúrsa dúshlán 9 seachtain ar líne ar Acadamh Khan. Bhailigh mic léinn sa réimse ó rang 4 go bliain 4 sa NEXUS, áit inar ghlac siad páirt i raon gníomhaíochtaí Matamaiticiúla ar a n-áirítear dúshlán Lego, dúshlán Mata agus Ceoil agus roinnt treodóireachta Mata. Bhí an t-aischothú go léir dearfach.

51. Thug an grúpa Attaché Cosanta cuairt ar CNMÉ le haghaidh sraith léachtaí Dé Luain 25 agus Dé Máirt 26 Aibreán 2016. D’óstaigh an Ceannasóir Tully an ócáid agus bhí baill d’Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Cosanta (35 duine) i láthair.

52. Chuir an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha fáilte roimh thoscaireacht ó Instituto Politécnico de Setúbal na Portaingéile ar 28 Aibreán 2016. Mar bhaill den toscaireacht bhí

- Fernanda Pestana, Leas-Uachtarán IPS
- Armando Piures, Roinn Innealtóireachta Leictrí, Scoil Teicneolaíochta Setúbal agus Leas-Uachtarán EURASHE
- Angela Lemos, Déan Scoil an Oideachais
- Boguslawa Sardinha, Déan Scoil Riarachán Gnó
- Alice Ruivo, Déan Scoil Cúram Sláinte
- Nuno Nunes, Leas-Uachtarán Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Scoil Teicneolaíochta Setúbal
- Bill Williams, Comhordaitheoir Soghluaisteachta Scoil Teicneolaíochta Barreiro

Bhí mar chuspóir ag a gcuart tús a chur le comhoibriú idir IPS agus CIT i réimsí difriúla comhleasa agus Comhaontú Déthaobhach Erasmus a shíniú.

Bhuaill siad le baill foirne ábhartha den Institiúid agus tugadh dóibh

- Láithreoireacht ar CIT
- Láithreoireacht ón Scoil Ghnó ar a n-áirítear forbheathnú ar ghníomhaíochtaí fiontraíochta agus nuálaíochta
- Cuairt ar an Monarcha Ailtireachta agus ar Roinn na Foghlama Teicneolaíocht-fheabhsaithe
- Turas Lárionaid NIMBUS agus Rubicon
- Cuairt ar an Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis

53. Ar 13 Bealtaine 2016, chuir Vivion Gough Uas., Ceann Staidéar Muirí, CNMÉ, fáilte roimh Chónaidhm Chumainn Máistrí Loinge na hEorpa (CESMA) chuig Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht Loinge. Rinne Uachtarán Institiúid Éireann na Máistrí Mairnéalaigh, Capt. Sinéad Reen, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, CNMÉ, comhordú ar an gComhdháil. Rinne toscairí as 14 thír freastal ar an imeacht seo agus ar na cainteoirí bhí an Capt. Robert McCabe, Uachtarán na hInstitiúide Muirí (7,000 de bhalraíocht dhomhanda), an Capt. Ulf Sveberg, ball de Riarachán Muirí na Sualainne, agus an Dr Paul Liston, léachtóir a bhfuil cáil dhomhanda air as Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Dlíodóir Muirí na Bliana.

54. D’fháiltigh an tUachtarán roimh Chuairt Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt chuig an Lárionad d’Ardfhótónaic & Anailís Phróisis (CAPPA) ar 17 Bealtaine 2016 mar chuid de Lá Oscailte na dTionscadal. Maoiníodh CAPPA faoi Chlár Réigiúnach

an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013 trí Chlár Teicneolaíochta Gateway de chuid Fhiontar Éireann. Tharla a gcuairt i gcomhthráth le sraith de chuairteanna tionscadail ar fud Aontas na hEorpa chun éachtaí agus tionchair mhaoiniú ERDF a aibhsíú.

55. Ar 16 Bealtaine 2016, d'fháiltigh Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta roimh 80 mac léinn ar champas don Chlár TY "Engineering your Future". Clár a bhí sa chlár seo a fuair tacaíocht ó chlár STEPS de chuid Innealtóirí Éireann a sheas ar feadh seachtaine agus a bhí teagmhálach le haghaidh mic léinn idirbhliana, agus a bhí ceaptha chun buneolas a thabhairt dóibh ar shaol spreagúil agus éagsúil na hInnealtóireachta. Le linn na seachtaine fuair na mic léinn deis eolas a fháil faoi na disciplíní Innealtóireachta atá ar fáil in CIT, bhuail siad le léachtóirí, céimithe, comhpháirtithe tionsclaíochta agus fuair deis cuairt a thabhairt ar Fhorbairt nua Oileán na Spíce, ar Aon Cé Albert, Arup Innealtóirí Comhairleacha agus ar CNMÉ.

56. Chuir an Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh agus Iompair i gcomhar le Lárionad NIMBUS na póstaer ab fhearr de chuid tionscadal na bliana deiridh in Innealtóireacht Fuinnimh Inbhuanaithe i láthair mar chuid d'imeacht Malairte Teicneolaíochta i Lárionad NIMBUS ar 23 Bealtaine 2016. Tá ceathrar céimí de chuid CIT fostaithe ag NIMBUS agus thairg NIMBUS socrúchán do chuid mhaith eile le linn na 5-6 bliana seo caite agus leanann sé de bheith ag obair i gcomhar leo i raon réimsí a bhaineann le fuinneamh. Is cuid thábhachtach é sin dá rannpháirtíocht leis an bpobal taighde agus forbartha, agus cuireann deis iontach ar fáil dár mic léinn chun torthaí a dtionscadal a phlé.

57. Tá a ghrúpa taighde bogtha ag an Dr William Whelan-Curtin, a bhfuil Deontas ERC d'ardphróifíl aige, go CIT. Is duine de na príomhúdarais é an Dr Whelan-Curtin ar mhí-ord agus cailteanas Criostal Fótótónaice agus tá na tonntreoirithe solasmhalla is fearr ar domhan go dtí seo deartha agus fóraithe aige. Fuair sé a PhD ó Ollscoil Naomh Aindriú, RA, in 2005 agus chaith sé tamall ag obair in Ollscoil Stanford. Chomhbhunaigh agus réachtálann sé seirbhís theilgcheartan NanoPIX le haghaidh fheistí nanafótónaice a sholáthraíonn d'fhoirne taighde ar fud na hEorpa samplaí saincheaptha. Ba údar agus chomhúdar é ar níos mó ná 80 paipéar irise agus faoi lathair faigheann sé níos mó ná 400 lua in aghaidh na bliana, le factóir "h" de 32.

Is fianaise é cinneadh an Dr Whelan-Curtin a dheontas ERC de €1.5m a athlonnú go CIT mar aon lena ghrúpa taighde ar neart an taighde ar an bhfótónaic atá iomaíocht go hidirnáisiúnta in Éirinn i gcoitinne agus in CIT ach go háirithe.

Aithnítear Deontais Taighde Chomhairle na hEorpa mar an fhoirse maoinithe is mó tóir le haghaidh taighde "frontier" san Eoraip agus seasann siad don chuid is suntasaí den philéar Eolaíochta Barr Feabhais den chreat Horizon 2020 nua, i dtéarmaí scála agus ardghradaim. Deontar iad do na taighdeoirí is fearr san Eoraip bunaithe ar chritéar an Bharr Feabhais amháin agus tá siad an-iomaíoch.

58. Rinne cúigear lúthchleasaí CIT ionadaíocht d'Éirinn ar 28 Bealtaine 2016 i gcomórtais Ollscoileanna Idirnáisiúnta SUCA/IUAA, in Airéana Lúthchleasaíochta Ayrshire na hAlban. Bhí 50 de na Lúthchleasaithe ab fhearr in Éirinn as 22 Ollscoil agus Institiúidí san iomaíocht in aghaidh na lúthchleasaithe ab fhearr in Albain.

59. Bhí sárthaispeántas deiridh an Chlár Gníomhaíochta Fiontraíochta Sinsearaí ar siúl ar 31 Bealtaine 2016 i Lárionad Rubicon. D'fháiltigh an tUachtarán roimh Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Chris O'Leary a bhronn na teastais chomhlíonta ar na rannpháirtithe. Fuair na rannpháirtithe deis labhairt faoina bhfoghlaim fiontraíochta agus a ngnólacht le linn dóibh a bheith ag líonrú leis an raon sainmheantóirí, lucht gairmiúil tacaíochta agus fiontraithe a raibh taithe acu a bhí i láthair.

Forbraíodh an Chlár Gníomhaíochta Fiontraíochta Sinsearaí (SEAP) mar chuid de thionscadal AE a bhí maoinithe ag Erasmus agus é dírithe orthu siúd a bhí os cionn 50 bliain d'aois, dífhostaithe agus le spéis san fhiontraíocht agus/nó i ngnólacht a thosú.

60. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamraidh ar siúl i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 20 Meitheamh 2016. Bronnadh céimeanna ar na mic léinn seo a leanas:

- 82 réamhchéimí as CNMÉ
- 1 réamhchéimí Máistir Ealaíon as an Roinn Ealaíona i gCleachtas Sláinte & Pobail
- 1 réamhchéimí Máistir Gnó as an Roinn Bainistíochta & Fiontair
- 1 réamhchéimí Máistir Eolaíochta as an Roinn Ríomhaireachta
- 1 réamhchéimí Máistir Eolaíochta as Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
- 1 réamhchéimí Dochtúir Fealsúnachta as Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
- 1 réamhchéimí Dochtúir Fealsúnachta as an Roinn Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaí

61. Sheol Barrie O'Connell Uas., Uachtarán Chumann Tráchtála Chorcaí, an Lámhleachar Oideachais Leantaigh 2016/2017 go hoifigiúil ar 20 Meitheamh 2016 i Seomra na Comhairle.



62. Chuir na baill foirne seo a leanas páipéir i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta HEAd'16 ar Dhul Chun Cinn san Ardoideachas ó 21-23 Meitheamh 2016 ag an Dámh Riarachán agus Bainistíocht Gnó de chuid Politéchnica de València sa Spáinn.

- Chuir an Dr Angela Wright, Léachtóir, sa Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla a cuid taighde féin i láthair ar an Ardoideachas in Éirinn
- Chuir Phil O'Leary as Campas Leathnaithe CIT in éineacht leis an Dr Ann Ledwith, UL, obair i láthair ar aitheantas réamhfhoghlama

63. Ghlac an tUachtarán le cuireadh ó Fhóram Oideachais na hÉireann na Síne i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chathrach Chorcaí, Comhairle Chontae Chorcaí CIT agus Cumann Lucht Tráchtála Chorcaí chun labhairt ag Fóram Oideachais Éireann Síne Mullaigh na hÁise Éireann Síne ar 29 Meitheamh 2016 in Óstán Clarion, Cé Lapps, Corcaigh. Ar na cainteoirí eile bhí

**Ráitis Thosaigh**

Alan Dukes Uas., Cathaoirleach Asia Matters  
Richard Bruton TD, Aire Oideachais agus Scileanna

**Príomhaitheasc**

Tom Boland Uas., Príomhfheidhmeannach an ÚAO

**Painéal Tionsclaíochta:**

Modhnóir: Martin Murray, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Asia Matters

**Painéalaithe:**

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT  
An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD  
An Dr Marian O'Sullivan, Stiúrthóir Ginearálta, An Foras Riaracháin  
An tOllamh Xiaochuang Wu, Céad Rúnaí, Oideachas, Ambasáid na Síne in Éirinn  
An Dr Oliver Murphy, Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí  
An Dr Michael Murphy, Uachtarán UCC

Rinne Scoil Ghnó CIT cuid den imeacht a chomhóstú ar 30 Meitheamh 2016 i bhfoirgneamh na Turasóireachta & an Fháilteachais, CIT.

64. Bhí an Chomhdháil Bhliantúil den Chumann Idirnáisiúnta do Mhargaíocht Phoiblí agus Neamhbhrabúis (IAPNM) ar siúl in CIT ar 5 agus 6 Iúil 2016. D'óstaigh Maurice Murphy, Léachtóir sa Roinn Bainistíochta agus Fiontair an Chomhdháil agus thug sé páipéar freisin, a raibh Kieran Geary ina chomhúdar air. Déanann an páipéar "Health Service Delivery: does it need to be changed for men" iarracht scrúdú a dhéanamh ar réimse sláinte na bhfear agus molann straitéisí le haghaidh seirbhísí sláinte príomhshrutha chun go gcuirfeadh na fir spéis níos mó ina sláinte féin.

## 7.2 Forbairt Campais

### 1. AIRÉANA CIT



#### Cur Síos:

Tá an foirgneamh ilchuspóireach Airéana CIT lena úsáid le haghaidh 3 phríomhfheidhm: spórt agus folláine; ealaín agus cultúr; acadúil/oideachas. Tá an foirgneamh atá beartaithe 3,350mcr agus cuimsíonn sé halla spóirt 8 gcúirt iomlána; giom iomlán carda/meáchana; saoráidí athraithe éadaí; agus roinnt seomraí ilfheidhmeacha/tionscadail.

#### Stádas an Tionscadail:

Tá Cead Pleanála, Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus Teastas Rochtana Míchumais faighte.

Faoi láthair tá an tionscadal ar feitheamh.

### 2. ATHCHÓIRIÚ AR ÁRAS MELBOURN - CÉIM 4 – IAROIFIGÍ TYCO



#### Cur Síos:

Is éard atá san obair ná athchóiriú ar an gcéad urlár d'iaroifigí Tyco le haghaidh Seirbhísí TF i bhFoirgneamh Melbourne agus oifig amháin ar an mbunurlár d'Oifig Earcaíochta AD. Is é an t-achar iomlán atá le cóiriú ar an dá urlár ná 420mcr.

#### Stádas an Tionscadail:

Cuireadh staidéar féidearthachta le leaganacha amach agus réamhbhuiséad ar chostais i láthair i bhFeabhra 2015; cuireadh tús leis an obair ar an suíomh i mí Iúil 2015.

Cuireadh an tionscadal i gcrích i nDeireadh Fómhair 2015.

### 3. ATHCHÓIRIÚ AR ÁRAS MELBOURN – CÉIM 5 – FEISTIÚ BUNURLÁIR



**Cur Síos:**

Is é atá sa tionscadal ná an bunurlár a fheistiú (taobh theas) d'fhoirgneamh Melbourn. Is é an t-achar iomlán ná 470mcr.

**Stadas an Tionscadail**

Cuireadh staidéar féidearthachta le leaganacha amach agus réamhbhuiséad ar chostais agus clár i láthair i bhFeabhra 2015.

Tá an tionscadal ar feitheamh faoi láthair.

### 4. 46 SRÁID AN CHAPAILL BHUÍ



**Cur Síos:**

Cheannaigh CIT Sráid an Chapail Bhúí i Lúnasa 2015. Tá ollachar urláir de 1260mcr ag an bhfoirgneamh agus glanachar de 920mcr ar 4 urlár.

**Stádas an Tionscadail:**

Tá cóiríocht le bheith ar fáil san fhoirgneamh le haghaidh mic léinn CEDC CIT atá suite faoi láthair i gCé Uí Shúilleabháin. Tá cead faighte le haghaidh athrú úsáide. Tá curtha isteach ar theastas sábháilteachta dóiteáin agus ar theastas rochtana míchumais.

Tá an tionscadal ag céim an mhiondearaidh agus ba chóir go rachadh sé chun tairisceana i Meán Fómhair 2016.

## 5. FEISTIÚ SAOTHARLAINNE C154



### Cur Síos:

Baineadh úsáid as an tsaotharlann bhunaidh C154 mar shaotharlann iarchéime agus bhí cóiríocht inti do 24 mac léinn. Bhí sí mí-oiriúnach lena húsáid mar shaotharlann iarchéime de bhrí nach raibh aon uisce go dtí na binsí. Suiteáladh na binsí nua saotharlainne mar bhinsí oileáin atá níos oiriúnaí do shaotharlanna teagaisc. Chuimsigh an tionscadal athchóiriú iomlán ar an seomra (85mcr), troscán nua, M&E, urlárta agus suiteáil AV.

### Stadas an Tionscadail:

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin in Aibreán 2015 agus tugadh an tsaotharlann ar láimh i nDeireadh Fómhair 2015.

## 6. FEISTIÚ SAOTHARLAINNE C149



### Cur Síos:

Baineadh úsáid as an tsaotharlann bhunaidh C149 mar shaotharlann iarchéime agus bhí cóiríocht inti do 16 mac léinn. Bhí sí mí-oiriúnach lena húsáid mar shaotharlann iarchéime de bhrí nach raibh aon uisce go dtí na binsí. Suiteáladh na binsí nua saotharlainne mar bhinsí oileáin atá níos oiriúnaí do shaotharlanna teagaisc. Chuimsigh an tionscadal athchóiriú iomlán ar an seomra (100mcr), troscán nua, M&E, urlárta agus suiteáil AV.

### Stadas an Tionscadail:

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin in Aibreán 2015 agus tugadh an tsaotharlann ar láimh i bhFeabhra 2016.

## 7. SUITEÁIL CHÓRAS CHP A DEONÚ SA PHRÍOMHFHOIRGNEAMH




### Cur Síos:

Thairg an Chuideachta UTRC (comhpháirtithe taighde NIMBUS-bhunaithe) aonad CHP a bhí beagnach nua a dheonú do CIT lena úsáid ag an gCampas i mBaile an Easpaig. Tá acmhainn ag an aonad 315kW leictreachais a tháirgeadh agus 400kW teirmeach ag an am céanna. Éascóidh an t-aonad CHP seo athshuíomh an aonaid CHP atá ann cheana don fhoirgneamh Turasóireachta agus na coirí gáis adhainte neamhéifeachtacha a athsholathar ar an gcaoi sin.

### Stádas an Tionscadail:

Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2015. Rinne BSL giniúint leictreachais ar shuíomh a theastasú in Eanáir 2016 agus úsáid an fhuíollteasa chun gach Foirgneamh, Bloic A go D, a théamh.

## 8. LEABA TÁSTÁLA TÉIMH CEANTAIR UTRC/CIT



### Cur Síos:

Déanfar an córas téimh atá ann cheana féin a uasghrádú go cineál bonneagair téimh ceantair chun leaba tástála bheo thurgnamhach a chur ar fáil chomh maith le téamh comhsheasmhach d'úsáideoirí an fhoirgnimh trí mheán rialtán cliste a mbeidh mar thoradh orthu éifeachtachtaí níos mó fuinnimh sa chóras. Déanann UTRC 80% den chostas Dearaidh, Tógála agus Seachadta a bhaineann leis an tionscadal seo a mhaoiniú; maoineoidh CIT an fuílleach de 20%.

### Stádas an Tionscadail:

Cuireadh críoch le hinsealbhú an tionscadail in 2015. Tá plean ag UTRC taighde a dhéanamh ar an gcóras le linn na 5.5 bliana seo chugainn.

## 9. UASGHRÁDÚ CEANTÍN CÉIM 1



### Cur Síos:

Forbraíodh coincheap dearaidh foriomlán don Phríomhcheaintín. Rinne an Student Services Company é sin a choimisiúnu. Ba é an chéad chéim ná roinnt suíochánra botha imlíneach agus roinnt achar seirbhíse a insealbhú.

### Stádas an Tionscadail:

Cuireadh an tionscadal i gcrích i Meán Fómhair 2015.

## 10. ATHCHÓIRIÚ CEANTÍN CÉIM 2



Roimhe

Ina dhiaidh

### Cur Síos:

Rinneadh scrúdú ar roghanna éagsúla chun an t-úrlár (750mcr) sa phríomhcheaintín a athsholáthar. Ba é an réiteach deiridh ná na tíleanna a bhaint as agus urlár roisín gan uaim a chur ina áit.

### Stádas an Tionscadail:

Rinneadh an obair i mí na Nollag 2015 le linn laethanta saoire na Nollag agus athosclaíodh an ceaintín in Eanáir 2016.

## 11. STÓRAS CEIMICEÁIN



### Cur Síos:

Rinneadh athbhreithniú ar stóráil na gceimiceán a úsáideann ranna agus feidhmeanna i Lúnasa 2015. Ina dhiaidh sin rinneadh measúnú riosca a raibh san áireamh ann rialaitheoirí agus oibreacha cóireála a bhí beartaithe chun an riosca foriomlán a bhaineann le stóráil cheimiceán ar an gcampas a laghdú: Bloic A go D.

### Stádas an Tionscadail:

Cuimsíonn an réiteach athchóiriú stórais C260 atá ann cheana féin agus caibnéid cheimiceáin a chur ar fáil laistigh de roinnt saotharlanna.

## 12. MOIL STAIDÉIR LEABHARLAINNE



### Cur Síos:

Rinneadh staidéar féidearthachta in 2015 chun moil staidéir a thógáil sa leabharlann. Ina dhiaidh sin rinneadh iarratas ar theastas dóiteáin do 8 seomra. Tugadh cead 5 sheomra a thógáil.

### Stádas an Tionscadail:

Cuireadh tús leis an obair i Lúnasa 2016 agus tá na seomraí le bheith críochnaithe i Meán Fómhair 2016.

## 13. SIOPA RAON LÚTHCHLEASAÍOCHTA



### Cur Síos:

Sainithníodh an gá le siopa buan a bheith ann chun freastal ar imeachtaí lúthchleasaíochta ag Staidiam Raon Lúthchleasaíochta CIT.

### Stádas an Tionscadail:

Críochnaíodh tógáil an tsiopa Raon Lúthchleasaíochta in Aibreán 2016.

## 14. SEOMRAÍ GLÉASTA RAON LÚTHCHLEASAÍOCHTA



### Cur Síos:

Seomraí feistis fir agus mná le cithfholcthaí agus saoráidí leithris laistiar de sheastán an raon lúthchleasaíochta.

### Stádas an Tionscadail:

An tionscadal curtha i gcrích Meitheamh 2016.

### 15. ATHCHÓIRIÚ SEOMRAÍ GLÉASTA BLOC G GO 3 SHEOMRA RANGA



**Cur Síos:**

Seanseomraí gléasta foirne a athrú isteach ina seomraí seimineáir/ranga a bhí sa tionscadal.

**Stádas an Tionscadail:**

An tionscadal curtha i gcrích Meitheamh 2016.

### 16. TIONTÚ ATHDHROMCHLAI THE NA PÁIRCE ASTROTURF & FÁLÚ NUA IMLÍNEACH



**Cur Síos:**

Athsholáthar dromchla sheanchaite Hacaí le dromchla nua sintéiseach 4G mar aon le athsholáthar seansonsa shlabhraigh le fálú mogaill níos airde.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh tús leis an tionscadal le linn samhradh 2016 agus tá sé le bheith críochnaithe faoi dheireadh Mheán Fómhair 2016.

### 17. BAINISTÍOCHT RIOSCA SAORÁIDÍ



**Cur Síos:**

Tá Campas Bhaile an Easpaig ag brath go mór ar an bhfoirgneamh bunaidh den bhliain 1974 (Bloic A go D) agus ar fhoirgnimh eile (Bloic E, F & G) chun cóiríocht seomraí ranga, oifigí foirne agus seirbhísí coimhdeacha, amhail ceantair phroinne, seomraí caidrimh, saoráidí seomraí nócháin a chur ar fáil. Tá gá ag na foirgnimh sin le hoibreacha móra chun freastal ar riachtanais reatha úsáideora agus tá siad i ngá le huasghrádú mór chun riachtanais na reachtaíochta reatha a chomhlíonadh, mar shampla, Sláinte, Sábháilteacht & Leas ag an Obair, Acht Seirbhísí Dóiteáin, Acht Comhionanais, Acht Míchumais 2005, etc.

**Stádas an Tionscadail:**

Le gur féidir le CIT na príomhriachtanais a bhfuil gá ag na saoráidí leo a chomhlíonadh agus chun na riachtanais sin/na hoibreacha atá le déanamh a shocrú ar bhealach loighciúil, i.e. na hoibreacha is airde tosaíocht i dtús báire, forbrófar Samhail Bhainistíochta Riosca.

Tá Céim 1 den phróiseas sin, Sainiú Riosca, curtha i gcrích. Braitheann Céim 2 ar mhaoiniú.



## 7.3 Bainistiú ar Sábháilteacht Saoráidí

Le linn 2015/2016, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú de réir mar ba ghá ar cháipéisíocht agus ghnáthaimh an Chóras Bainistithe Sábháilteachta. Rinneadh iad a uaslódáil ar Inlón na foirne (Gateway) le gur féidir le gach ball foirne teacht orthu de réir mar is gá. Leanadh d'fhaisnéis a thabhairt ar an gCóras Bainistithe Sábháilteachta do Bhaill Foirne Roinne agus tugadh na faisnéisithe sin do dheich roinn sa tréimhse sin.

Leanadh den fhócas a bheith ar Mheasúnuithe Riosca a nuashonrú ar fud na hInstitiúide, go háirithe san Fhoirgneamh Riaracháin, Acmhainní Daonna, Airgeadas, Iontrálacha, Foirgnimh & Eastáit agus Foghlaim Teicneolaíocht-fheabhsaithe. Rinneadh measúnú ar stáisiúin oibre Threalamh Scáilián Taispeána do gach ball foirne agus tiomsaíodh agus eisíodh tuairiscí aonair. Rinneadh measúnú riosca sna ceantair chomónta go léir (dorclaí, staighrí etc.) ar fud Champas Bhaile an Easpaig agus eisíodh tuairiscí. Ullmhaíodh agus cuireadh i ngníomh gnáthaimh athbhreithnithe treorach le haghaidh Bainistiú Imeachta ag CIT.

Rinne Cantwell & Keogh measúnú sábháilteachta dóiteáin maidir leis an líon áitíochta sa Nexus agus sna ceantair dorchla i mBloc C. Rinneadh measúnú riosca do Bhloic A – D chun tionscadail tosaíochta a shainaithint ar bhonn riosca le déileáil leo sna ceantair sna foirgnimh is sine. Maidir leis na cathaoireacha le húsáid le Trealamh Scáileáin Taispeána ar fud CIT, reáchtáladh próiseas tairisceana agus sainathníodh cineálacha difriúla de chathaoir oiriúnach lena cheannach don Institiúid uile.

Leanadh de chlár píolótach a úsáideann Córas Bainistíochta Cáipéisíochta Sábháilteachta néalbhunaithe (Bogearraí Éifeachtach) a reáchtáil sa Lárionad Staidéar Ceardaíochta in 2015/2016.

### Oiliúint Sábháilteachta

Cuireadh Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta mar seo a leanas:

- Sainaithint Ghuaise agus Measúnu Riosca
- Feasacht ar Shábháilteacht Cheimiceáin
- Teastasú Tiománaí Forcardaitheora
- Oiliúint ar Ardán Oibre Ardaithe Soghluaiste (MEWP)
- Múchtóir Dóiteáin agus Maor Dóiteáin
- Córais Bhraite Gáis agus oiliúint fhreagróra
- Measúnóir Aonad Fístaispeána
- An Chéad Fhreagróir Cairdiach
- Garchabhair Oibre
- An Chéad Fhreagróir Éigeandála
- Láimhseáil Láimhe agus Teagascóir Láimhseála Láimhe
- Traenáil Ionadaí Sábháilteachta
- Faisnéisiú ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta

### Tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta

Ag eascairt as athbhreithniú iomlán ar stóráil agus úsáid cheimiceán contúirteach ag CIT, cuireadh tús le dhá thionscadal atá faoi láthair ag céim an dearaidh d'fhonn feabhas a chur ar an gceantar stórála istigh i mBloc C agus ceantair nua dílsithe stórála a chur ar fáil sa chlós seirbhíse. Táthar ag súil leis an stóras ceimiceáin istigh a bheith críochnaithe faoi dheireadh Eanáir 2017.

### Timpistí/Teagmhais CIT ó Mheán Fómhair 2015 – Lúnasa 2016

Tuairiscíodh 100 timpiste ar fad, ar rangáidh 61 díobh mar Bhosca Garchabhrach. Is miontimpistí iad sin ar cuireadh cóireáil orthu ar an láthair gan gá le gníomhaíocht ar bith eile, i.e. cóireáil steiriúil curtha ar chréacht nó Watergel curtha ar mhiondó. Tuairiscíodh 47 teagmhas eile freisin, a bhféadfaí cur síos orthu mar theagmhais a bhain le leigheas nó neasteagmhais nuair nár tharla aon ghortú.

Léiríonn 147 timpiste agus teagmhas ina n-iomláine méadú mór ar an líon de 92 do 2014/15. Is féidir an spíce seo i dtimpistí tuairiscithe a chur síos don Roinn na Turasóireachta & an Fháiilteachais a bheith sásta gach timpiste a thuairisciú in ionad claonadh gan ach na timpistí tromchúiseacha a thuairisciú.

#### Staitisticí Timpiste/Teagmhais (01/09/2015 – 31/08/2016)

Mí	Timpistí	Bosca Garchabhrach (Áirithe le Timpistí)	Teagmhais (teagmhais leighis/ neasteagmhais)	Inbhagach don Bheatha	Glaonna ar Otharcharr	Glaonna ERT
Meán Fómhair	14	11	11	1	1	10
Deireadh Fómhair	33	29	7	1	1	12
Samhain	14	5	9	3	5	15
Nollaig	1	0	4	0	3	4
Eanáir	4	0	0	0	0	1
Feabhra	10	5	7	0	1	9
Márta	12	5	4	0	1	4
Aibreán	10	4	2	0	0	2
Bealtaine	1	1	2	0	0	1
Meitheamh	1	1	0	0	0	1
Iúil	0	0	1	0	0	0
Lúnasa	0	0	0	0	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>100</b>	<b>61</b>	<b>47</b>	<b>5</b>	<b>12</b>	<b>59</b>

#### Coiste Sábháilteachta CIT

Ar an iomlán réachtáladh cruinnithe den Choiste Sábháilteachta mar a bhí sceidealaithe ar feadh na tréimhse.

## 7.4 Pointí Teagmhála

### INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: [www.cit.ie](http://www.cit.ie)

#### CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

**Seoladh**

Baile an Easpaig, Corcaigh

**Teileafón**

+353 21 432 6100

#### CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

**Seoladh**

Cé na hAontachta, Corcaigh

**Teileafón**

+353 21 480 7300/310

**Facs**

+353 21 454 7617

**Gréasán**

<http://csm.cit.ie>

#### COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

**Seoladh**

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

**Teileafón**

+353 21 433 5200

**Facs**

+353 21 433 5201

**Gréasán**

<http://ccad.cit.ie>

#### COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

**Seoladh**

Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí

**Teileafón**

+353 21 497 0600

**Faics**

+353 21 497 0601

**Gréasán**

[www.ncmi.ie](http://www.ncmi.ie)



Arna fhoilsiú ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,  
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.  
© Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Meitheamh 2018

**Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin**

**Tabhair faoi deara:**

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisneis ata anseo cruinn.  
Ní ghlacann an Institiúid freagracht as aon dliteanas i ngeall ar earráid ar  
bith atá inti.

**E&OE**

**Aistritheoir**

Niall Ó Murchadha

